

www.gaelsceal.ie

**Feachtas leanúnach na n-easaontóirí poblachtacha**
L. 4





**Tinte ealaíne le feiscint** L. 21



**Seanscoil chéanna Seanscéal céanna**
L. 16



**Comórtas Snámha na hEorpa** L. 29

ISSN 2009-3055

# Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

**€1.65** (£1.50)
Uimh. 21

13.08.2010

# €100k chun gach altra síciatrach a oiliúint

## Ach ní féidir iad a fhostú in Éirinn

**Meadhbh Ní Eadhra**

IN ainneoin go mbeidh na céadta altra nua ag cáiliú in Éirinn i gceann seachtaine nó dhó, tá géarchéim ann i measc seirbhísí meabhairshláinte sa tír seo, dar le tuairisc a d'fhoilsigh an Comhlachas Altraí Síciatracha (PNA) an tseachtain seo. "A Mental Health Service in Crisis" an t-ainm atá ar an tuairisc.

"Ní rud nua é seo," ar sí. "Bhí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) ar an eolas faoi, ach níl sé de chumhacht acu tuilleadh altraí a fhostú. Cuirtear bac orthu mar gheall ar an mhoratóir rialtais ata i bhfeidhm."

Dar leis an PNA, caithfear na rialacha a bhaineann leis an moratóir seo a mhaolú ionas gur féidir dul i ngleic leis an ngéarchéim seo.

"Rachaidh formhór d'altraí nua na tíre seo go Meiriceá, Sasana, an Astráil, nó go tíortha eile thar lear," a deir urlabhraí.

*Ar lean ar leathanach 3*

## Spotaí & Stríocaí

GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND



**Amy Huberman & Keith Duffy ag seoladh fheachtas spraoi Cadbury, 'Spots V Stripes'. Moltar d'iomaitheoirí dhá fhoireann a dhéanamh, cluiche ar bith a imirt, agus pointí a bhailiú i dtreo ollscór foirne ar www.spotsvstripes.com.**

## IDIRNÁISIÚNTA

### Sleamhnuithe láibe sa tSín

**Meadhbh Ní Eadhra**

TÁTHAR ag maíomh gur thug eolaithe Síneacha rabhadh 13 bliana ó shin faoin mbaol a bhaineann le difhoraoisiú a dhéanamh i limistéir íogaire comhshaoil. Tá gar do 2,000 duine marbh mar gheall ar shleamhnuithe láibe sa tír le déanaí. Cé gur báisteach throm ba chúis le formhór na sleamhnuithe láibe sa tír, tá foinsí ag rá go raibh siad i bhfad níos measa mar gheall ar an difhoraoisiú. Gearradh 313,000 acra foraoise i Zhouqu idir 1952 agus 1990, ag cur le baol na sleamhnuithe láibe.

### Níl fórsaí na hIaráice 'réidh' le dul i gceann ar an tír

**Caitríona Ní Chadhain**

DAR leis an Oifigeach Míleata is sinsearaí san Iaráic, ní bheidh a fórsaí slándála ábalta dul i gceann ar an tír go dtí 2020 agus d'iarr sé ar na Stáit Aontaithe moill a chur lena dtarraingt siar. Tá sé i gceist ag rialtas Mheiriceá a dtrúpaí comhraic a tharraingt as an tír faoi dheireadh na míosa seo, agus go mbeidh na trúpaí ar fad imithe faoi dheireadh 2011. Dúirt an Leifteanant-Ghinearál Babaker Zerbari nach raibh a fhórsaí réidh le dul i ngleic leis an tír leo fhéin go fóill. Tá sé ráite ag an Teach Bán áfach go bhfuil na Stáit Aontaithe fós ar sprioc chun na trúpaí a tharraingt siar ón Iaráic.

## Cainteanna idir na Rialtais is na Grúpaí Easaontacha Poblachtacha

**Danny Brown**

TÁ sé dearbhaithe anois ag Martin McGuinness go bhfuil rialtas Shasana agus rialtas na hÉireann ag caint le grúpaí easaontacha poblachtacha.

Ag labhairt le Radio Ulster Déardaoin, dúirt sé nár thuig sé an fáth go raibh an dá rialtas ag séanadh go poiblí go raibh cainteanna ar siúl idir iad agus na grúpaí atá iontach gníomhach le tamall anuas nuair a bhí a fhios aige féin go raibh a leithéid ag tarlú.

Bhí sé féin agus baill eile de Shinn Féin páirteach i gcainteanna le rialtas na Breataine chomh fada siar le tús na 80í agus dúirt sé ar an chlár raidió go raibh nathanna cainte ag na húdaráis le cur ina luí ar dhaoine nach raibh cainteanna ag tarlú nuair a bhí a mhalairt fíor.

Dúirt sé fosta go bhfuil sé go mór i bhfách le comhchainteanna agus gur sin an t-aon bhealach chun tosaigh sna Sé Chontae.

Mhaígh Owen Paterson, Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann, an tseachtain seo caite go raibh polasaí ag an rialtas gan bheith ag caint le daoine nár chleacht modhanna síochánta polaitíochta.

## "Óglaigh na hÉireann" lánábalta an PSNI a ionsaí

**Danny Brown**

LE cúpla seachtain anuas, tá sé cruthaithe ag 'easaontóirí' poblachtacha sna Sé Chontae gur féidir leo ionsaithe marfacha a dhéanamh ar bhaill den tSeirbhís Phóilíneachta.

Dé Máirt na seachtaine seo, thit buama as faoi charr iar-phóilín atá ag obair go fóill leis an PSNI nuair a bhí sé ag tiomáint chuig a chuid oibre taobh amuigh den Chorr Chríochach i gContae Thír Eoghain.

Níl amhras ar bith ann ach gur mhéadaigh na heasaontóirí ar a gcuid ionsaithe le tamall anuas.

Rinne siad ionsaí ar shaighdiúir de chuid Arm na Breataine i mBeannchar i gContae an Dúin Dé Céadaoin seo caite agus Dé Sathairn rinne siad ionsaí ar phóilín eile i gCill Chaoil sa chontae céanna.

*Ar lean ar leathanach 4*

# 1 NUACHT NÁISIÚNTA

## Alt conspóideach imithe as reachtaíocht úr ar dhlí na mórshiúlta

**Danny Brown**

BHÍ ar an rialtas ó thuaidh athruithe móra a dhéanamh ar dhlí úr a bhaineann le mórshiúlta i ndiaidh agóidí agus gearán ó ghrúpaí pobail agus ceardchumainn.

Mar chuid de chlár an rialtais, dúradh go ndéanfadh siad athbhreithniú ar an dlí maidir le mórshiúlta, go háirithe na mórshiúlta conspóideacha de chuid an Oird Oráiste.

Ach nuair a chuir siad a gcuid moltaí os comhair an Chomhthionóil ag Stormont, bhí ailt sa reachtaíocht a chuaigh níos faide ná mar a shíl duine ar bith.

Mar shampla, bheadh cosc ar chruinniú ar bith amuigh faoin aer ina mbeadh níos mó ná 50 duine páirteach muna mbeadh fógra 37 lá tugtha ag lucht a eagraithe do na póilíní.

Chuir an t-alt sin go háirithe fearg ar na ceardchumainn agus ar ghrúpaí pobail agus bhí urlabhraithe thar ceann na ngrúpaí sin go minic ar an raidió agus ar an teilifís ag cáineadh na moltaí.

Ní raibh na hoird dhílse sásta ach oiread leis an dlí úr agus dhiúltaigh an tOrd Oráisteach páirt a ghlacadh i gcainteanna leis an rialtas ar an dlí úr.

Ní raibh leisce ar bith ar urlabhraithe Shinn Féin agus an DUP na moltaí a chosaint sna meáin, áfach, agus dúirt siad go raibh an reachtaíocht de dhíth go géar le stop a chur leis an fhoréigean a bhain le mórshiúlta conspóideacha.

Anois, áfach, tá an t-alt conspóideach imithe as an reachtaíocht bheartaithe.

Dúirt Peter Robinson leis an BBC Déardaoin nach raibh rún riamh acu cur isteach ar chead daoine agóid a dhéanamh agus go léireodh na leasuithe úra é sin.

Dheimhnigh sé fosta go mbeadh an reachtaíocht úr bunaithe ar Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine.

## Cith Cumhachtach




**Ná bac le 'flower power' - tá sé in am don 'ESB Shower Power' ag an Electric Picnic. Sheol an fear grinn Karl Spain, Nadia Forde & Jenny Lee Masterson an feachtas, ina mbeidh buíonta de 30 duine ag úsáid rothair chun cith leictreach a chumhachtú ag an bhféile cheoil.** GRIANGHRAF: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

## Triúr fear dá gceistniú tar éis urghabháil cannabais €1.2m

**Oisín Mac Donnacha**

GABHADH triúr fear, 24, 28 agus 44 bliain d'aois, i gclós i mBaile Bachaille, Baile Átha Cliath, oíche Dé Céadaoin agus iad ag bogadh 100kg de channabas luibhe de luach €1.2 milliún ó veain amháin go veain eile. Ceistníodh na fir i Stáisiún na nGardaí i mBaile Mhunna agus Fionnghlas agus coinníodh iad faoi Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil.

Bhí Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána agus an tAonad um Choireacht Eagraithe bainteach leis an urghabháil.

Deir na Gardaí go bhfuil drong drugaí i mBaile Átha Cliath atá faoi fhiosrúchán ag Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána.

## Neamhspleáchas Fuinnimh na hÉireann

**Caitríona Ní Chadhain**

TÁ an acmhainneacht ag Éirinn chun neamhspleáchas fuinnimh a bhaint amach ag úsáid acmhainní fuinnimh in-athnuaite, dar le John Travers, údar agus Príomhfheidhmeannach 'Acmhainní Fuinnimh Malartacha.'

Tá trí huaire an méid iomlán fuinnimh atá ag teastáil in Éirinn le fáil anseo thart timpeall orainn ó fhoinsí in-athnuaite, b'shin é an phríomh-theachtaireacht a bhí ag Travers agus é ag caint ag Nova UCD inné agus é ag seoladh a leabhair nua, 'Green & Gold - Ireland a Clean Energy World Leader?'

"Is féidir le fuinneamh glan cuidiú le hÉirinn a shábháil ó na dúshláin eacnamaíochta agus fuinnimh atá roimpi," a dúirt Travers, "Tá gaotha againn atá i measc na ngaoth is láidre ar domhan, agus tonnta ag teacht isteach atá i measc na dtonnta is cumhachtaí ar an phláinéad."

Dúirt sé freisin go bhfuil an cumas ann chun 100,000 post a chruthú trí úsáid cheart a bhaint as fuinneamh in-athnuaite agus gur féidir le 20% de riachtanais fuinnimh na hÉireann teacht ó fhoinsí in-athnuaite i rith na gcéad deich mbliana eile.

## Scrios ar Halla Oráisteach i dTír Eoghain

**Caitríona Ní Chadhain**

Tá tine tar éis scrios a dhéanamh ar halla Oráisteach i Pomeroy i gcontae Thír Eoghain .

Glaodh ar na seirbhísí éigeandála ag thart ar 3r.n. maidin Déardaoin.

Tá an PSNI ag fiosrú an cháis.

Baineann dhá lóiste Oráisteacha áitiúla, *Royal Black Preceptory*, banna píopaí agus banna fliúit úsáid as an halla. Tá an foirgneamh os cionn 100 bliain d'aois. Dúirt Richard Reid, iontaobhaí an halla, go ndéanfar atógáil air nuair a gheobhaidh siad cúiteamh.

Cháin an Leas-Chéad-Aire, Martin McGuinness, an t-ionsaí, ag rá; "níl sé seo ceart agus caithfear é a cháineadh, is soiléir gurb é an aidhm atá leis an ionsaí seo ná an teannas a ardú roimh pharáid na mBuachaillí Printíseacha ag an deireadh seachtaine."

Rinneadh ionsaí coirloisctha ar an halla i Samhain 2008 freisin.

Dúirt an Ball Comhthionóil áitiúil de chuid an DUP, Ian Mc Crea, gur "soiléir gur ionsaí seicteach a bhí ann."

## Larry Murphy Scaoilte Saor ón Phríosún

**Caitríona Ní Chadhain**

D'FHÁG Larry Murphy príosún Chnoc an Arbhair maidin inné i ndiaidh 10 mbliana go leith de phianbhreith 15 bliana a chaitheamh sa bpríosún. Ciontaíodh Murphy mar gheall ar éigniú agus iarracht ar dhúnmharú mná as Ceatharlach i Sléibhte Chill Mhantáin in 2000.

Faoin Acht um Chiontóirí Gnéis, caithfidh ciontóirí gnéis Gardaí a chur ar an eolas faoi cá bhfuil siad le cur fúthu taobh istigh de sheacht lá tar éis dóibh a bheith scaoilte saor. Bhí Murphy mar amhrastach i roinnt cásanna de mhná ag imeacht ar iarraidh sna 1990í chomh maith.

**Gaelscéal**
Teileafón: 00353-91-536201

**Trevor Ó Clochartaigh**
Bainisteoir Tionscadail
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

**Patricia Ní Chonghaile**
*Comhordaitheoir Táirgíochta*
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

**Ciarán Dunbar**
*Eagarthóir*
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

**Treasa Bhreathnach**
*Soláthróir Ábhair*
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

**Gráinne McElwain**
*Soláthróir Ábhair*
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

**Meadhbh Ní Eadhra**
*Soláthróir Ábhair*
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

**Círéib nó ospidéal? : Foréigean sna haonaid síciatrachta**

# €100k chun gach altra síciatrach a oiliúint

## Ach ní féidir iad a fhostú in Éirinn

*Ar lean ó leathanach a haon*

“Ní féidir iad a fhostú anseo mar gheall ar mhoratóir an rialtais. Go dtí go socraíonn an rialtas deireadh a chur leis an moratóir, ní bheidh an HSE in ann altraí a fhostú.”

Maíonn an PNA go gcosnaíonn sé €100,000 gach altra a oiliúint agus nach ndéanann sé ciall go mbeadh an oiread sin altraí nua ag imeacht ón dtír ag lorg oibre.

Tá sonraí scanrúla le léamh sa tuairisc seo faoi eachtraí éagsúla atá tarlaithe le déanaí in ospidéil na hÉireann agus is léir go bhfuil go leor fadhbanna sa chóras maidir le heaspa altraí ag obair sna haonaid.

Deir Ard-Rúnaí an PNA, Des Kavanagh, go bhfuil “géarchéim i ndiaidh géarchéime” ag tarlú sna seirbhísí meabhairshláinte “ar bhonn laethúil.” Dar leis tá easpa altraí ag obair sna seirbhísí meabhairshláinte agus tá go leor acu ag éirí as go luath mar gheall ar dhrochchoinníollacha oibre agus strus. Maíonn an tUasal Kavanagh go bhfuil méadú “ollmhór” i ndiaidh teacht ar fhéinmharú, féinghortú agus foréigean i measc na n-othar. Rinne sé cur síos ar na hospidéil agus na haonaid síciatrachta mar “thimpeallacht fhíorscanrúil”.

D’éirigh 20% d’altraí síciatracha as le dhá bhliain anuas. Anuraidh, d’éirigh 596 altra as a bpoist agus d’éirigh líon an-ard de 1500 altra as le trí bliana anuas.

Mar gheall air seo, maíonn Kavanagh nach féidir déileáil i gceart le riachtanais na n-othar.

“Tá an córas ar fad ag brath ar ragobair, ar altraí gníomhaireachta agus ar altraí a d’éirigh as roimhe seo ach a bhfuil brú á chur orthu filleadh ar an lucht oibre,” ar sé. “Níl sé seo sásúil agus níl sé ar leas na n-othar ná na n-altraí.”

Cúis imní atá ann go bhfuil an oiread sin foréigin ann i measc na n-othar agus go raibh gá le Gardaí i bhfeisteas círéibe a thabhairt isteach go hionaid ar leith, nach bhfuil ainmnithe sa tuairisc.

“Tá leibhéil an-arda d’fhoréigean sna haonaid seo,” a deir Kavanagh. “In ospidéal Thamhlachta an tseachtain seo, chuir othar amháin an t-aonad trí thine. D’éirigh linn na hothair go léir a bhogadh ón áit ach tá beirt altra amuigh tinn anois mar gheall ar dhónna agus ionanálú deataigh.”

An tseachtain seo caite, bhris othar eile tríd an tsíleáil san ionad agus cheangail sé é féin i sreanga leictreacha.

“Go minic, bíonn muid ag brath ar na Gardaí teacht isteach,” a deir Kavanagh. “Tá níos mó agus níos mó slándálaithe á bhfostú anois mar gheall ar an bhforéigean i measc na n-othar.”

Fostaíodh gnólachtaí slándála príobháideacha ag ospidéil éagsúla i gContae an Chláir, i mBaile Átha Cliath agus i gContae Chill Dara.

Deir sé go bhfuil aonaid chúraim “dhaingne” á thabhairt ar chuid de na haonaid síciatrachta agus go bhfuil sé seo seanaimseartha agus as dáta.

Cé go bhfuil easpa altraí ann, ní hé sin an t-aon fhadhb atá ann. Tá easpa leanúnachais ann freisin i measc na n-altraí a oibríonn sna hospidéil. Bíonn siad ag teacht agus ag imeacht go neamhrialta agus mar gheall air sin níl timpeallacht sheasta ann do na hothair.

“Tagann othair isteach sna hospidéil seo mar go dteastaíonn uathu go dtiocfaidh biseach orthu,” a deir Kavanagh. “Ní thiocfaidh biseach orthu i dtimpeallacht mar seo.”

Tá thart ar 36 seirbhís meabhairshláinte lonnaithe in Éirinn agus mar gheall ar an bpolasaí a cuireadh i bhfeidhm in 2006, “Vision for Change,” táthar ag déanamh iarrachta na seirbhísí go léir a cheangal le chéile agus lárionaid a chruthú.

Ach deir urlabhraí ón PNA go bhfuil ionaid á ndúnadh agus ag bogadh go dtí ionaid eile gan na seirbhísí cuí a bheith curtha i bhfeidhm roimh ré.

“Tá deacrachtaí agus dainséar ag baint le Seirbhís Ospidéil Ghéarmhíochaine,” a deir sí. “Is aonaid oscailte atá iontu agus mar sin níl aon áit chun srian a chur ar na hothair. Tá siad go léir i mullach a chéile.”

Beidh an tuairisc seo ón PNA á cíoradh níos géire sna laethanta amach romhainn. Tá an PNA ag súil go ndéanfaidh an tAire Sláinte, Mary Harney, brústocaireacht ar an Aire Airgeadais Brian Lenihan, dul i ngleic leis na fadhbanna a thugtar chun solais sa tuairisc, sula n-éiríonn rudaí níos measa fós.



**Tá Ospidéal Naomh Brendán i mBaile Átha Cliath ar cheann de na hospidéil a luaitear i dtuairisc an PNA. D'fhostaigh siad gnólacht slándála mar gheall ar na fadhbanna san aonad síciatrachta ann.**

# Filleann an feall ar an bhfeallaire

## 13 ghnó beatha dúnta i mí Iúil

**Róisín Ní Éalaí**

GEARRADH Orduithe Dúnta ar 13 ghnó beatha sa Phoblacht le linn mhí Iúil. Dúnadh na gnóthaí seo mar gheall ar fhaillíocha agus sáruithe ar an reachtaíocht um shábháilteacht bhia, an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.

D’eisigh oifigigh sláinte chomhshaoil de chuid an FSS na horduithe i Réigiún an Iarthair agus i mBaile Átha Cliath.

Threisigh an tÚdarás Sábháilteachta Bia, an tseachtain seo, go bhfuil sé do-ghlactha go bhfuil roinnt gnóthaí beatha fós ag déanamh sárú ar na dlíthe um shábháilteacht bhia agus thug siad rabhadh d'oibreoirí gnóthaí beatha díriú ar a gcuid córais sábháilteacht bhia agus cleachtais sláinteachais. Ní ar fhaillíocha éadroma a ghearrann oifigeach ordú dúnta ar ghnó beatha ach faillíocha ollmhóra a chuireann na tomhaltóirí i ndainséar tromaí agus láithreach.

Is mionlach na gnóthaí beatha in Éirinn atá i gceist ach bíonn eachtraí ann maidir le creimirí a bheith i mbialanna.

Bíonn easpa córais sláinteachais le feiceáil agus fadhbanna tromchúiseacha maidir le stóráil bia agus sláinteachas pearsanta na ndaoine atá ag obair ann. Fuarthas áiteanna nach raibh uisce reatha ar fáil do na daoine atá ag obair ann lena lámha a ní. Dar leis an dochtúir Bernard Hegarty ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, tarlaíonn sé go mbíonn easpa suime ag bainisteoirí gnóthaí caighdeán an ghnó a choinneáil ard ó thaobh sláinteachais de. Luaigh sé go mbíonn bainisteoirí áiritheag iarraidh an oiread oibre is lú a dhéanamh i leith sláinteachais ionas go mbeidh siad fós in ann feidhmiú go dleathach.

Déanann sé trácht ar an gcúlú eacnamaíochta freisin, ag tomhas go mb'fhéidir go bhfuil daoine ag dul sa seans agus nach mbíonn siad chomh cúramach mar gheall air agus a bhíodh.

Feictear faillíocha ar nós easpa smachta ar theocht an bhia, is é sin le rá nach raibh an bia fuaraithe ag leibhéal sásúil, nó nach raibh bia cócaráilte coinnithe deas te. Tharla sé freisin nár scaradh bia amh ó bhia cócaráilte.

Is iad gnóthaí bia eitnigh an tromlach a fuair orduithe dúnta i mí Iúil, os cionn 70% den líon iomlán a dúnadh. Clúdaíonn an uimhir seo cúig stalla bia, stalla amháin a bhí ag an bhféile cheoil ‘Oxegen’ san áireamh.

Dar leis an Dochtúir Bernard Hegarty, áfach, níl aon chúiseanna faoi leith a raibh ardú mór ar an líon bialanna eitneacha ach amháin gur tharla sé go raibh ceithre stalla san áit chéanna.

Luaigh sé freisin an tábhacht a bhaineann le beatha ó chultúir eile a bheith againn anseo in Éirinn, go bhfuil na gnóthaí beatha an-tábhachtach do dhaoine a thagann anseo chun cur fúthu. Deir sé go mbíonn bacainn teanga ann uaireanta le daoine a bhogann anseo ó thíortha eachtrannacha i leith na reachtaíochta.

Tá tacaíocht ar fáil d’úinéirí gnó nach bhfuil Béarla ar a dtoil acu anois inár sochaí ilchultúrtha, ar nós treoracha atá aistrithe ag an Údarás Sábháilteachta Bia maidir le lipéadú beatha. Tá na treoracha seo ar fáil i ndeich dteanga éagsúla: an Béarla, an Araibis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Pholainnis, an Rúisis, an tSínis Shimplithe, an tSínis Thraidisiúnta, an Úcráinis agus an Urdais.



Feachtas leanúnach na n-easaontóirí poblachtach

# "Óglaigh na hÉireann" lán ábalta an PSNI a ionsaí

*Ar lean ó leathanach a haon*

Roimhe sin phléasc siad buama déanta le 200 punt d'ábhar baile-dhéanta i lár Chathair Dhoire agus, cé nár gortaíodh aon duine, rinneadh go leor damáiste d'fhoirgnimh ghnó in aice leis an stáisiún póilíneachta ar Bhóthar na Trá. Tá sé suntasach go bhfuil siad ag úsáid an téarma "Óglaigh na hÉireann" nuair a insíonn siad don phreas gurb iad atá freagrach as na hionsaithe seo.

De réir cosúlachta, is scáthghrúpa iad Óglaigh na hÉireann do bhaill an IRA Leanúnaigh agus an Fhíor-IRA atá ag comhoibriú níos fearr le chéile le gairid. Ar ndóigh, tháinig sé chun solais blianta ó shin go raibh siad ag comhoibriú nuair a phléasc buama millteanach na hÓmaí sa bhliain 1998 ach bhí teannas idir an dá ghrúpa ina dhiaidh agus cuireadh stop leis an chomhoibriú sin. Ach tuairiscíodh le gairid fosta gur ghlac dream óg as na Sé Chontae seilbh ar cheannasaíocht an IRA Leanúnaigh i mí Bealtaine agus gur gheall an Chomhairle Airm úr seo níos mó ionsaithe ar na póilíní. Tháinig beart de réir a mbriathair. Cuireann seo uilig brú ar Shinn Féin sa rialtas ach, ar ndóigh, sin ceann de na fáthanna go bhfuil na hionsaithe ag tarlú.

Rinne leithéidí Gerry Adams agus Gerry Kelly as an pháirtí iarrachtaí ar na mallaibh dul chun cainte leis na grúpaí easaontacha ach, de réir cosúlachta, theip orthu dul níos faide ná cuireadh a thabhairt dóibh.

Níl an tacaíocht chéanna ag na grúpaí seo agus a bhí ag an IRA nuair a bhí an cogadh ar siúl ach mar sin féin níl na húdaráis ó thuaidh ábalta déileáil leo mar ba mhaith leo. Faigheann siad roinnt tacaíochta fosta ó dhaoine a fheiceann fadhbanna a bhíodh faoi smacht ag poblachtánaithe, mar shampla drugaí.

Tá sé suntasach go bhfuil na grúpaí easaontacha ag díriú ar dhrugaí mar go bhfeiceann siad go bhfuil buaireamh ar an phobal go mbeidh siad ina bhfadhb mhór dá gclanna. Tuigeann siad gur coinníodh amach as ceantair náisiúnacha iad ar feadh na mblianta ag an IRA agus chonaic siad an dochar a rinneadh do cheantair eile sa tír seo agus ar fud na cruinne. Ní fios ach oiread an bhfuil na foinsí céanna airgid acu agus a bhí ag an IRA trí na 70í, 80í agus 90í ach is léir nach bhfuil fadhbanna acu daoine a chur thar lear le gunnaí agus ábhar buamaí a cheannach. Is cosúil fosta go bhfuil na grúpaí úra níos cúramaí ó thaobh slándála de.

Bhí an t-am ann nuair a bhí sé iontach deacair ag an IRA eachtra ar bith a dhéanamh sna ceantair náisiúnacha gan eolas de shaghas éigin bheith ag an RUC faoi. Níl sin amhlaidh faoin Fhíor-IRA ná faoin IRA Leanúnach anois.

Tá ag éirí leo buamaí a leagan faoi charranna póilíní ar fud na Sé Chontae agus níl an PSNI ábalta duine ar bith a ghabháil.

Tá scéal eile ar fad ar an taobh eile den teorainn, áfach. D'éirigh leis an Gharda Síochána cúpla éacht mór de chuid na n-easaontóirí a stopadh thar na blianta agus, an tseachtain seo a chuaigh thart, d'éirigh leo gunna a fháil nuair a stop siad carr in aice leis an teorainn i gContae Lú.

Ach níl sin ag cur stop leis an fhoréigean ar an taobh eile den teorainn. Is deacair insint cá háit a rachaidh na grúpaí easaontacha anois. Beidh brú orthu ón phobal stad a chur leis an fhoréigean ach níor éist siad leis an phobal roimhe seo agus níl fáth ar bith go gcreidfeadh daoine go bhfuil deireadh leis an fheachtas ar na gaorthaibh.




# Cé hiad na "hEasaontóirí"?

**Anton Mac Cába**

TÁ easaontóirí poblachtacha armtha sa nuacht arís le roinnt seachtainí. Ag tréimhsí difriúla, tagann eagraíochtaí difriúla chun tosaigh.

Mar a tharlaíonn le heagraíochtaí beaga, bíonn an-tábhacht le cúrsaí pearsantachta.

Is iad An IRA Leanúnach (CIRA) an grúpa is faide atá bunaithe. Bunaíodh i 1986 iad nuair a tharla scoilt in idir an IRA agus Sinn Féin, nuair a vótáil Sinn Féin le deireadh a chur le polasaí an neamhláithreachais, agus suíocháin a ghlacadh sa Dáil. Níor chuir an IRA Leanúnach tús le feachtas armtha áfach go dtí gur fhógair an IRA sos cogaidh i 1994.

Bhí an IRA "Leanúnach" gníomhach i gCathair Ard Mhacha, ar an Lorgáin, ar an Iúr agus i ndeisceart Fhear Manach.

Tá anois dhá fhaicsean a thugann an IRA Leanúnach orthu féin, an dá dhream ag maíomh go raibh an lá leo ag coinbhinsiúin airm.

Bhí an scoilt seo nimhneach. Dar le faicsean amháin go raibh an tsean-cheannaireacht róshean; dar leis an fhaicsean eile go bhfuil siad dílis don cheannaireacht agus do Shinn Féin Poblachtach.



In eagraíocht bheag, rúnda mar é bíonn sé i gcónaí deacair a rá cén scéal atá ceart. Ach dar le foinsí Poblachtacha, is Tuaisceartaigh, den chuid is mó, iad atá luaite leis an scoilt. Tuigtear go bhfuil Béal Feirste scoilte leath ar leath.

Bunaíodh an "Fíor" IRA i 1997, tar éis scoilte san IRA. Ba iad a phléasc Buama na hÓmaí i mí Lúnasa 1998 in éineacht leis an CIRA, nuair a maraíodh 29 agus cúpla sa bhroinn.

Bhí borradh faoi roimh an bhuama, gan riamh an borradh céanna ó shin. D'fhulaing sé scoilteanna agus coimhlintí inmheánacha ó shin.

Tá sé ann i nDoire, in Oirthear Thír Eoghain, in Oirthear an Dúin, i mBéal Feirste agus i nDeisceart Ard Mhacha/Tuaisceart Lú.

Mharaigh sé Kieran Doherty, iar-bhall sinsearach dá chuid i nDoire, níos luaithe i mbliana. Is í Gluaiseacht Fuascailte na 32 Contae an guth polaitiúil leis.

Tá "Óglaigh na hÉireann" ar an ghrúpa is gníomhaí le tamall. Is dream iad seo a scoilt ón bhFíor-IRA agus ón IRA Leanúnach. Tá siad ann in Ard Mhacha, i mBéal Feirste, i nDoire agus ar an tSrath Bhán. Dealraíonn sé go bhfuil fear amháin ar an Srath Bhán le bheith ina ollbhrathadóir ina n-éadan.

Tá siad gníomhach ach go háirithe ag déanamh ionsaithe pionóis. Chuaigh scata mór acu isteach go ceantar Naomh Séamas i mBéal Feirste le déanaí, le scata bligeard óg a dhíbirt.


Anuraidh, mharaigh siad Andrew Burns, iar-bhall ar an tSrath Bhán; chuir siad ina leith gur bhrathadóir é.

Ní léiríonn siad suim sa pholaitíocht.

Tá Saor Uladh beag, agus in iarthar Bhéal Feirste. Go dtí an pointe seo, tá siad ag déanamh ionsaithe pionóis le tacaíocht a mhealladh. Ní léiríonn siad suim sa pholaitíocht.

Bhí Arm Poblachtach Fuascailte na hÉireann (IRLA) beag. Ba scoilt iad ón IRA Leanúnach in Ard Eoin, Béal Feirste.

Thit an eagraíocht as a chéile i ndiaidh gur maraíodh beirt in achrann inmheánach. Scaoileadh fear amháin, agus buaileadh an fear eile sa chloigeann le sluasaid go dtí nach raibh sé inaitheanta.



# Dhá chomóradh ag gaolta na hÓmaí

le hAnton Mac Cába

TÁ dhá chomóradh le bheith ag gaolta na hÓmaí Dé Domhnaigh, 12 bhliain agus an lá gur mharaigh carr-bhuama 29 agus cúpla sa bhroinn.

Ag a trí a chlog, beidh searmanas ag an *Omagh Support and Self Help Group*. Mar is gnách gach bliain, beidh an Ghaeilge agus an Spáinnis mar chuid den searmanas seo.

Baineann Michael Gallagher leis an *Omagh Support and Self Help Group*; bíonn sé ag labhairt ar na meáin go minic, mar go labhraíonn sé thar ceann cuid de theaghlaigh na hÓmaí. Tarlóidh an searmanas sin ag an Ghairdín Cuimhneacháin, a tógadh i gcuimhne na marbh.

Ag a cúig a chlog leagfaidh an grúpa *Omagh Moving On* bláthfhleascanna. Bhí siad seo bainteach leis an *Omagh Support and Self Help Group*, ach bhunaigh grúpa dá gcuid féin níos luaithe i mbliana. Tá Kevin Skelton ina urlabhraí acu seo.

Dúirt Skelton gur searmanas príobháideach a bheidh ann. "Beidh sé ciúin, sinne amháin a bheidh ann," ar seisean.

Dúirt Gallagher go mbeadh ionadaithe ó na heaglaisí ar fad i láthair ag a trí a chlog. "Tá fáilte roimh gach duine ag an tseirbhís s'againne," ar seisean. "Ní i seilbh an *Omagh Support and Self Help Group* atá sé. Tá cuid mhór daoine nach bhfuil bainteach le grúpa s'againne. Ba mhaith lion iarraidh orthusan teacht. B'fhéidir go bhfuil sé de rogha ag daoine eile rudaí eile a dhéanamh. Nílimid le duine ar bith a choinneáil amach."

Dar leis go bhfuil sé tábhachtach an searmanas bheith ann, anois agus easaontóirí poblachtacha gníomhach arís. "Is é an ceacht atá ann ón Ómaigh ná go gcaithfidh na daoine seo stad den fhoréigean," ar seisean.

Tá sé tábhachtach, chomh maith, fiosrúchán poiblí bheith ann, "le go mbeadh an fhírinne againn faoin Ómaigh, agus faoi na heachtraí a rinne an bealach réidh don Ómaigh."

Bíonn sé de nós ag cuid mhór de bhunadh na hÓmaí imeacht ón mbaile i dtrátha an 15 Lúnasa, lá an bhuama, agus gan freastal ar chuimhneachán ar bith. Tá sin ag dul a tharlú arís i mbliana.



## Ionsaithe ó ghrúpaí armtha poblachtacha ó bhí tús mhí Iúil ann

Oisín Mac Donnacha

**10ú Lúnasa**: An Chorr Chríochach, Tír Eoghain. Leathphléasc buama i gcarr fear slándála sibhialta. B'iarphóilín é den PSNI. Cuireadh an milleán ar ghrúpaí poblachtacha easaontacha.
**9ú Lúnasa**: Deir an PSNI gur thug duine éigin rabhadh bréagach dóibh d'aon ghnó. Faightear rud amhrasach déanta suas de shreang leictreach agus ceallraí.
**8ú Lúnasa**: Faightear buama faoi charr oifigeach Caitliceach den PSNI i gCill Chaoil.
**4ú Lúnasa**: Faightear bobghaiste faoi charr saighdiúra i mBeannchar, úsáidtear pléascadh rialaithe chun fáil réidh leis. Cuireadh an milleán ar ghrúpa poblachtach easaontach.3ú Lúnasa: 03.20; Phléasc carr le 200 punt de phléascán ann i nDoire, níor gortaíodh aon duine san ionsaí ach déanadh drochdhamáiste do roinnt gnóthaí ar an tsráid. Maidhm an bhuama 20 nóiméad luath.
**28ú Iúil:** Fuadaítear fear óg 18 mbliana d'aois in iarthar Bhéal Feirste agus tiomáintear é chuig Léana Dúin áit a scaoiltear air ina chosa.
**26ú Iúil**: Scaoiltear ar theach i nDoire, cuirtear an milleán ar an bPoblacht i gcoinne Drugaí (RAAR)
**22ú Iúil**: Faightear fuílleach de bhuama píopa taobh amuigh de stáisiún na póilíní in iarthar Bhéal Feirste.
**11-14ú Iúil**: Círéibeacha i mBéal Feirste, i Lorgain agus i nDoire. Cuireadh an milleán ar ghrúpaí easaontacha.
**10ú Iúil**: Phléasc buama idir Béal Leice agus Coileach Eanach in Ard Mhacha
**2-3ú Iúil**: Círéibeacha ar siúl ar feadh na hoíche in iarthar Bhéal Feirste. Cuireadh an milleán ar ghrúpaí poblachtacha easaontacha.
**11 Lúnasa:** Tugtar rabhadh do na póilíní go bhfuil buama fágtha ar dhroichead i nDroichead Mhig Uidhir ach níor tháinig na póilíní ar aon rud. 07.15: Faightear buama píopa ar leaca fuinneoige i dteach in Aontroim.

# Gilligan faoi bhrú

Tá brú ar Barry Gilligan, Cathaoirleach ar an Bhord Póilíneachta ó thuaidh, seasamh siar óna phost a fhad is atá fiosrúchán ar siúl ag an PSNI.

Danny Brown

Rinne póilíní ón PSNI ruathar ar a oifig agus ar a theach cónaithe Dé Luain na seachtaine seo agus thug siad ar shiúl cáipéisí agus fillteáin ríomhaire a bhain le suíomh forbartha conspóideach i dtuaisceart Bhéal Feirste.



Ní amháin gur cathaoirleach ar an Bhord Póilíneachta é Gilligan ach is stiúrthóir é ar chomhlacht forbartha, Big Picture Developments, agus tá an Feidhmeannas Tithíochta ag fiosrú an dóigh ar tharla sé gur leo an suíomh i Sráid Nelson ar a bhfuil cead pleanála á lorg acu do 240 árasán inacmhainne.

Tá an suíomh conspóideach mar bhí cead pleanála faighte don suíomh do 66 aonad tithíochta sóisialta ag Clanmill Housing Association i gcomhar le St Patrick's and St Joseph's Housing Committee in 2006. Thug an Roinn Forbartha Sóisialta iasacht £2.9 milliún do Clanmill leis an suíomh a cheannach ach sular críochnaíodh an idirbheartaíocht idir Clanmill agus úinéirí an tsuímh, Ruskin Developments.

Cuireadh comhairle ar Clanmill dul i dteagmháil le Gilligan le réiteach a fháil ar an fhadhb agus thug siad dearadh an ailtire dó. Tamall ina dhiaidh sin, fuair siad amach gur díoladh an suíomh le Big Picture Developments, a bhfuil Gilligan ina stiúrthóir air.

Mar gheall air sin, rinne an Feidhmeannas Tithíochta gearán agus rinneadh an ruathar ar theach agus ar oifig Gilligan Dé Luain.

Tá polaiteoirí ó gach taobh sna Sé Chontae míshásta leis an chrut atá ar rudaí dá bharr seo.

Dúirt Jimmy Spratt ón DUP gur chóir do Gilligan seasamh siar óna phost go dtí go mbeidh an fiosrúchán críochnaithe, mar a tharlódh le póilín ar bith, agus dúirt Basil McCrea ón UUP gur chóir don Bhord Póilíneachta cruinniú speisialta a reachtáil leis an cheist a phlé.

Tá Gerry Kelly ó Shinn Féin míshásta nár tugadh freagra ceart ar cheisteanna a cuireadh trí bliana ó shin faoin ábhar seo agus dúirt sé go bhfuil fearg ar mhuintir an cheantair faoin dóigh inar caitheadh leo. Dúirt Gilligan, atá ar saoire óna phost i ndiaidh dul faoi scian, go raibh sé cinnte nach ndearna sé féin ná an comhlacht rud ar bith mídhleathach agus go raibh siad toilteanach comhoibriú leis an PSNI faoin cheist.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 13 Lúnasa, 2010

# F15-anna á ndíol leis na Sádaigh




**Ciarán Dunbar**

Tá sé fógartha go bhfuil sé ar intinn ag rialtas SAM aerárthaí trodaíochta (fighter jets) F15 a dhíol leis an Araib Shádach. D'ainneoin nach tír dhaonlathach í an Araib Shádach, go bhfuil dlí Sharia i bhfeidhm ann agus go mbíonn cearta daonna á sárú ann, is comhghuaillithe le SAM iad na Sádaigh.

Tá sé beartaithe go ndíolfar 84 F15 thar dheich mbliana. Ní bheidh an leagan ar leith seo atá á dhíol chomh sárfhorbartha céanna leis na cinn atá ag na Meiriceánaigh ná ag Iosrael.

Bhí na hIosraelaigh buartha go gcaillfidís an lámh in uachtar ó thaobh teicneolaíochta míleata de sa réigiún agus chuir siad an méid sin in iúl do na Meiriceánaigh go láidir ar na mallaibh.

Uime sin, ní bheidh córas airm fhadraoin agus eile ar fáil sna F15-anna a bheidh ag an Araib Shádach. Coinníonn SAM Iosrael ar an eolas faoi dhíol arm sa réigiún mar chuid dá ngealltanas go ndéanfaidh siad cinnte de go mbeidh an buntáiste míleata ag Iosrael sa réigiún i gcónaí.

Séanann oifigigh na Stát Aontaithe go ndearna siad aon athrú ar an socrú a rinne siad chun Iosrael a choinneáil sásta, áfach.

Tá sé ráite ag SAM gur féidir le hIosrael an F35 a cheannach, eitleán atá chun tosaigh ar an F15 ar gach bealach agus gurbh fhéidir é sin a chur ar fáil ag an am céanna agus a bheadh an F15 ar fáil don Araib Shádach. Chuirfeadh sé sin ar ceal aon chothromas a bheadh idir an dá thír sin.

Cé nach bhfuil aon chaidreamh taidhleoireachta (diplomatic relations) idir an Araib Shádach agus Iosrael, aithníonn na Sádaigh go bhfuil baint láidir idir an comhghuaillí acu, Meiriceá, agus Iosrael.

## Gearradh cúnaimh arm na Liobáine

CHÁIN an Liobáin reachtóirí Meiriceánacha nuair a cuireadh moill ar suas le $100 milliúin de chúnamh míleata an airm mar go raibh siad buartha go mbeadh siad ag treisiú tionchar Hezbollah san arm. Luaigh siad an t-achrann is déanaí ar theorainn Iosrael agus na Liobáine áit a ndeirtear gur maraíodh leifteanantchoirnéal Iosraelach agus triúr as arm na Liobáine agus líomhnaítear go bhfuil naisc ag fás idir fórsaí míleata na Liobáine agus Hezbollah, rud ba phríomhchúis le tarraingt siar an chúnaimh. Dúirt comhairleoir Phríomh-Aire na Liobáine “níor cheart do chairde na Liobáine laghdú a dhéanamh ar an iarracht leis an arm a neartú.”

## Bíodh drugaí dleathach - Vicente Fox

**Anton Mac Cába**

TÁ iar-Uachtarán Mheicsiceo Vicente Fox ar an pholaiteoir is déanaí a labhair amach i bhfabhar drugaí bheith dleathach. Bhí Fox ina uachtarán ó 2000 go 2006.

Ar bhlag s'aige, scríobh sé: “An rud ba cheart a dhéanamh dleathach ná táirgeadh, díol agus dáileadh (drugaí).” Dar leis gur achan saghas druga a bheadh i gceist. Is mar “nár éirigh riamh le straitéis radacach an toirmisc” atá sé den bharúil seo.

Is polaiteoir coimeádach é Fox, atá 68 bliain. Baineann sé leis an Partido Acción Nacional (PAN), páirtí coimeádach agus Críostaí. Tá sé ina Chomh-Uachtarán ar an Idirnáisiúnachas Daonlathach Críostaí.

Ag tús an chéid, ghlac sé páirt le fuinneamh sa ‘chogadh in éadan drugaí’, ag comhoibriú le húdaráis Mheiriceá. Lean a chomharba, an t-uachtarán reatha Felipe Calderón ón bpáirtí céanna, leis an straitéis. Ó toghadh Calderón in 2006, tá 28,000 marbh i Meicsiceo sa ‘chogadh in éadan drugaí’.

Dar le Fox nach fiú drongánna a bhriseadh. Déanann sin cúrsaí níos measa, nó bíonn sé ina chogadh dearg ansin idir dronganna eile le seilbh a ghlacadh ar an bhfolúntas sa ghnó. Ba cheart an t-arm a tharraingt siar ón gcogadh; níl sé oilte d'obair phóilíneachta. Dá bharr, tá an t-arm ciontach as cearta daonna a shárú.

Más iad na Meiriceánaigh atá ag gríosú an chogaidh, cuireann Fox a stair féin i gcuimhne dóibh: “Céad bliain ó shin, nuair a bhí an foréigean ag buaicphointe i Chicago, le linn an toirmisc ar dheochanna meisciúla, ba é an t-aon fhreagra, an t-aon réiteach, ná cead a thabhairt arís deochanna meisciúla a ól.”

## Ardú suntasach ar an líon sibhialtach a maraíodh san Afganastáin

**Meadhbh Ní Eadhra**

EISÍODH tuairisc lárbhliana Mhisean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe san Afganastáin an tseachtain seo. De réir na tuairisce seo, tá ardú de 31% tagtha ar an líon sibhialtach a maraíodh agus a gortaíodh sa choimhlint sa chéad sé mhí den bhliain seo.

Maíonn na Náisiúin Aontaithe sa tuairisc seo gur de bharr daoine ag troid in éadan an rialtais agus in aghaidh an chomhfhórsa atá treoraithe ag Meiriceá a tharla sé seo. Deir an tuairisc gur tharla 76% de na taismí mar gheall ar “ghnéithe frithrialtais”. Tá méadú de 53% tagtha air seo ón tréimhse chéanna in 2009.

Ar ndóigh, is léir go bhfuil méadú tagtha ar ghníomhaíochtaí míleata freisin, agus tá sé seo soiléir sa tuairisc. Maraíodh 1,271 sibhialtach agus gortaíodh beagnach 2000 sa chéad leath de 2010. Bhí méadú de 55% ar an líon páistí a gortaíodh agus a maraíodh go dtí seo i mbliana. Luaitear sa tuairisc go gcuirtear feistí pléascacha i bpáirceanna agus i margaí ina mbíonn páistí i láthair go minic. Mar gheall ar an ardú ar ghníomhaíochtaí NATO san Afganastáin, tá méadú tagtha ar an ráta báis thart ar chathair Kandahar agus in áiteanna eile i nDeisceart na hAfganastáine.

## Limbo dlíthiúil d'Ealaíontóir Éireannach san Iodáil

Géarchéim Ealaíontóra Éireannaigh, Michelle Rogers, Dún Dealgan, atá gafa i scraith ghlugair an chórais cheartais Iodálaigh.

**Christo Petrov sa Róimh**

TÁ oiread agus 14 phéintéireacht de chuid Rogers i seilbh Phóilíní na hIodáile mar gheall ar scannal calaoise agus imghabháil cánach nach mbaineann leis an ealaíontóir as Dún Dealgan ar chor ar bith.

Tá úinéir gailearaí áitiúil, Massimo Micucci, sa phríosún faoi láthair, áit a bhfuil sé ó mhí Feabhra i leith, mar gheall ar theagmhálacha gnó a bhí aige le Silvio Scaglia, fiontraí teileachumarsáide Iodálach agus bunaitheoir an chomhlachta teileachumarsáide ‘Fastweb’. Is é meas Forbes ná gur fiú 1 bhilliún dollar saibhreas an Uasail Scaglia, rud a chiallaíonn gurb é an tríú duine déag is saibhre san Iodáil é agus an 937ú fear is saibhre ar domhan.

Mí Feabhra seo caite, d'eisigh ionchúisitheoirí barántas gabhála do sheisear is caoga, i leith conarthaí teileachumarsáide amhrasacha agus imghabháil cánach sna blianta 2003-2006, agus bhí an tUasal Scaglia agus an tUasal Micucci i measc na ndaoine sin. Gabhadh seilbh ar gach uile rud a bhí i ngailearaí an Uasail Micucci, pictiúir Michelle Rogers san áireamh, a bhí ar coinsíniú tar éis thaispeántas an ealaíontóra. Ar ndóigh, tá na húdaráis agus na breithiúna sa chás seo ag glacadh leis gur le húinéir an ghailearaí na pictiúir agus níl siad sásta scaoileadh leo. Is é atá i gcroílár an cháis ná fíor-mhíthuiscint ar ról dlíthiúil úinéir gailearaí, agus ealaíontóir atá ag cur saothair ar taispeáint. Taispeánann gailearaithe saothar ealaíontóirí ach ní cheannaíonn siad é ar fad iad féin, dá bhrí sin, ní fhéadfaí a áiteamh gur leis an ngailearaí pé saothair ealaíne atá fágtha ar coinsíniú, is leis an ealaíontóir go huile agus go hiomlán iad. Is modus operandi é an t-iarchoinsíniú a nglactar leis go hidirnáisiúnta ach, i gcás Michelle Rogers, theip ar na húdaráis san Iodáil, áit a bhfuil an ealaín faoi bhláth, é sin a thuiscint. Tá an toradh don ealaíontóir Éireannach tubaisteach.

“Tá ceithre bliana de mo chuid oibre nach bhfuil aon teacht agam air do thaispeántais agus díolacháin. Tugadh cuireadh dom roinnt pictiúr a thabhairt go Basel an mhí seo caite le haghaidh an aonaigh (ealaíne), ach bhí orm mo phleananna a athrú go beo. An mhí seo chugainn, tá seó agam in Éirinn agus níl fhios agam i ndáiríre céard a dhéanfaidh mé. Is tubaiste agus ábhar buartha atá ann. Tá scéalta uafáis cloiste agam mar gheall ar chásanna cosúil leis seo, nuair a cuireadh ealaín ar ais agus droch-chaoi uirthi tar éis blianta den limbo dlíthiúil,” a deir an t-ealaíontóir as Dún Dealgan le comhfhreagraithe eachtracha sa Róimh.

Ar an 12 Iúil, bréagnaíodh an t-achomharc is déanaí agus seoladh ar ais é go dtí an scraith ghlugair dhlíthiúil. Go dtí seo, theip ar iarrachtaí na hAmbasáide Éireannaí sa Róimh an chonspóid a réiteach.

# Dearcadh 'glas' i leith na Gaeilge ag Ó Buachalla agus an Comhaontas Glas

Tá **Seán Ó Buachalla** mar chathaoirleach ar ghrúpa polasaí na Gaeilge sa Chomhaontas Glas agus is aistritheoir gairmiúil Gaeilge é freisin. Labhair sé le **Meadhbh Ní Eadhra** faoina ról i leith na Gaeilge sa Chomhaontas Glas.

"Ceapadh mé sa phost seo mar gheall ar an bpáirt ghníomhach a bhí agam i bhforbairt pholasaí na Gaeilge agus i seirbhísí aistriúcháin a sholáthar don pháirtí," a deir an tUasal Ó Buachalla. Tháinig sé i gcomharbacht ar John Walsh, léachtóir ollscoile agus ball den pháirtí i nGaillimh, fear a rinne sárobair roimhe seo ar fhorbairt polasaí chuimsithigh ar an nGaeilge don pháirtí.


Seán Ó Buachalla

"Is mór an onóir dom gur ceapadh mé sa ról seo ina bhfuil an oiread sin suime agam. Is mise an duine a mbíonn sé de chúram air cruinnithe den ghrúpa a thionól chun plé agus forbairt a dhéanamh ar pholasaí an pháirtí maidir leis an nGaeilge," a deir Ó Buachalla.

An bhfuil mórán Gaeilge ag baill eile den Chomhaontas Glas, agus an mbíonn cruinnithe acu i nGaeilge? Deir Ó Buachalla gur gnách go mbíonn cruinnithe ghrúpa polasaí na Gaeilge á reáchtáil go dátheangach.

"Is cinnte go bhfuil Gaeilge mhaith ag tromlach mór na ndaoine a mbíonn suim acu a bheith páirteach sa ghrúpa seo, ach bíonn méid áirithe ball eile ann chomh maith (mionlach, dáiríre) a bhfuil suim acu i bpolasaí an pháirtí i leith na chéad teanga náisiúnta in ainneoin nach bhfuil siad féin líofa sa teanga," ar sé. "Déanaimid ár ndícheall an dream seo a éascú ag na cruinnithe chomh maith, gan brú a chur ar éinne eile Béarla a úsáid murar mhaith leo. Maidir leis an bpáirtí i gcoitinne, tá cumas maith Gaeilge ag na Teachtaí Dála agus Seanadóirí seo a leanas de chuid an pháirtí: Trevor Sargent, John Gormley, Ciarán Cuffe agus Niall Ó Brolcháin.

Bhí feachtas pearsanta ar bun ag Trevor Sargent sna 1990í chun méadú ar úsáid na Gaeilge a spreagadh sa Dáil trí gach uile cheann dá cheisteanna parlaiminte a chur as Gaeilge, rud a tharraing cuid mhaith airde ar an gceist sin ag an am."

Maidir le grúpaí agus eagraíochtaí Gaeilge ar an talamh, an bhfuil baint ag Seán leo?

"Is ball mé féin de Chonradh na Gaeilge agus tá mé páirteach go gníomhach san fheachtas chun gaelscoil nua a bhunú i Ráth Tó i gContae na Mí," ar sé. "Is mé an duine a chur tús leis an bhfeachtas chun an ghaelscoil sin a bhunú nuair a d'fhógair mé cruinniú chuige sin i Lúnasa 2008."

Deir Ó Buachalla gur mian leis an gComhaontas Glas go ndéanfar athbhreithniú cuimsitheach ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge ag an mbunleibhéal agus iar-bhunleibhéal, sa Phoblacht agus i dTuaisceart na hÉireann.

"Ba cheart don áisíneacht thrasteorann, Foras na Gaeilge (a bhfuil freagracht reachtúil ar leith orthu i leith an oideachais Ghaeilge), an t-athbhreithniú seo a choimisiúnú, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ó dheas agus CCEA sa Tuaisceart (NI Council for Curriculum, Examinations and Assessment) mar aon le páirtithe leasmhara eile," ar sé.

Cad é seasamh an pháirtí ar an nGaeilge mar ábhar Ardteiste?

"Ritheadh rún ag Ardfheis an Chomhaontais Ghlais sa bhliain 2007 le tacú le Gaeilge éigeantach san Ardteistiméireacht agus glacadh leis d'aon ghuth. Dhréachtaigh mé féin an rún sin ar son an ghrúpa áitiúil i gContae na Mí. Ní ghlacann an Comhaontas Glas leis an argóint go bhfeabhsófar múineadh na Gaeilge sna scoileanna trí ábhar roghnach a dhéanamh di," a deir Ó Buachalla. "Fadhb níos bunúsaí atá ann, is é sin, na modhanna teagaisc sna scoileanna Béarla agus creidimid gur gá múineadh na Gaeilge a leasú le modhanna teagaisc nua-aimseartha atá bunaithe ar an tumoideachas, gan laghdú a dhéanamh ar stádas na teanga sa chóras oideachais."

Maidir le staid na Gaeilge faoi láthair, creideann Ó Buachalla "go bhfuil an taoide tar éis casadh go mall le cuid mhaith blianta anuas," in ainneoin go bhfuil deacrachtaí ann sa Ghaeltacht go fóill le "dul i léig na teanga."

Maidir leis an nGaeltacht, cad ba mhaith le Seán a fheiceáil ag tarlú? Creideann sé go bhfuil baol láidir ann go bhfaighidh an Ghaeilge bás mar theanga phobail na Gaeltachta a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin, "ar an mbealach céanna a bhfuil athrú aeráide arna spreagadh ag astaíochtaí $CO_2$ ag bagairt ar an timpeallacht fhisiceach ina mairimid."

Deir sé go bhfuil plean éigeandála tarrthála don Ghaeltacht riachtanach chun "cur i gcoinne chreimeadh leanúnach na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta ina bhfuil sí fós in úsáid."

"Dearbhaíonn an Comhaontas Glas arís gur argóint 'ghlas' í seo agus nach féidir cosaint na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh a scaradh ó chosaint na timpeallachta," ar sé.

Cén bharúil atá ag Ó Buachalla ar theorainneacha na Gaeltachta?

"Níor cheart go mbeadh stádas Gaeltachta ag ceantar nach sásaíonn critéir theangeolaíochta áirithe: go mbeadh an Ghaeilge in úsáid mar theanga chumarsáide laistigh den phobal i dteaghlaigh, i scoileanna, i ngréasáin shóisialta agus in institiúidí poiblí eile," ar sé. Deir sé gur cheart go ndíreofaí aird ar leith ar na ceantair sin a bhfuil an Ghaeilge fós in úsáid go rialta ag an gcuid is mó den phobal. Maidir le fás agus forbairt na Gaeilge i gceantair uirbeacha, deir Seán go bhfuil sé "riachtanach" go spreagfaí na pobail Ghaelacha sna ceantair uirbeacha ós rud é go bhfuil tromlach mór phobal na hÉireann ina gcónaí iontu agus go mbeadh páirt thábhachtach acusan i gcaomhnú na teanga amach anseo.

"Molann an Comhaontas Glas go mbunófaí gréasán náisiúnta d'Ionaid Ghaeilge i ngach ceantar uirbeach in Éirinn a bhfuil líon suntasach cainteoirí Gaeilge ann, de réir an Daonáirimh (an Phoblacht agus Tuaisceart Éireann araon).

Chuirfí réimse leathan seirbhísí Gaeilge ar fáil i ngach ceann de na hionaid seo: feighlíocht leanaí; seirbhísí aistriúcháin; comhairle faoi úsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó; cúrsaí foghlama Gaeilge; clubanna obair bhaile agus tuilleadh," ar sé. "Tá an córas seo ar fáil sa Bhreatain Bheag cheana, Mentrau Iaith ('Fiontair Theanga') agus moladh a mhacasamhail d'Éirinn cheana." Dá mbeadh Seán Ó Buachalla ina Aire Gnóthaí Gaeltachta, ba mhaith leis leasú a dhéanamh ar theorainneacha na Gaeltachta agus tuilleadh maoinithe a fháil do mheáin chumarsáide na Gaeilge.

"Anuas air sin, dhéanfainn athbhreithniú ar éifeachtacht an mhaoinithe Stáit a thugtar do ghníomhaíochtaí agus eagraíochtaí Gaeilge agus leagfainn béim ar mhaoiniú na cinn is éifeachtaí," ar sé.

An fhís atá aige don Ghaeilge sa todhchaí ná "go mbeadh tír againn atá fíor-dhátheangach, ach an Ghaeilge a bheith chun tosaigh inti mar theanga an phobail."

An tOireachtas
Tír agus Teanga

**Oireachtas na Samhna**
**Cill Airne, Co. Chiarraí**
**Príomhionad: INEC**
**Dé Céadaoin - Dé Domhnaigh,**
**27-31 Deireadh Fómhair**

Oifig an Oireachtais
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
01/4753857
eolas@antoireachtas.ie

# Príomhfheidhmeannach Pobal ag cíoradh cheist na teanga sa Tuaisceart agus thar lear

**Meadhbh Ní Eadhra**

SEOLADH leabhar nua Janet Muller, "Language and Conflict in Northern Ireland and Canada - A Silent War" an deireadh seachtaine seo caite. Sa leabhar seo, tugann Janet Muller léargas luachmhar ar an gceangal idir pleanáil teanga agus réiteach coimhlinte.

Is í Janet Muller Príomhfheidhmeannach 'Pobal', scátheagras na Gaeilge i dTuaisceart na hÉireann. Déanann Pobal feachtais a eagrú chun stádas na Gaeilge ó thuaidh a fheabhsú trí thaighde, abhcóideacht agus measúnú ar reachtaíocht rialtais.

Baineann caibidil a dó go dtí a hocht den leabhar leis an nGaeilge agus deir Janet sa réamhrá gurb í an aidhm a bhaineann leis an gcuid seo den leabhar ná cur le feiceálacht na Gaeilge sa Tuaisceart agus freisin cuidiú chun deireadh a chur le míthuiscintí faoi staid na Gaeilge faoi láthair.

Naoi gcaibidil san iomlán atá sa leabhar agus mar sin tá formhór an leabhair dírithe ar an nGaeilge agus ar cheisteanna a bhaineann léi. Tá caibidil ann faoi chraoltóireacht trí mheán na Gaeilge ó Chomhaontú Aoine an Chéasta ar aghaidh, agus ceann eile faoin ndualgas atá ar Rialtas na Breataine i leith Acht na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

Tá go leor ábhar léitheoireachta sa leabhar agus is léir go ndearnadh lear maith taighde thar na blianta chun é a chur le chéile. Déantar plé ar Quebec agus Ceanada sa chéad chaibidil den leabhar agus sa chaibidil dheireanach agus is maith an rud é go bhfuil tagairtí ann do thíortha agus do theangacha mionlaigh eile, mar go dtugann sé comhthéacs níos leithne do chás na Gaeilge freisin.

Tá agallaimh agus ábhar nua maidir le Quebec agus Tuaisceart na hÉireann le léamh sa leabhar. Tá nótaí agus conclúidí san áireamh i leabhar nua Muller freisin agus is cinnte gur leabhar suntasach é seo ó thaobh na Gaeilge de.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 13 Lúnasa, 2010

# 2 NUACHT RÉIGIÚNACH

## CONNACHT NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie



Cúltacaí ó fhoireann pheile Learphoill agus iad i gCnoc Suain sa Spidéal le linn na seachtaine.



**Tá Micí Ó Flarthata, úinéir an tsiopa Tigh Mhicí ar an gCeathrú Rua, sásta leis an dea-scéal gur bhuaigh sé €10,000 sa chrannchur ar son an Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh, Indreabhán, Tearmann Éanna agus Scoil Náisiúnta Cholmcille, An Tulach, Co na Gaillimhe. In aice leis tá Caitlín Nic An Ultaigh ón Ionad Tacaíochta Teaghlaigh.** PIC: SEÁN Ó MAINNÍN

## Scéalta Mhaigh Eo

Le Piaras Ó Raghallaigh

### Rothar ón rothaí

TÁ an rothaí iomráiteach as Conga i gContae Mhaigh Eo ag tabhairt faoi dhúshlán nua na laethanta seo le siopa nua rothar oscailte aige i gConga ag an deireadh seachtaine. D'éirigh leis an rothaí David McLoughlin gaisce a dhéanamh ag na Cluichí Oilimpeacha i mBéising, ag an gCraobhchomórtas Domhanda agus ag Craobhchomórtas na hÉireann agus anois beidh sé ar fáil go laethúil ina shiopa rothar le comhairle a thabhairt do dhaoine faoin chineál rothair is fearr a oireann dóibh.

Tá rothar nua deartha aige ina bhfuil béim curtha aige ar an bhfráma ceart do lúthchleasaithe agus tá cuid mhór orduithe faighte aige cheana féin ó na Stáit Aontaithe agus ón tSeapáin. Déanfaidh McLoughlin a shiopa rothar nua a oscailt go hoifigiúil ar an Sathairn, 14ú Lúnasa. Beidh rás rothar timpeall an bhaile le haíonna speisialta ar an lá.

### Aerfort Chnoc Mhuire oscailte don phobal

BEIDH Aerfort Chnoc Mhuire ar an chéad aerfort san Eoraip ina mbeidh margadh mór ar siúl don phobal le linn tráthnóna oscailte a bheas ar siúl acu ar an Aoine seo chugainn.

Dúirt Príomhfheidhmeannach an Aerfoirt Joe Gilmore go mbeidh cuid mhór imeachtaí spraíúla ar siúl don aos óg agus go mbeidh duaiseanna a dtabhairt ar shiúl le linn an tráthnóna. Is deis iontach é seo dúinn cuireadh a thabhairt don phobal leis an áit bhreá atá againn anseo a thaispeáint dóibh. Beidh deis acu cuairt a thabhairt ar an túr rialúcháin agus ar an gcóras a bhíonn ag na píolótaí chun na heitleáin a thabhairt isteach go Cnoc Mhuire.

Seo an chéad uair riamh a bheidh aerfort oscailte don phobal san Eoraip agus le ceiliúradh a dhéanamh air seo tá Aerfort Chnoc Mhuire ag tabhairt deise do chuairteoirí saoire san Eoraip a bhuachan ar an lá. Beidh an tAerfort oscailte idir 7i.n. agus 10i.n. ar an Aoine 13ú Lúnasa.

### Hardy Bucks Mhaigh Eo ar an Teilifís

D'ÉIRIGH le RTÉ féith an ghrinn a chur ar thriúr as Béal Átha na Muice nuair a d'fhógair siad go bhfuil suim acu sraith cláracha grinn a chraoladh ar RTÉ i mí na Samhna. Tá cláracha grinn don idirlíon déanta ag na buachaillí as Béal Átha na Muice agus tá an-tóir orthu le os cionn 3 mhilliún cuairteoir acu. Anois tá cuireadh tugtha ag RTÉ do na buachaillí cláracha atá oiriúnach don teilifís a chraoladh.

Is as Béal Átha na Muice i gCo Mhaigh Eo do Tom Kilgallon (Boo), Máirtín Ó Maolónaigh (Eddie Durkin) agus Alan Carter (DJ Scorpion) atá i mbun The Hardy Bucks. Tá an taifeadadh déanta timpeall an bhaile agus tá a lán daoine as Béal Átha na Muice sa seó nua a bheas á chraoladh ar an Mháirt an 16ú Samhain ar RTÉ.

### Folúntas i mBaile Locha Riach

Caitríona Ní Chadhain

TÁ sé fógartha ag Pádraig Ó Baoill go bhfuil sé le héirí as a phost mar Oifigeach Forbartha Gaeilge ar an eagras Gaeilge Locha Riach.

Bhí Pádraig i mbun an phoist le cúig bliana anuas ach tá sé ag éirí as chun dul ag múineadh staire.

Níl maoiniú do Ghaeilge Locha Riach geallta ag Foras na Gaeilge ach go dtí Mí an Nollag seo chugainn, ach tá Pádraig "an-dóchasach" go mbeidh maoiniú acu don chéad trí bliana eile ar a laghad.

Ní féidir an folúntas a fhógairt go lánaimseartha go fóill mar nach bhfuil cistiú deimhnithe ach go dtí an Nollaig ach tá an coiste dóchasach mar go bhfuil "luach a gcuid saothair" á fháil ar son an mhaoinithe.

Níl aon duine ar intinn go fóill chun an folúntas a líonadh ach dúirt Pádraig go ndéanfadh sé a dhícheall cabhrú le cibé duine a thógfadh a áit.

Tá aitheantas náisiúnta faighte ag an togra le duaiseanna móra bronnta orthu i gComórtas Ghlór na nGael.

Tugann Gaeilge Locha Riach "cuidiú do gach cuid den phobal ón chliabhán go dtí na daoine is sine," a dúirt Pádraig.

Tá neart oibre ar bun ag an gcoiste, mar atá, an Cumann Óige, foilsiú leabhar, ranganna agus campaí samhraidh. Chomh maith leis sin bíonn siad i gceannas ar an mórshiúl áitiúil Lá Fhéile Pádraig, i measc fhéilte eile, Féile Raifteirí, mar shampla.

### Páirc Spraoi nua don Spidéal

Caitríona Ní Chadhain

TÁ cinneadh déanta ar shuíomh do pháirc spraoi nua a bheidh á tógáil i gceantar an Spidéil.

Tá súil go dtógfar an pháirc spraoi ó dheas den pháirc pheile ag Coláiste Chonnacht.

"Ciallaíonn sé seo nach mbeidh ar dhaoine dul chomh fada leis an Cheathrú Rua, Ceantar na nOileán agus isteach go Gaillimh chun teacht ar áis mar seo, " a dúirt Aodán Mac Donncha, Oifigeach Forbartha Chomhlacht Forbartha an Spidéil.

Bhí sé shuíomh ar intinn ag Comhlacht Forbartha an Spidéil. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na suíomhanna éagsúla, agus comhairle a fháil ón gComhairle Contae, bheartaigh siad gurb é an suíomh ag Coláiste Chonnacht an áit is feiliúnaí.

Tá an comhlacht le castáil le Cumann Luthchleas Gael an Spidéil chun limistéar a aontú don suíomh.

Beidh deontas ar fáil ó Mheitheal Forbartha na Gaeltachta chun cuidiú leis an togra.

Tá súil go mbeidh an pháirc spraoi á hoscailt sa bhliain nua, ag brath ar chead pleanála, deontais agus léas a shocrú ar an suíomh.

### Leabhra Scoile anois ag Socos

Caitríona Ní Chadhain

TÁ leabhra scoile anois á ndíol ag Socos Teo atá lonnaithe in Indreabhán.

Leabhra bunscoile is mó atá i gceist, i mBéarla agus i nGaeilge.

Faoi láthair ordaíonn siad na leabhra de réir mar atá siad ag teastáil agus bíonn siad ar fáil faoi cheann trí nó cheithre lá.

Ag brath ar an méid éilimh a bheidh orthu, tá súil go mbeidh stoc leabhar le fáil sa siopa amach anseo.

Is é an córas atá acu faoi láthair ná go seolann daoine isteach liosta leabhar agus go gcuireann Socos na leabhra le chéile.

**LAIGHIN**
NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

# Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Gerard Manley Hopkins

**Diarmuid Johnson**

TIONÓLADH Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Gerard Manley Hopkins i gCill Dara 24-31 Iúil i mbliana. Tá an scoil á reachtáil ón mbliain 1987 i leith. Ar feadh scór bliain, is i Mainistir Éimhin a bhíodh imeachtaí na scoile ar bun. I mbliana, den chéad uair, is sa Droichead Nua a bhí siad.

Is é an file Desmond Egan stiúrthóir ealaíne na féile. 'Is éard is cuspóir don scoil saothar Gerard Manley Hopkins a scagadh agus a chur chun cinn,' arsa sé. Gach lá i rith na seachtaine bhí léachtaí ann le haoichainteoirí maidir le gnéithe de shaothar an fhile. Orthu sin bhí Michael Woods (Sasana), Miho Takahashi (an tSeapáin), George Cooper Clarke (Ceanada) agus an tOllamh Brian Arkins (Éire).

Gné thábhachtach eile den Scoil is ea Clar na hÓige. Is é an tUasal Derek Egan stiúrthóir an chláir sin. 'Tá 30 dalta anseo ó sé cinn de chontaetha Laighean,' arsa sé. Bíonn siad ag plé cúrsaí ceoil agus cumadóireachta le Conor O'Mahony. I mbliana, thug an t-amhránaí Frankie Lane cuairt ar an gceardlann. Is é Jim Kelly (Meiriceá) a stiúrann an cheardlann scannánaíochta leis an óige. Is é Wil Adamson (Sasana/an Ghearmáin) a bhí ag cíoradh cúrsaí filíochta leo. Is í an Meiriceánach Tammy Nuzzo Morgan a bhí i bhfeighil ar an amharcealaín.

Chomh maith le léachtaí na scoile agus le clár na hoige, bíonn imeachtaí chlub na féile ann san oíche. Déardaoin 29 Iúil, tionóladh oíche idirnáisiúnta filíochta in ionad ealaíne an Riverbank sa Droichead Nua. I measc na bhfilí a léigh a saothar le linn na hoíche bhí Yiorgos Chouliaris (an Ghréig), Robert Simonisek (an tSlóivéin), agus Riina Katajavuori ón bhFionlainn.

Oíche mhór na féile ab ea an choirm cheoil leis an soprano Celine Byrne. Bhí 350 i láthair. Maraon leis na himeachtaí sin ar fad, bhí taispeántas ealaíne ann i gColáiste na nDoiminiceach, an Droichead Nua, rud a d'eagraigh an criadóir, Eleanor Swan, Coiste na Féile. I measc na n-aíonna a d'fhreastail ar imeachtaí na féile i rith na seachtaine bhí Ambasadóir Cheanada in Éirinn, an tUasal Patrick Binns, Ambasadóir na Gearmáine in Éirinn, an tUasal Busso von Alvensleben, agus an Seanadóir Rónán Mullen. Le linn na féile, tugadh ómós don fhile Desmond Egan, bunaitheoir Goldsmith Press, agus cuireadh a chuid leabhar agus scríbhinní ar fad i láthair an phobail - 120 mír ar fad, idir bhunleabhair, aistriúcháin, agus an iliomad foilseachán eile.

Chaith Gerard Manley Hopkins roinnt blianta i mBaile Átha Cliath (1884-1889) ag teagasc na dteangacha Clasaiceacha. Le linn an ama seo, thugadh se cuairt ar chontae Chill Dara ar mhaithe lena shláinte. Fuair sé bás in aois a 42 bliain agus cuireadh i reilig Ghlas Naíon é.




**Lina Migulea (8 mí) as Co. na Mí, ach gurbh ón Rúis a cuid tuismitheoirí, agus í ag léamh a leabhairín Gaeilge - mar a dhéanann sí gach maidin! Grianghraf: Irina Podininoghina**

## Imeachtaí sa Pháil

**Kate Fennell**

## Ag siúl leis na Cnocadóirí

TÁ na Cnocadóirí ar ais! Tar éis briseadh gearr ó na siúlóidí, sa taobh seo tíre ar aon nós, ta siúlóid mheánach eagraithe acu don Domhnach beag seo i nGleann Molúra. Is siúlóid thart ar cheithre huaire an chloig go leith atá i gceist agus ba cheart bualadh le chéile ag Oifigí BSL ar Shráid Mhic Liam, BÁC 2 ag 10.30r.n. má theastaíonn síob uait. Más mian leat casadh le do chomrádaithe cnoic ag tús na siúlóide féin, bí ag Lóiste Ghleann Molúra (an t-óstán) ag 11.45r.n. Gach eolas le fáil ó www.cnocadoiri.com

## Seisiúin Ceoil in Áras Chrónáin

GACH oíche ón gCéadaoin go dtí an Domhnach bíonn seisiúin ceoil ar siúl in Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin. Tosaíonn na seisiúin ag a 9i.n. agus críochnaíonn siad ag 11.30i.n. Bíonn rang rince seite ar siúl ar an Aoine ag 7.30i.n agus seans gach a bhfuil foghlamtha a chleachtadh sa seisiún ina dhiaidh sin go dtí meán oíche. Tugtar fáilte d'aon duine le huirlis ceoil bualadh síos agus port nó stéibh a chasadh. Tuilleadh eolais ó www.araschronain.ie

## 'Ceol Cé' i Loch Garman

TA fear fuinniúil thíos i Loch Garman ag cur na Gaeilge chun cinn i ngach bealach gur féidir leis mar chuid den eagraíocht, Na Macallaí, le cúpla bliain anuas. Mar chuid den dea-obair tá Richie Ó hEadhra, an tOifigeach Gaeilge, in éineacht le roinnt oibrithe deonacha sa cheantar, ag eagrú féile lae, Ceol Cé, i gCearnóg Selskar ar an Satharn, 28ú Lúnasa óna 2 a chlog go dtí meán oíche. Glacfaidh ceoltóirí cosúil le Luan Parle, Liam Ó Maonlaí, agus Gerry Banjo O'Connor páirt chomh maith leis na grúpaí na Samba Drummers, Celtic Roots, na Wild Turkeys agus Vertigo. Chomh maith leis sin beidh taispeántas de na seancheirdeanna traidisúnta ar siúl agus imeachtaí do pháistí. Tá sé saor in aisce agus cuirtear fáilte mhór roimh aon duine gur mhaith leo an cúpla focal nó níos mó ná sin a úsáid ar an lá. Ta an eagraíocht tiomanta don Ghaeilge a chur chun cinn sa chondae i mbealaí spraoiúla, spreagúla. Chomh maith leis an bhféile thuasluaite beidh deis ann san Fhómhar freastal ar an gcúrsa Dioplóma sa Ghaeilge i Loch Garman i gcomhpháirtíocht le OÉ, Gaillimh. Ta tuilleadh eolais maidir leis seo agus na himeachtaí le fáil anseo: www.lochgarman.ie

## An Béal Binn i mBré

TÁ suíomh úrnua álainn cruthaithe ag an eagraíocht An Béal Binn i mBré gur fiú súil a chaitheamh air chun na himeachtaí atá ag teacht aníos san Fhómhar a fheiceáil. Beidh ceardlanna drámaíochta, féile scéalaíochta, imeachtaí don aos óg, féile amhránaíochta agus imeachtaí eile rialta ar siúl acu, ag tosnú an mhí seo chugainn. An chéad dáta don dialann ná an 23 Meán Fómhair nuair a bheidh siad ag reachtáil Scléip an Fhómhair. Breac an dáta i do dhialann agus bí ag faire amach anseo agus ar an suíomh www.anbealbinn.com i gcomhair tuilleadh sonraí.


## Féile Bhia Dhroichead Átha

**Oisín Mac Donnacha**

TÁ an Fhéile Bhia i nDroichead Átha ag leanúint ar aghaidh don dara bliain as a chéile. Beidh an fhéile ar siúl ón 13ú go dtí an 15ú de mhí Lúnasa. Beidh an fhéile ar bun i Sráid na gCapall, Sráid Thobar an Stoic agus lár an bhaile. Beidh neart le déanamh ann, do dhaoine óga agus aosta, ó phicnic an bhéirín go ceardlann bhia dóibh siúd atá ag iarraidh oidis nua a fhoghlaim. Chomh maith leis sin beidh barraí an bhaile ar oscailt go dtí a 2 san oíche. Bunaíodh an fhéile chun táirgí agus bialanna áitiúla a chur chun cinn.

**An bhfuil scéilín agat?** Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, **nuacht@gaelsceal.ie**, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

# MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

## Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

## Rásaí an Daingin

BHÍ rith an ráis, más ceadmhach é sin a rá, le Rásaí an Daingin, nó mar a ghlaotar orthu go háitiúil, Ráiseanna Bhaile an tSagairt, óir is ansiúd a ritear iad agus a ritheadh an deireadh seachtaine seo caite. Dhá lá ba ghnách a bhíodh na rásaí ar feadh na mblianta ach le roinnt bheag de bhlianta anuas, bíonn siad ann thar trí lá, ag tosnú tráthnóna Dé hAoine agus as sin go tráthnóna Dé Domhnaigh.

Dar le fear eolach ar imeachtaí an bhaile, Séamus Ó Bambaire, ní raibh oiread capall i láthair lena chuimhne agus, ní dócha, riamh. "Bhí capaill ann ó cheithre chúinne na hÉireann agus ón mBreatain Bheag," ar sé. Ba léir go raibh an ceart ag Séamus mar go raibh ar riarthóirí na Féile an rás mór, 'An Golden Mile,' a roinnt ar an Satharn.

Is dhá chapall ó Ros Comáin a bhuaigh an rás deighilte sin: "He's for real' rás amháin agus 'Push the Button' an ceann eile. Bheadh an iomarca capall sa rás dá mbeadh siad go léir le chéile.

Ar eagla na míthuisceana bhí ar gach capall 'An Golden Mile' a rith. Gan amhras b'é rás mór an lae ar an Domhnach ná 'Dairbí an Daingin', a raibh urraíocht €6,000 ó Dawn Dairies ag dul leis.

Capall ó Dhún na nGall, 'Loose Pride', a bhuaigh agus a thuill €3,200 agus bhí capall ó Chontae na Mí, 'Ordinary Man' sa dara háit agus thuill €1,400. Bhí ocht gcapall déag sa rás. Ní nach ionadh bíonn an-spéis sna rásaí do chapaill agus do phónaithe áitiúla. Is capall le Dáithí Grainbhéal ón Daingean, 'Real Hopper' a bhuaigh an rás mór áitiúil. Bhí Seán Ó Conchúir ó Bhaile na Buaile, an Daingean, sa dara háit lena chapall 'Sikorski'.

Fuair Seán, nó Jeaic, Ó Cinnéide, ó Mhóin na gCeapa, an Daingean, gáir áthais an lae nuair a bhuaigh an buachaill cúig bliana déag rás na bpónaithe le pónaí a athar, 'Pair of Jacks'. B'í Deirdre Grainbhéal, ó Shráid Eoin, an Daingean, an Bhean Ba Ghléasta ag na rásaí. Bhí an aimsir faoi do na rásaí agus níor thit aon deor báistí go dtí an rás deireanach Dé Domhnaigh.

Ar dhein Séamus Ó Bambaire aon airgead? "Níor dheineas, ach is cuma. Nach raibh na rásaí agus an aimsir thar barr againn, cad eile a bheadh uait?"

## Regatta

MÁS fíor dá gcloisimid níl áit ná ócáid ar thalamh an domhain níos taitneamhaí ná Regatta an Daingin a bheidh ar bun i gCuan an Daingin an Domhnach seo chugainn. Beidh idir fhir agus mhná ó chian agus ó chóngar le feiceáil le chéile ar fharraigí léinseacha. Bíonn go leor taispeántas spleodrach, imeachtaí, ceoil agus seo siúd, ag an Regatta seo ar a bhfuil cáil idirnáisiúnta. Uair dá raibh b'é Taoiseach an lae san am, Cathal Ó hEochaidh, a chuireadh tús leis na rásaí. Lean a mhac. Ní heolach dom fós cé a bheidh ag scaoileadh idir naomhóg agus bád saighne faoin bhfarraige. Mar is gnách is ar an aimsir a bhraitheann rath a bheith ar an bhféile.

## Coláiste Íde

IS beag sa saol Gaelach nár chuala trácht ar Choláiste Íde i mBaile an Ghóilín, in aice an Daingin. Dar liom gurb é seo an t-aon choláiste lán-Ghaeilge cónaithe do chailíní sa tír.

Is ar an láthair seo a bhí tiarnaí tiarnúla talún Fhionntrá tráth gur chaitheadar bogadh leo. Reáchtáladh é mar Choláiste Oiliúna ó 1927 go 1961 agus d'éirigh go breá leis go dtí gur scoradh na Coláistí Ullmhúcháin agus fágadh áiteanna mar Choláiste Íde faoi oird eaglasta.

Lean na mná rialta le meánscolaíocht i mBaile an Ghóilín go dtí 1986 nuair a d'aontaíodar an scoil agus a lean a ligean ar cíos le 'Cairde Choláiste Íde'. Bhí gaisce a thuig an saol mór déanta ag an mná rialta agus cuireadh é sin in iúl go fairsing dóibh. Bhí teist na scoláireachta agus na Gaolainne riamh ar an gColáiste agus is amhlaidh atá fós.

Faoi chathaoirleacht Mhíchíl Uí Mhuircheartaigh tá tonntracha agus cuilithíní curtha acu díobh ó shin, mar a bheifeá ag súil. Ach is iontach é mar scéal go mbeidh céad agus daichead a naoi dalta ag dul doirse an oideachais isteach i gColáiste Íde an mhí seo chugainn.

Sin líon scoláirí nach raibh riamh ann, ná in aon ghiorracht dó, agus is beag a shíl aon duine gur mar sin a bheadh ag Coláiste Íde tar éis saothar slachtmhar na mban rialta."Tá rang a haon lán don bhliain seo chugainn," arsa Siobhán Ní Chathalláin, duine den lucht bainisteoireachta, ach beidh dhá lá oscailte againn i lár Dheireadh Fómhair do scoláirí don bhliain 2012."

Ach nach bhfuil taithí ag an gcraoltóir iltréitheach, Mícheál, ar iontais i saol na caide agus na hiomána i mbliana agus le fada. Is dócha gur iontas thar iontais i saol an lae inniu é an gaisce atá á chur i gcrích ag Mícheál agus a fhoireann ar bhánta glasa agus ar chúirt Bhaile an Ghóilín.

## An Clár

## Maoiniú €186,490 do Bhealach na Boirne

Róisín Ní Éalaí

DÚIRT an tAire Máire Ní Ainifín an tseachtain seo go mbeidh infheistíocht de thuairim agus €190 milliún á déanamh sa turasóireacht faoi Chlár Infheistíochta Caipitiúla Fáilte Ireland. Táthar ag súil an t-infheistiú a dhéanamh thar thréimhse 6 bliana chun uasghrádú agus forbairt a dhéanamh ar áiseanna nua turasóireachta in Éirinn.

Tá €186,490 le dáileadh ar Clare Coastal Walks, a bhíonn á gcur chun cinn ag Comhairle Chontae an Chláir, faoi Chlár Infheistíochta Caipitiúla Fáilte Ireland,. Tá an maoiniú seo dírithe ar bhealach líneach 12.7km a thógáil idir sráidbhaile Dhúlainn, Ceann Caillí agus Lios Ceannúir. Clúdóidh na hoibrithe seo draenáil, bealaí trasna, cláir mhapaí agus marcáil na mbealaí. Nuair a chuirfear an tionscadal seo i gcrích, beidh sé mar chuid de Bhealach na Boirne.

"Tá sé fíor-thábhachtach go ndéanfar infheistíocht agus athnuachan leanúnach ar na nithe is díol spéise do thurasóirí más rud é go bhfuilimid chun cur le líon na dturasóirí sna blianta atá romhainn," a dúirt an tAire.

Luaigh sí, freisin, an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag an fhorbairt seo ar an Bhoireann.

"Feabhsóidh na hoibrithe atá beartaithe Bealach na Boirne, agus soláthrófar siúlóid líneach mhórthaibhseach do chuairteoirí a thiocfaidh chuig an Leacht, Dúlainn, Lios Ceannúir agus bailte eile na Boirne sa Chlár Thuaidh. Beidh tionchar dearfach acu ar an fhorbairt agus ar chur chun cinn Bhealach na Boirne trí chéile, mar gheall go dtógfar cuid den tsiúlóid seo as an bpríomhbhóthar mar chuid de na hoibreacha," a deir sí.

## 'Superheroes' i gCorcaigh



Adelina Corigliano ón nGeata Bán, Co. Chorcaí leis na laochra rugbaí Denis Hurley agus Tomás O'Leary ag seoladh an chéad 'Superhero Fun Run' i gCorcaigh ar mhaithe le Ciste Ailse na bPáistí in Ospidéal na Leanaí i gCromghlinn. Beidh an rás 5k ar siúl i bPáirc Fiadhúlra Fota ar an Satharn 18 Meán Fómhair agus táthar ag spreagadh daoine a bheidh ag glacadh páirte ann chun gléasadh mar 'superhero' don ócáid. Grianghraf: Neil Danton.

## An Rinn

## Snámh agus Spraoi sna Déise

Róisín Ní Éalaí


BEIDH snámh agus beárbaiciú urraithe Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála, Cuan Dhún Garbhán, ar siúl ar an 22 Lúnasa ag Cé Heilbhic, An Rinn. Is é seo an séú snámh déag bliantúil a bheidh ar bun agus beidh sé ag cuidiú le Bád Tarrthála Heilbhic. Cuirfear tús le himeachtaí ag a 3.00i.n., ag brath ar chúrsaí aimsire.

Tá 50 snámhóir urraithe i mbun traenála faoi láthair don ghníomhaíocht tiomsaithe airgid seo. Beidh an "Dungarvan Brass Band" agus "The Mad Hatter" i mbun ceoil agus ag cur tús leis an spraoi ag an mbeárbaiciú. Péintéalfaidh na péintéirí éadain aghaidheanna agus buailfidh cara na hInstitiúide Náisiúnta Ríoga, "Stormy Stan", leis na leanaí.

"Beidh Cé Heilbhic an-fheiliúnach ar an Domhnach 22 Lúnasa, le haghaidh lá spraoi iontach don chlann!" a deir Oliver Clancy, Cathaoirleach Ghníomhaíochtaí Tiomsaithe Airgid Dhún Garbhán, INRBT.

Moltar do dhaoine atá faoi mhíchumas seiceáil roimh ré mar gheall ar bhealach isteach chuig an ócáid, mar gheall go bhfuil roinnt cosán géar ann. Tá níos mó eolais ar fáil ó Údaráis Áitiúla Chontae Phort Láirge.

**ULAIDH**
NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

# Ionsaí ar scoláirí – na meáin thar fóir?

**Eoin Mac Garvey**

AN ndeachaigh na meáin náisiúnta thar fóir ó thaobh chlúdach an ionsaí a rinneadh ar scoláirí Gaeilge atá ag freastal ar Choláiste Mhuire i Loch an Iúir, Tír Chonaill? Sin an cheist atá ardaithe ag go leor i gceantar an iarthuaiscirt an tseachtain seo.

Rinneadh clúdach ar an scéal seo ar nuacht teilifíse agus raidió RTÉ, TG4, mórchuid na nuachtán náisiúnta agus go leor de na meáin chlóite agus teilifíse aduaidh. Fiú bhí an scéal ar an cheann ba mhó le léamh ar shuíomh idirlín nuachta RTÉ ar feadh an lae.

Ní thig ach cáineadh a dhéanamh ar an méid a tharla do na scoláirí Gaeilge a chaith airgead mór ag teacht chun na Gaeltachta le Gaeilge a fhoghlaim agus ní le greamanna a fháil ina gcuid gcloigne. Tá na Gardaí go fóill ag fiosrú na heachtra agus ag lorg eolais ón phobal agus go háirithe ó dhuine ar bith a bhí sa cheantar nuair a tharla sé.

In agallamh le RTÉ Raidió na Gaeltachta an tseachtain seo thug iarpheileadóir Ard Mhacha agus athair duine de na gasraí a bualadh le fios gur baineadh úsáid as a ainm agus gur scríobhadh rudaí nár dhúirt sé i nuachtán Domhnaigh.

Dúirt Jarlath Burns leis an chlár 'Barrscéalta an tSamhraidh' nár labhair sé leis an 'Sunday World' ná nár dhúirt sé roinnt de na rudaí a bhí sa nuachtán.

Dúirt an tuairisc 'eisiach' sa nuachtán go raibh údaráis an choláiste ag seinm Amhrán na bhFiann ag tús na hoíche in áit dheireadh na hoíche mar go raibh sé ag tabhairt comhartha d'ionsaitheoirí fáil réidh nuair a bhí Amhrán na bhFiann á sheinm ag deireadh na hoíche.

Chaith an tUasal Burns na blianta mar ardmháistir i gColáiste Loch an Iúir agus tá a theaghlach ag teacht chun na coláiste le blianta agus bunadh an cheantair eolach go maith ar an meas atá air ar Loch an Iúir.

Thug roinnt daoine áitiúla ar labhair 'Gaelscéal' leo le fios nach gcuideoidh an drochainm a fuair an baile sna meáin náisiúnta leis an cheantar ná leis an choláiste agus measann go leor go raibh clúdach an scéil thar fóir.

"Is drochrud amach is amach an méid a tharla do na gasraí óga sin agus ní thig glacadh lena leithéid in áit ar bith. Measaim go ndeachaigh na meáin laethúla náisiúnta thar fóir ag tuairisciú an scéil agus caithfear ceisteanna a chur anois ós rud é gur úsáid siad fiú ainmneacha daoine nár labhair leo," a dúirt bean áitiúil linn.

Cuirfear deireadh leis na cúrsaí Gaeilge i Loch an Iúir ar an 20ú Lúnasa.

## RTÉ á thabhairt chun cúirte ag déantóir scannán as Gort a' Choirce

**Judy Ní Ógáin**

TÁ léiritheoir scannán, Neasa Ní Chianáin, as Gort a' Choirce, ag tabhairt an chraoltóra náisiúnta RTÉ chun cúirte ag maíomh clúmhilleadh (defamation) dá bharr agus de bharr déantóir scannán eile.

Tharraing clár faisnéise de chuid Ní Chianáin 'Fairytale of Kathmandu' go leor conspóide tar éis a chraolta anuraidh. D'fhiosraigh an clár an caidreamh a bhí idir an file Cathal Ó Searcaigh as Tír Chonaill agus fir óga as Neipeal, le linn a chuid cuairteanna bliantúla ar an tír.

Tháinig sé chun solais le gairid go ndearna Ní Chianáin páipéir a thaisceadh leis an Ard-Chúirt an mhí seo caite, i ndiaidh píosaí ó scannán a rinne file agus déantóir scannán as Ciarraí, Paddy Bushe, ina ndéanann sé na líomhaintí a rinne sí ina scannán féin a bhréagnú, a bheith craolta ar TG4. Is cara leis an bhfile Ó Searcaigh é Paddy Bushe.

Tá sé maíte gur chuir an scannán a bhí déanta ag an Uasal Bushe i leith dhéantóir an scannáin 'Fairytale of Kathmandu' go ndearna sí ionadaíocht mhícheart agus mhíthreorach uirthi féin agus í i mbun dhéantús an scannáin.

Rinneadh scannán Bushe dar teideal 'The Truth of Kathmandu' a thaifeadadh i Neipeal chomh maith agus tá sé maíte go dtugann an scannán le tuiscint gur 'íoc' Ní Chianáin na fir óga a bhí le feiceáil ina scannán, chun labhairt ar a gcaidreamh leis an fhile as Gort a' Choirce, nó go ndearna sí iad a 'chóitseáil'.

Thaispeáin scannán Ní Chianáin roinnt fir óga ag labhairt faoina gcaidreamh collaí le Ó Searcaigh agus thaispeáin sé chomh maith an file ag ceannacht bronntanaisí do na fir óga faoi leith.

Tá Ní Chianáin ag séanadh na líomhna sin. Má thagann an cás ós comhair cúirte, tá an baol ann go gcaithfeadh an file Ó Searcaigh a bheith i láthair mar fhinné sa chás clúmhillte, chun fianaise a thabhairt i gcosaint an chraoltóra náisiúnta – RTÉ Commercial Enterprise Ltd. agus Bushe.

## Comóradh Bhua Uí Néill ag Béal an Átha Buí

**Anton Mac Cába**

IN Ard Mhacha ag deireadh na seachtaine déanfar comóradh ar Chath Bhéal an Átha Buí. An 15 Lúnasa 1598 scrios arm Aoidh Uí Néill arm Eilís, Banríon Shasana, a bhí faoi cheannas an Ridire Henry Bagenal. Tharla seo le linn Chogadh na Naoi mBliana. Bhí fórsaí Shasana ar a mbealach le Tír Eoghain a chur faoi smacht.

I measc na n-imeachtaí, beidh díospóireacht ar thábhacht an chatha, turas thart ar an láthair, agus rása currachaí ar an Abhainn Dubh.

Is ag Club CLG an Ghráinsigh a tharlóidh tromlach na n-imeachtaí. Cuirfear tús leo ag a haon Dé hAoine. Tá an Gráinseach ceithre mhíle siar ó thuaidh ó chathair Ard Mhacha, ar an bhóthar go dtí an Maigh. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó John Nixon ag 00 44 7971092977.

## Turas 35 ciliméadar le dul le hairgead a fháil as banc

**Judy Ní Ógáin**

TÁ eagraíochtaí agus grúpaí pobail i gceantar Dhún na nGall Thiar Theas chun cur lena bhfeachtas chun meaisín ATM a fháil curtha isteach sa gceantar.

Faoi láthair, bíonn ar dhaoine áitiúla agus ar thurasóirí a thagann ar cuairt chuig na ceantracha Gleann Cholm Cille agus an Charraig, taisteal suas le 35 ciliméadar chun a theacht ar mheaisín airgid (ATM) in Ard an Rátha agus sna Cealla Beaga chun airgead a fháil amach as an mbanc.

Tá neamhaird déanta ag na bancanna ar iarratasaí a cuireadh faoina mbráid go dtí seo.

Rinneadh an cheist chonspóideach a phlé ag cruinnithe le gairid idir Foireann Ceantair Áitiúil ('Local Area Team'), Údarás na Gaeltachta agus Lár-Chomhairle Paróiste (LCP) – an grúpa a dhéanann feidhmiú ar son na gcoistí paróiste áitiúla.

Dúirt an tOifigeach Forbartha le LCP, an tUasal Yvonne Ní Churráin, go raibh súil aici go mbeadh an tseirbhís, a bhfuil géarghá leis, curtha isteach in am do shéasúr na turasóireachta an chéad bhliain eile.

"Tagann níos mó ná 120,000 duine ar cuairt chuig Sliabh Liag go bliantúil. Tá 'Fáilte Ireland' agus gníomhairí eile ag iarraidh níos mó turasóirí a mhealladh isteach, ach mar sin féin, ní féidir leis na turasóirí a thagann ar cuairt a theacht ar a gcuid airgid le caitheamh go háitiúil. Is cúis náire é", a dúirt Ní Churráin.

Dúirt sí chomh maith go mbainfeadh na daoine áitiúla tairbhe as meaisín ATM a bheith ar fáil ins san gceantar freisin, mar go mbíonn orthu taisteal suas le 20 míle díreach chun a theacht ar a gcuid airgid.

Braitheann na gnónna áitiúla go bhfuil an costas árachais a théann leis an mheaisín a chur isteach ar a gcuid foirgneamh, ró-ard.

Tá muintir an cheantair ag súil chomh maith go mbeadh ceannaire Fhine Gael, Enda Kenny, in ann dul i bhfeidhm ar na húdaráis le go gcuirfear an meaisín ATM isteach.




**Bhailigh níos mó ná 3,000 duine i Leitir Ceanainn Dé Sathairn seo a chuaigh thart mar agóid in éadan ciorruithe atá beartaithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag an Otharlann Ghinearálta sa bhaile. I measc na gcainteoirí bhí Cora Harvey, Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall, John Gallagher ó Donegal Voice for Older People agus urlabhraithe ó na ceardchumainn SIPTU agus IMPACT. Cháin siad na ciorruithe agus gheall go mbeadh níos mó agóidí amach anseo.** PIC. DANNY BROWN.

## Cosc curtha ar chuadrothair ar thránna agus ar oileáin

**Judy Ní Ógáin**

TÁ cosc iomlán curtha ar chuadrothair agus rothair streachailte ar thránna éagsúla i dTír Chonaill de bharr an damáiste a dhéanann siad don trá, do dhumhcha gainimh, d'ardtalamh, d'éin neadú talún agus dá gcuid neadacha.

De réir rialúcháin nua a tháinig i bhfeidhm le beagán os cionn seachtain anuas, rinne an tAire Comhshaoil John Gormley cosc iomlán a chur ar fheithiclí easbhóthair ar Bhá Bhaile an Easa ar an Fhál Carrach, ar Bhá Ghaoth Dobhair agus ar gach oileán suite amach ó chósta Dhún na nGall chomh maith le ceantair éagsúla eile radharcra ar fud na tíre.

Cuireadh an dlí nua seo i bhfeidhm chun 14 láthair íogaire nádúrtha san iomlán a chosaint in aghaidh na bhfeithiclí easbhóthair. Déanfar an toirmeasc a chur i bhfeidhm chomh maith i Sléibhte Chill Mhantáin, i Sliabh Bladhma i Laois agus in Uíbh Fhailí, agus sna Gaibhte i Luimneach agus i dTiobraid Árann.

Má bheirtear ar úinéirí cuadrothair agus rothair streachailte ag briseadh an dlí nua seo, gearrfar fíneálacha suas le €5,000 orthu.

Is féidir le húinéirí talún a ndéanann an dlí nua difear dóibh, achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh agus díolúine a lorg, má tá siad ábalta a chruthú nach ndéanfaidh scála na hoibre a bhíonn ar siúl acu damáiste don láthair chosanta ná nach mbeadh bagairt á déanamh ar speiceas cosanta.

Ní bheidh tionchar ar bith ag an dlí nua seo ar úsáid feithiclí easbhóthair do chuspóirí dlisteanacha ar nós talamhaíochta nó na seirbhísí éigeandála.

"I dteannta Stáit eile san Aontas Eorpach, tá ceantair éagsúla sainithe do chosaint an nádúir, agus caithfear tosaíocht a thabhairt dos na ceantair sin", a dúirt an tUasal Gormley. "Go deimhin, baineann go leor daoine an-sásamh agus taitneamh as nádúr nach bhfuil millte".

# 3 TUAIRIMÍ

## Ardán: "Is treise i bhfad oileán na hÉireann nuair a ghlactar leis an éagsúlacht a bhaineann leis"

**Paul Watterson**

Thart ar bhliain ó shin, rinne mé agallamh i gcomhar blag Shasanaigh agus cuireadh ceist orm cén phearsa stairiúil is mó a chuaigh i bhfeidhm ar mo chuid tuairimí polaitiúla. Roghnaigh mé ailtire "One Nation Conservativism", Benjamin Disraeli agus, i gcomhar cúiseanna a luafaidh mé níos déanaí, athair Aontachas na hÉireann, Sir Edward Carson. Dá mbeadh orm duine amháin a ainmniú mar an duine is mó a spreag mé i mo shaol, atá beo go fóill, is é a bheadh mar fhreagra agam ná m'athair!

In ainneoin gur rugadh agus gur tógadh m'athair in oirthear Béal Feirste i láthair chatha sheictigh atá ina coinicéar de chúlsráideanna lonnaithe idir an ceantar dílseora, Ascaill an Teampaill Mhóir, agus an ceantar poblachtánach, an Trá Ghearr, rinne sé cur síos air féin (mar a rinne Edward Carson) mar Bhriotanach agus mar Éireannach araon, agus bhí sé bródúil as an dá rud.

Cheap mé, mar dhéagóir a bhí gnóthach i mbun na polaitíochta, gurbh é seo an meon ba aistí a d'fhéadfadh a bheith agat: ba ionann "Éireannachas", dar liomsa, agus an cultúr agus an chéannacht a bhí á gcraobhscaoileadh ag daoine a chuir cogadh gan trua ar Aontachtóirí/Bhriotanaigh/Phrotastúnaigh Thuaisceart Éireann. I mbeagán focal, bhí ort rogha a dhéanamh maidir le do chultúr agus do chéannacht agus ní thiocfadh leat an dá thrá a fhreastal. Mura seasfá an fód i gcoinne fhórsa aontaithe na Provos, Shinn Féin, Dháil Éireann, CLG agus theanga agus litríocht na Gaeilge, is bocht an toradh a bheadh ar an scéal. Chuirfí iachall ar an chéad ghlúin eile dílseacht a mhionnú do rialtas eachtrannach i mBaile Átha Cliath. Bheadh orthu leabhair oifigiúla staire a léamh a dhéanfadh athinsint ar na heachtraí ag La Mon, Kingsmills agus Inis Ceithleann ar mhaithe le 'comhthéacs' ar leith a thabhairt. I ndeireadh na dála, dhéanfadh ár sliocht scigmhagadh agus séanadh ar a bpréamhacha Briotanacha agus ar a gcéannacht Bhriotanach.

Ábhar scanrúil agus cás, is dócha, a rachadh sé doiligh ar thromlach mhuintir an oileáin glacadh leis, ní hamháin na hAontachtóirí. Ar aon nós, agus mé ag dul in aois agus, le cúnamh Dé, níos mó céille agam, táim den tuairim go bhfuil gach seans ann go raibh an ceart ag John Hewitt nuair a dúirt sé, "Sa chéad dul síos, is Ultach mé atá sáite i dtraidisiúin na háite seo. Sa dara dul síos, is Éireannach mé, bainim le hÉirinn seo. Sa tríú dul síos, is Briotanach mé, agus faoi dheireadh, ar bhealach níos scaoilte, is Eorpach mé. Seans gur fearr a thuigfidh tú mé ach ceann de na gnéithe sin a bhaint, ach má bhainfidh, ní féidir leat cur síos a dhéanamh mar is ceart orm."

Ceart go leor, ní dhéanfainn cur síos orm féin mar sin. Dar liomsa, níl aon chéimiúlacht chéannachtaí ann - is mósáic í mo chuid céannachta a bhfuil clocha Briotanacha, Éireannacha, Ultacha mar dhlúthchuid di. Ma théann cloch amháin in easnamh beidh tarraingt áirithe ag baint leis an mhósáic go fóill, ach ní thiocfadh leat a rá go bhfuil sí "iomlán".

Mar sin, cad a spreag an eipeafáine phearsanta seo?

Ar dtús, d'aithin mé nach iad na Trioblóidí agus an oidhreacht a bhaineann leo an tagairt is fóirsteanaí lena mhíniú cad is "céannacht Éireannach" nó eile ann. Go deimhin, ní hiad is fóirsteanaí má táimse féin ag iarraidh a rá cé chomh mór agus a bhaineann céannacht Éireannach liom. Ní hionann Éire na mbuamaí a phléascadh gan rabhadh i siopaí sceallóg ar Bhóthar na Seanchille agus Éire Yeats, Wilde agus Heaney, ná Éire Aillte an Mhothair agus Arma Choluim Chille.



**Cheap mé, mar dhéagóir a bhí gnóthach i mbun na polaitíochta, gurbh é seo an meon ba aistí a d'fhéadfadh a bheith agat: ba ionann "Éireannachas", dar liomsa, agus an cultúr agus an chéannacht a bhí á gcraobhscaoileadh ag daoine a chuir cogadh gan trua ar Aontachtóirí/Bhriotanaigh/Phrotastúnaigh Thuaisceart Éireann. I mbeagán focal, bhí ort rogha a dhéanamh maidir le do chultúr agus do chéannacht agus ní thiocfadh leat an dá thrá a fhreastal. Mura seasfá an fód i gcoinne fhórsa aontaithe na Provos, Shinn Féin, Dháil Éireann, CLG agus theanga agus litríocht na Gaeilge, is bocht an toradh a bheadh ar an scéal.**

Díreach mar a bhí déanta ag Adams agus a chomhghleacaithe, ní raibh agam ach sainmhíniú cúng ar an rud is "Éireannachas" ann, sainmhíniú a d'fhóir go maith do mo thuairimí polaitiúla féin

Chuaigh rud eile i bhfeidhm orm. Nuair a d'fhág mé an scoil le dul amach sa saol i mbun staidéir agus oibre, ní raibh mé i measc mo mhacasamhala féin níos mó agus bhí mé míchompordach. I bhfocail eile cuireadh "brú" orm bualadh le daoine a bhí cosúil le m'athair, is é sin le rá, daoine a bhí bródúil mar gur Éireannaigh iad (ach ba dhaoine iad seo a bhí díograiseach i leith na Gaeilge agus CLG, rud nár bhain le m'athair féin).

Agus iontas na n-iontas, ní raibh adharca ná eireaball orthu, mar a raibh mé ag súil leis. Is é an dóigh a bhfuil sé go mbíonn Sinn Féin go fóill ag baint úsáide as an Ghaeilge mar reithe cogaidh cultúrtha, agus go mbíonn roinnt foirne agus páirceanna imeartha ag clubanna CLG ainmnithe as daoine a cheapaimse a bheith ina sceimhlitheoirí. Ach bhí comhghleacaithe oibre agam, agus mé lán sásta pionta a ól ina gcuideachta, a bhí in ann sásamh a bhaint as na rudaí seo. Thuig mé ansin, go mb'fhéidir go raibh sé in am agamsa mo shúile a oscailt i leith cúrsaí áirithe agus, ar mhaithe liom féin, m'aigne a leathnú ó thaobh an chultúir de.

I ndeireadh na dála, thuig mé, Dia dár réiteach, gur rugadh ar oileán na hÉireann mé, agus in ainneoin a raibh le rá ag Diúc Wellington, bhí mé chomh hÉireannach céanna le Parnell, leis an Phiarsach agus le Bono. Cad é an chéad chéim eile mar sin? Bhí cónaí orm in Finchley, áit a bhfuil fíorchlú an Bhriotanachais air, agus le himeacht aimsire, tuigeadh dom nach féidir sainmhíniú a thabhairt ar an rud is "ceannacht Bhriotanach" ann agus gach duine a shásamh. Thuig mé nach gá go mbeadh mo chuid Éireannachais, an chéannacht Éireannach agam, bunaithe ar threoirlínte ná ar chaighdeán ar leith a bhí leagtha amach ag cibé dream a chreideann gur acusan atá an ceart breithiúnas a thabhairt ar na ceisteanna seo. Seans nach bhfuil mo leagan-sa den Éireannachas múnlaithe ar an dearcadh céanna atá agaibhse ar an stair agus ar an ghaol atá ag Éirinn leis an "oileán eile"; chomh maith leis sin ní labhraím Gaeilge (go fóill) agus níl aon suim agam sna cluichí Gaelacha. Ach is aoibhinn liom an tírdhreach ar an dá thaobh den Teorainn; is breá liom an litríocht (is as an oileán seo don chúig údar is fearr liom), agus in ainneoin Bono agus an Riverdance, is deas liom ceol agus cultúr na hÉireann.

Ar nós mo athar, daichead bliain ó shin, is Éireannach mé agus tá mé bródúil as sin. Ní thaitníonn an meon seo go mór leis na hAontachtóirí, cinnte, ach má tá sé maith go leor ag Sir Edward ba cheart go mbeadh sé maith go leor agamsa. Arís, ar nós m'athar, ní fheicim aon chodarsnacht idir an bród sin a chur in iúl, agus ag an am céanna, a bheith lán sásta a bheith mar chuid de theaghlach ilchultúrtha, ilchreidimh, il-eitneach, ilnáisiúnta na Breataine.

Agus má chuireann sé sin isteach ar aon náisiúntóir Éireannach atá ag léamh an ailt seo, ba mhaith liom a chur i gcuimhne dóibh an méid a bhí le rá ag Jacques Chirac i ndiaidh d'fhoireann ilchultúrtha na Fraince an corn domhanda a bhaint i 1998 (ach amháin go bhfuil sé leasaithe rud beag agam):

"Is treise i bhfad oileán na hÉireann nuair a ghlactar leis an éagsúlacht a bhaineann leis." Ach, dáiríre, ar cheart go mbeadh sibh ag brath ar Aontachtóir leis sin a chur in iúl daoibh?

*Is múinteoir é Paul Watterson as Béal Feirste. Is ball é de Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP) é.*

## Éistimis le Mná Leitir Mhóir



**Bernie Ní Fhlatharta**

Bhí seans agam tuairimí ban óg a chloisteáil ar an deireadh seachtaine nuair a bhí mé mar mholtóir ag comórtas Pheigín Leitir Mhóir. Ba cheart don Taoiseach a leithéid a dhéanamh mar go dtabharfadh sé seans dó éisteacht leis an bpobal.

Bhí mé an-tógtha leis na mná óga seo, a bhí idir 18 agus 23 bliain d'aois, mar go raibh oideachas orthu, go raibh siad chomh nádúrtha, chomh Gaelach agus chomh hálainn sin.

Ní raibh aon nósanna arda acu. Ní raibh uathu ar fad ach post ina gceantar féin sa chaoi go mbeadh siad in ann fanacht san áit inar tógadh iad.

Tá an-tóir agam ar Cheantar na nOileán mar gur chaith mé go leor ama ansin agus mé i mo dhéagóir ag fanacht ag muintir Dhuarcáin i mBéal an Daingin. Ardaíonn mo chroí gach uile uair a théim siar ann agus, arís, ar an deireadh seachtaine bhí an radharc mar a bheadh cárta poist ann agus an ghrian ag lonrú ar an bhfarraige. Ach is fíor a rá nach bhfuil mórán áiseanna ann don phobal.

Bhí an tÚdarás ag caint ar linn snámha poiblí a chur ar fáil sa Ghaeltacht sin ach níor tharla sé sin.

Tá ar an dream óg dul chomh fada le Gaillimh, 30 nó 40 míle ón áit, le dul ar an gcoláiste, le dul chuig an bpictiúrlann nó chuig siopaí éadaí.

Fós féin, is cosúil, ó bheith ag caint leis an naonúr ban óg seo a chuir isteach ar chomórtas Pheigín Leitir Mhóir, go bhfuil an-ghrá acu don áit agus gurb ann atá an tromlach acu ag iarraidh socrú síos. Seo mná óga a bhfuil oideachas orthu agus beidh ar chuid acu dul thar sáile le post a fháil, ach is i gCeantar na nOileán, i Ros Muc, i gCarna, ar an gCeathrú Rua agus in Indreabhán atá siad ag iarraidh fanacht.

Ach ní déarfainn gur labhair aon duine leis na mná óga seo nuair a bhí státseirbhísigh ag cur Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge le chéile.

Bhí an-bhrón orm ag éisteacht leis na mná seo mar go bhfuil faitíos orm go mbeidh orthu imeacht ón áit má tá siad le post a fháil.

Seo mná atá líofa sa Ghaeilge, a bhíonn ag imirt peile, sacair agus ag rámhaíocht. Seo iad na bruinnill ag an gcrosbhealach a raibh De Valera ag caint orthu nuair a bunaíodh an Stát seo ach feictear domsa go bhfuil dearmad déanta ar ghnáthphobal na Gaeltachta.

Ní hé go bhfuil siad ag iarradh bheith ag labhairt Gaeilge - is í a dteanga nádúrtha í. Ní hé go bhfuil iachall orthu maireachtáil sa Ghaeltacht - is é a mbaile é agus tá siad ag iarraidh fanacht ann. Nach é an trua nach dtéann an Taoiseach agus a chomhghleacaithe thart ar fud na tíre le héisteacht leis na daoine seo. Ba chostas é nach mbeadh aon duine ag ceistiú, tá mé cinnte de, agus ba luach maith ar airgead é.

# Baróin ola Dhún Chaoin



Conall Ó Móráin

NÍL aithne agam ar John O'Sullivan ach tá mé cinnte gur fear anbhreá, macánta agus eolach é. Seo a deir sé i bpreasráiteas ag a fhostóir, Providence Resources, comhlacht le Tony O'Reilly, faoi John;

*Fógra*

*Tá athbhreithniú déanta ar an bhfógra seo ag John O'Sullivan, Stiúrthóir Teicniúil, Providence Resources PLC. Tá céim B.Sc. i nGeolaíocht ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh ag John in éineacht le M.Sc. i nGeoifisic Fheidhmeach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus M.Sc.i mBainistíocht ó Scoil Ghnó Smurfit i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá John ag obair faoi láthair go páirtaimseartha ar thráchtas PhD i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. D'oibrigh John sa tionscal taiscéalaíochta amach ón gcósta le 20 bliain. Ball é de Chumann Geolaíochta Londan agus Cumann Taiscéaladh Peitriliam na Breataine Móire.*

Bíonn ar gach fógra ó aon chomhlacht taiscéalaíochta go bhfuil a gcuid scaireanna ar díol ar aon mhargadh rialaithe an méid seo eolais a chur ar fáil ionas gur féidir bheith cinnte go bhfuil an fhírinne dá hinsint ag an gcomhlacht. Is de bharr blianta fada gan an fhírinne dá hinsint ag ceannródaithe taiscéalaíochta faoin méid nach raibh faighte acu go raibh ar na stocmhalartáin iarracht éigin a dhéanamh srian a chur ar fhógraí iomlán iomarcach ag maíomh go raibh na milliúin, ní hea, na billiúin bairille ola faighte agus gur chóir scaireanna an chomhlachta a cheannach ar an bpointe.

Ar ndóigh, de ghnáth, bheadh an dara fógra ann, seachtain nó dhó níos deireanaí, ag rá go raibh anbhrón ar an gcomhlacht ach cé go raibh ola ann go raibh uisce istigh leis agus nárbh fhiú dada an poll. Idir eatarthu bheadh bainisteoirí an chomhlachta tar éis scaireanna a dhíol ag an uasphointe agus iad a cheannach thar n-ais nuair a tháinig an drochscéal amach agus na mílte Euro déanta go mídhleathach acu ach gan aon duine in ann é a chruthú.

Má théann muid siar go dtí mí Lúnasa 1984, b'shin am dochreidte i dtéarmaí scaireanna comhlachtaí taiscéalaíochta sa tír seo. Ag an am bhíodh scéalta ar leathanaigh thosaigh na nuachtán (Scéala Éireann nó an Irish Press ina measc) faoi chomhlachtaí cosúil le Aran Energy, Atlantic Resources, Eglinton agus Osceola. Má cheapann daoine go bhfuil rudaí go dona faoi láthair níor mhair siad sna hochtóidí.

Bhí an bháisteach níos fliche, ní raibh a leithéid de rud ann agus téamh domhanda agus dá bharr sin bhí sé níos fuaire, agus ar ndóigh ní raibh aon obair ann agus muid ar fad i bhfad níos boichte. Sin an comhthéacs.

Ansin foilsigh ceannlínte ag rá go bhfuil ola faighte 'ag an tír' - mar sin a tharla, agus cheap iriseoirí oilte, cliste go raibh muid tar éis an corn domhanda eacnamaíochta a bhuachan. D'imigh praghas scaireanna suas i líne dhíreach, ach mar a dúirt mé ní fada gur thit sé chun talaimh arís. Nuair a fhaightear ola i dtobar fo-thoinn tagann gás aníos leis agus dóitear an gás seo, bladhmadh mar a thugtar air. Comhartha é seo dóibh siúd atá ag faire ar an ardán druileála, roinnt mílte amach ón gcósta, gurbh fhéidir go bhfuil ola faighte. Dúradh liom le deireanas, agus creidim an té a dúirt, gur úsáideadh sorcóir mór Kosangas chun an gás seo a sholáthar. Ní gnó rómhacánta a bhí sa ghnó ag an am.

Imchuach an Torcáin a thugtar ar chuid mhór den fharraige díreach amach ó chósta Chiarraí, thart ar 450 míle cearnach, ina iomláine. Is ansin atá Providence Resources ag glacadh suirbhé seismeach chun féachaint, mar a chreideann siad, go bhfuil ola faoin ngaineamh ann. Tá an suirbhé sin faoi lán seoil faoi láthair. Cosnaíonn an sórt seo oibre agus aon druileáil go mbeifear dá déanamh ina dhiaidh na deicheanna de mhilliúin Euro, sin costas ar pholl amháin agus bíonn ort roinnt mhaith acu sin a thochailt. Ós rud é go bhfuil Providence, gur le Tony O'Reilly an tríú cuid de, an-bheag mar chomhlacht tá an comhlacht millteanach mór Meiriceánach ExxonMobil tar éis 80% den ionchas a ghlacadh ach iad ag díol as 100% den tionscadal. Go díreach de bharr go bhfuil Exxon sásta a gcuid airgid a chaitheamh ar an togra seo creidtear go bhfuil siad 'dáiríre' agus go gceapann siad go bhfuil seans maith ann ola d'aimsiú. Fógraíodh tús leis an obair seo siar in 2006 agus mar a fheictear bogann cúrsaí druileála an-mhall ar fad. Ní fheicfear aon lasair mhór amach ó Dhún Chaoin go ceann cúpla bliain eile - má fheictear riamh í.

Tá dhá fhigiúr feicthe agam ar cé mhéad ola a d'fhéadfadh bheith faoin uisce ansin. Idir ceithre mhíle milliún agus ocht míle milliún bairille atá dá lorg ann - a chuireann i measc an fiche gort ola is mó ar domhan é. Ar phraghas an lae inniu is fiú ar a laghad $280,000,000,000 an méid sin. Nó a dhúbailt más ann dó ach ní raibh dóchain dúigh ag an gclódóir an figiúr sin a chlóbhualadh! Tá costais millteanach i gceist an ola seo a fháil as an talamh, más ann dó, ach is maith liom suimeanna simplí agus nach mbeadh sé deas dá mbeadh an rialtas in ann dleacht speisialta 10% a ghearradh ar an mhéid sin.

Thabharfadh sé sin €28 billiún dóibh - díreach an méid céanna atá caillte againn ar Anglo Irish Bank. Cuireann sé sin méid an chaillteanais i gcomhthéacs.

Mar fhocal scoir bhí mé ag smaoineamh nach mbeadh sé anspéisiúil dá mbeadh ar ár gcuid Teachtaí Dála agus ár Seanadóirí a gcuid cáilíochtaí a leagan amach dúinn ar gach preasráiteas a fhoilsíonn siad siúd, cosúil le John O'Sullivan thuas, agus míniú a thabhairt ar cén tuiscint speisialta atá acu ar an eacnamaíocht, ar an bhfiontraíocht, ar an gcóras leighis, ar chúrsaí infreastruchtúir srl agus, rud tábhachtach eile, cé uaidh ar ghlac siad cúnamh airgid.

Nár bhreá liom ceann Ivor Callely a léamh!

# Bás léanmhar faoi choim na hoíche i mBaile an Ultaigh



Eoghan Ó Néill

Cad faoi thuama a bheith againn, ar stíl thuama an tsaighdiúra anaithnid, do na daoine sin a d'imigh as radharc le linn na dTrioblóidí?

Tuama le leac chuimhneacháin shimplí agus lóchrann beag inti a bheadh lasta go dtí go n-aimseofaí corpáin na ndaoine sin a d'imigh as radharc.

Is éigean rud éigin a dhéanamh seachas a bheith ag rá leis na gaolta nach bhfuil de rogha acu ach fanacht go ciúin go dtí go n-aimseofar na coirp, bíodh fanacht bliana nó 60 bliain nó 160 bliain i gceist.

Tá clabhsúr de shaghas éigin de dhíth ar na gaolta agus ba chuidiú leo, sa chomhthéacs sin, dá mbeadh tuama nó a mhacasamhail ann.

Le haimsiú thaisí Charles Armstrong, cuimhnítear, arís eile, gur cheart dúinn a bheith tógtha faoin cheist seo seachas a bheith inár dtost faoi.

Is cuimhin liom, blianta ó shin, bheith ag caint le ball den IRA faoi scaoileadh duine acu sin a maraíodh.

'Ar íoróiní an tsaoil,' ar seisean, 'scaoileadh agus cuireadh corp duine acu in áit darb ainm Baile an Ultaigh!'

Bhí an ceart aige. Ba mhór an íoróin Ultach a bheith curtha chun báis i bportach i mBaile an Ultaigh.

Is ioróntaí fós é, áfach, gur buanchúis aifealtais do ghluaiseacht na Poblachta é, in am na síochána, an fear seo agus a leithéidí, a scaoileadh faoi rún le nach gcuirfí aiféaltas ar ghluaiseacht na Poblachta, am an chogaidh.

Is tubaiste phoiblíochta é do ghluaiseacht na Poblachta na daoine seo a bheith ar iarraidh go fóill.

Ach is tromluí daonna gan chríoch é do na gaolta a mhaireann beo ar an dóchas go dtarlóidh sé lá éigin, áit éigin, go dtiocfaidh feirmeoir ar chorp.

Tá meáin áirithe ann a phléann leis an cheist seo mar sheans eile chun Poblachtaithe a ionsaí. Nó tá aicme iriseoirí sa tír seo a bhfuil a slí bheatha tógtha acu ar a bheith ag síorleagan an mhilleáin as gach olc dá bhfuil ann ar phoblachtaithe agus ar náisiúnaithe.

Agus tá cuid acu chomh tógtha sin leis an chlár oibre sin is nach luann siad ainm Lisa Dorrian.

D'imigh Lisa Dorrian as radharc nuair a chuaigh sí chuig cóisir i mBaile Anraí i gContae an Dúin ar an 27 Feabhra 2005.

Tuigtear gur bhuail baill den UVF agus den LVF chun báis í agus gur chuir a corp i bhfolach.

Caitliceach ab ea í, ach ní léir an mar gheall air sin a maraíodh Lisa Dorrian.

**Le haimsiú thaisí Charles Armstrong, cuimhnítear, arís eile, gur cheart dúinn a bheith tógtha faoin cheist seo seachas a bheith inár dtost faoi.**

Duine eile de na 'Disappeared' í Lisa, í ligthe i ndearmad ag gach duine eile ach amháin ag a teaghlach.

B'fhurasta agus tú ag amharc ar scéal sin na ndaoine a d'imigh as radharc nó ar iarrachtaí na n-easaontóirí Poblachtacha chun cur lena bhfeachtas, b'fhurasta duit a bheith lagmhisniúil faoin tuaisceart.

Ach is fíor, mar a bhí riamh, gur ar bheagán poiblíochta a tharlaíonn cuid de na rudaí is tábhachtaí sa tuaisceart.

Bhí Féile an Phobail ann i mBéal Feirste Thiar, an tseachtain seo caite.

24 bliain ó shin, bhíodh tinte cnámh, fuadach carranna, círéibeacha agus scaoileadh an t-am seo den bhliain mar chomóradh an Imtheorannaithe i gceantair náisiúnacha.

Seachas glacadh leis sin, bunaíodh Féile an Phobail chun rogha eile a chur ar fáil seachas rogha an fhornirt. Tá an fhéile ag láidriú gach bliain ó shin.

I mbliana, chuala na scórtha míle duine ó leithéidí Seamus Heaney, Lenny Henry, Damien Dempsey, Michelle Shocked, The Peatbog Fairies, an Russian Chamber Philharmonic St Petersburg Orchestra, agus go leor leor eile.

Do dhaoine ar suim leo an pholaitíocht, bhí leithéidí Ian Paisley Óg, Jackie McDonald ón UDA, Plum Smith ón UVF, Naomi Long, Barra Mac Giolla Dhuibh, Fintan O'Toole, Colm O'Gorman, agus go leor eile ann.

Lara Marlowe an cainteoir is mó ar chuir mise suim ann.

Bean mhisniúil í agus thug sí cuntas iontach ar a saol mar chomhfhreagraí cogaidh.

Go háirithe a himeacht ón iris mhórchlú, TIME Magazine, cionn is í a bheith ag iarraidh scéal na bPalaistíneach a chur mar aon le scéal na nIosraelach.

Rud nár spéis leo.

Ar imeachtaí na Cultúrlainne, bhí ceolchoirm John Spillane agus taispeántas rince Emma Ní Shúilleabháin go speisialta maith.

Ach thug mé suntas do dhream eile a bhí sa Chultúrlann ag an am céanna, grúpa de dhéagóirí ó Sandy Row, mórcheantar dílseach i ndeisceart Bhéal Feirste.

Cuid acu, ní raibh siad i gceantar náisiúnach riamh roimhe agus ba mhór leo an fháilte a cuireadh rompu ar Bhóthar na bhFál.

Is minice agus is minice a fheiceann tú a leithéid de ghrúpa sa Chultúrlann. Agus is díol suime é an bhéim ar an ghné thrasphobail a bhí ar chlár Fhéile an Phobail i mbliana.

Bhí roinnt imeachtaí a raibh gné láidir thrasphobail ag baint leo agus cuid eile a reáchtáladh ar an tSeanchill, faoi bhrat Fhéile an Phobail.

Is léir go bhfuil dul chun cinn ann, dul chun cinn mór, in amanna, rud nach saothróidh leathoiread ceannlínte is a shaothróidh círéib in Ard Eoin.

# Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

## "Easaontóirí"

MAR 'ghearrscríobh' iriseoireachta tugtar 'easaontóirí' ar gach cineál Poblachtach nach Sinn Féineach é. Ní beacht an cur síos é sin ar an ábhar go bhfuil idirdhealú ollmhór ann idir na grúpaí éagsúla atá ann.

Is é sin go bhfuil roinnt acu ar nós an RIRA, an CIRA agus eile i mbun feachtas armtha agus go bhfuil grúpaí eile ar nós Éirígí agus an Republican Network for Unity i mbun feachtasaíocht pholaitiúil.

Tá an 32 County Sovereignty Committee agus Sinn Féin Poblachtach i mbun gníomh polaitiúil chomh maith ach meastar iad a bheith dlúthcheangailte leis an RIRA agus an CIRA faoi seach.

Tá Poblachtaigh atá ar bhealach na síochána cé nach n-aontaíonn siad leis an phróiseas síochána mar atá agus táthar ann atá i mbun foréigin.

Caithfear an difear sin a aithint is a bheith cúramach le húsáid téarmaíochta sa chás seo. Tá sé mí-ionraic agus claonta gan sin a dhéanamh. Cuireann an focal 'easaontóir' in iúl go bhfuil easaontas ann le dearcadh eile áfach, sa cás seo le Sinn Féin.

Is oiriúnaí an focal a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar ghrúpaí ar nós an RNU agus Éirígí ná an RIRA / CIRA de bhrí go ndéanann siad féin an-tagairt do Shinn Féin i gcónaí. Leis an íomhá sin a bhriseadh bheadh sé riachtanach dóibh seasamh i dtoghcháin ar a gcláir pholaitiúla féin.

Dhéanfadh sé sin an t-idirdhealú idir iad féin is na grúpaí armtha a shoiléiriú chomh maith. Ar an láimh eile, níl aon chiall leis an fhocal easaontóir níos mó agus tagairt á déanamh do ghrúpaí armtha atá i mbun feachtas foréigneach.

Foréigean atá gan chúis is gan éifeacht, foréigean nach ndéanfaidh Éire Aontaithe lá níos giorra.

Ach ba cheart cur síos a dhéanamh orthu mar ghrúpaí armtha poblachtacha seachas 'easaontóirí.'

## Smaoineamh Mór Feighan

TÁ barúil ag Urlabhra Gaeltachta Fhine Gael, Frank Feighan, gur cheart scéim phíolótach a chur ar bun chun Gaeltacht a dhéanamh in athuair d'Oileán Chliara.

Spreag an smaoineamh sin go leor cainte.

Is smaoineamh rud beag mí-réalaíoch é, is smaoineamh é a bheadh deacair a chur i bhfeidhm, is smaoineamh é a d'fhéadfadh a bheith conspóideach, ach is smaoineamh den scoth é. I ndeireadh na dála, níl i gceist sa smaoineamh ach athbheochan na Gaeilge. Dá mbeadh sé dodhéanta a dhéanamh in Oileán Chliara bheadh sé dodhéanta in áit ar bith agus b'ionann sin is a rá go bhfuil athbheochan na Gaeilge féin dodhéanta.

Ní fíor sin áfach mar atá cruthaithe ag áiteanna ar nós Iarthar Bhéal Feirste, áit nach bhfuil ach ag tosú i ndáiríre ar bhóthar na hathbheochana ach inar éirigh le daoine an Ghaeilge a chur i mbéal an phobail mar theanga phobail.

Dá mbeadh an toil taobh istigh is taobh amuigh d'áit cosúil le hOileán Chliara, oileán nó ar an mhórthír, níl fáth ar bith nach mbeadh rath air.

Dá mbeadh ranganna do dhaoine fásta ann, Gaelscolaíocht, tionscadal nó dhó ag feidhmiú trí Ghaeilge agus polasaithe dátheangacha i bhfeidhm, dhéanfadh sé an-difear. Tá sé rí-thábhachtach áfach go mbeadh an athbheochan sin bunaithe sa phobal é féin is ag teacht ón phobal é féin seachas ón rialtas, go mbeadh an pobal ag éileamh stádas Gaeltachta seachas stádas Gaeltachta a bheith á bhagairt orthu. Is tábhachtach cuimhniú fosta, cé gur éag an Ghaeilge in áiteanna cosúil le Cliara, tá an bhaint chéanna acu istigh san oileán sin leis an Ghaeilge is atá ag Inis Meáin agus oileáin Ghaeltachta eile. Tá an stair, an traidisiún is an dúchas céanna ann.

## Luasteorainneacha Ciallmhara de dhíth

FAIGHEANN i bhfad barraíocht daoine bás ar bhóithre na hÉireann. Tuigtear gurb é an luas nó an t-ól nó an dá rud le chéile ba chúis le céatadán ard de na timpistí marfacha ar na bóithre.

Is doiligh cloí leis na luasteorainneacha nuair nach bhfuil ciall leo áfach.

Tá luasteorainneacha ar chúlbhóithre na hÉireann a bheadh doiligh a bhaint amach fiú, gan trácht ar smacht a choinneáil ar thiománaithe.

Ar an láimh eile, tá luasteorainneacha eile ann atá chomh híseal sin nach bhfuil siad réalaíoch is a bheadh contúirteach dá gcloífí leo i measc na gcarranna eile.

Má táthar ag iarraidh líon na ndaoine a chailltear ar na bóithre a laghdú, b'fhiú go mór díriú ar an cheist seo chomh maith le fadhb an óil.

## LITREACHA chuig an Eagarthóir

### Moladh do Frank

A Chara,
Mhol Frank Feighan scéim phíolótach Ghaeilge a chur i bhfeidhm ar Oileán Chliara d'fhonn an Ghaeilge a láidriú ar an oileán. Cén fáth nach molann se a leithéid de scéim do Mhainistir na Buille? Dá ghoireacht do Frank a chóta, is goire do a léine.

Dá gceapfaí Frank ina Aire Gaeltachta amach anseo, d'fheadfadh Mainistir na Buille agus Oileán Chliara araon a bheith sa Ghaeltacht!

Dála an scéil, nach raibh múinteoir ar bith i Ros Comáin a d'fheadfadh bunGhaeilge a mhúineadh d'urlabhraí Gaeltachta Fhine Gael?

Ní choir go mbeadh an sport ar fad ag muintir na Gaillimhe.

Beir Beannacht,
*Peadar Mac Maghnais*
*Baile Átha Cliath 5*

### Freagra Uí Chuív

A Eagarthóir,
Tagraím don litir chugam ó Dhonncha Ó hÉallaithe maidir leis an Dréacht Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge.

Tá sé ráite sa straitéis nach bhfuil i gceist aon cheann de na freagrachtaí atá ag Roinn na Gaeltachta agus ag an Údarás (fiontraíocht san áireamh) a bhaint dóibh.

Is éard atá ráite inti ná: "Seirbhísí á Seachadadh chuig Pobail Ghaeltachta

Is iad An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeilge a dhéanfaidh seachadadh ar an oiread seirbhísí nach seirbhísí teanga agus is féidir in aitheantas a bhfuil cruthaithe acu ó thaobh seirbhísí a sheachadadh trí Ghaeilge. Níl sé i gceist mar sin a mholadh go n-aistreofaí aon scéimeanna atá ann agus a fheidhmíonn Údarás na Gaeltachta nó An Roinn chuig Ranna nó gníomhaireachtaí eile ach scrúdófar cláir eile a d'fhéadfadh An Roinn nó an tÚdarás a sheachadadh sa Ghaeltacht."

Mar atá mínithe ag an Aire Ó Ciardha T.D., beidh an Rialtas ag plé moltaí an Chomhchoiste Oireachtais i leith na straitéise sa bhFómhar agus ansin déanfar cinneadh maidir leis an maoiniú a theastóidh leis an straitéis a chur i bhfeidhm - maoiniú Údaráis na Gaeltachta san áireamh. Tiocfaidh an maoiniú ón stát chiste.

Is mise le meas
*Éamon Ó Cuív TD Aire Coimirce Sóisialaí*

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

## CEIST na Seachtaine

# Ar cheart an tÚdarás a athrú go hÚdarás na Gaeilge agus Gaeltachta?

Ceapann formhór lucht leanúna Gaelscéal, go mba cheart an tÚdarás a athrú go hÚdarás na Gaeilge agus Gaeltachta. Rinne Gaelscéal an suirbhé ar an suíomh www.gaelsceal.ie le coicís anuas agus ceapann 44% de na daoine a chaith vóta go mba cheart é a athrú. Ní raibh morán idir an dá thuairim sa súirbhé, le 37% de dhaoine ag ceapadh nár cheart é a athrú go hÚdarás na Gaeilge agus Gaeltachta. Bhí 20% de na daoine a rinne an suirbhé idir dhá chomhairle mar gheall air, agus vótáil siad "Níl fhios agam".

| | |
|---|---|
| Ba cheart | 44% |
| Níor cheart | 37% |
| Níl fhios agam | 20% |

# Santiago, Lourdes agus an Cabhán



Páidí Ó Lionáird



Montpellier

OILITHRIGH sinn ar fad atá ag druidim go fánach ó áit go háit ag lorg réitigh ar ár ngearáin, faoiseamh ar ár laigí. Tá fealsaimh ann a deir gurb ionann an gnáthshaol agus oilithreacht de shórt. An tsíorthóir ar fhaoiseamh aigne agus colainne, faoiseamh ó chrá croí agus, sna laethanta seo, faoiseamh ó dheacrachtaí airgeadais nó fostaíochta.

Nach oilithreacht atá sa tsaol féin? Ó bheatha go bás? Dhá sprioc dheimhnitheacha? Ach tá sé sin i bhfad ró-theibí agus ró-dhomhain domsa le bheith ag plé anseo agus ní chuige sin atáim ar aon nós. Tá oilithreachtaí i m'intinn mar go bhfuil cuairt tugtha agam ar dhá láthair ollmhóra oilithreachta de chuid na gCaitliceach le seachtain anuas.

Ar dtús, chaitheas cúpla lá i Santiago de Compostella na Spáinne atá ar cheann de na príomh-chathracha oilithreachta do Chaitlicigh ar fud na cruinne, le stair na hoilithreachta a shíneann siar os cionn míle bliain. Ní oilithreacht per se a thug ann mé áfach ach laethanta saoire. Aithneoidh go leor díbh an El Camino de Santiago agus, de réir a chúrsa, caithfidh gurb álainn an oilithreacht atá ann. Tosnaíonn an treo is coitianta i mbaile beag trasna theorainn na Fraince, St-Jean-Pied-De-Port, agus trasnaíonn sliabhraon na bPiréiní agus as san siar ar chosáin éagsúla an Camino go dtí go sroicheann siad Santiago. Is ann atá taisí Naomh Séamus curtha de réir dealraimh agus is san Ard-Eaglais ina bhfuil siad a chuirtear fáilte rompu siúd atá tar éis a sprioc a bhaint amach. Gach lá, ag uair an mheán lae, bíonn Aifreann speisialta dóibh. Saghas aitheantais ar a n-iarrachtaí.

Bhíos ag fanacht ag Porta del Camino, Geata na hOilithreachta, agus mé ag faire ar na mílte oilithreach ag baint ceann scríbe amach. Ceaptar go mbainfidh suas le 200,000 oilithreach ceann scríbe amach i mbliana amháin.

B'éigean dúinn slán a fhágaint le Santiago agus ár mbealach a dhéanamh soir. Dheineamar agus thrasnaíomar teorainn na Fraince gur thángamar ar bhaile beag bídeach darb ainm Pierrefitte atá le cois na bPiréiní agus gar do bhaile Lourdes, áit ar thug an Mhaighdean Mhuire cuairt ar Naomh Bernadette breis is 150 bliain ó shin.

Arís, áit eile a dtugann na céadta míle oilithreach cuairt air bliain i ndiaidh bliana ar na cúiseanna céanna. D'ainneoin mo réamhthuairimí féin, caithfidh mé a admháil gur chuaigh an áit i bhfeidhm orm. Glan, gan aon bhrú díolacháin ann. Ábhar daor ach rachainn ann arís.

**Tá sé déanach san oíche agus tá an t-atmaisféar go hiontach. Tá gach aicme agus gach aois mórthimpeall na háite. Tá béilte le fáil go dtí an meán oíche, tá uachtar reoite nó deoch le fáil go dtí a dó. Ach tá óg, sean agus gach eatarthu amuigh le chéile. Damhsa sráide anseo, ceoltóir sráide ansiúd. É go léir saor agus sábháilte**

Tá geilleagar na mbailte seo bunaithe go huile is go hiomlán ar thurasóireacht agus go speisialta ar an "dturasóireacht oilithreachta" agus a rian sin orthu.

Nílim á rá nach áiteanna deasa iad mar ní bheadh sé sin fíor ach, saghas cosúil leis an Róimh, dá ghaire don eaglais tú, is ea is faide ón Chríostaíocht a bhíonn tú.

Agus mé ag cur bailchríche ar an gcolún seo, táim i mo shuí ag Place de Comedie i Montpellier.

Tá sé déanach san oíche agus tá an t-atmaisféar go hiontach. Tá gach aicme agus gach aois mórthimpeall na háite. Tá béilte le fáil go dtí an meán oíche, tá uachtar reoite nó deoch le fáil go dtí a dó.

Ach tá óg, sean agus gach eatarthu amuigh le chéile. Damhsa sráide anseo, ceoltóir sráide ansiúd. É go léir saor agus sábháilte. Tá cúpla duine meidhreach le feiceáil ach is beag é. Tá fáilte roimh gach ball den teaghlach - sean agus óg.

Tá sé feicthe againn in La Rochelle, Bilbao, Santiago, Burgos, Lourdes agus anois i Montpellier, mar sin is cuid den chultúr é agus ní trí thimpiste amháin atá sé ar siúl.

Agus seo mo phointe ar deireadh thiar thall. Beidh os cionn 200,000 oilithreach ag déanamh ar bhaile an Chabháin an tseachtain seo chugainn. Oilithrigh cheoil na Fleidhe Ceoil atá ag ceiliúradh 60 bliain ar an bhfód i mbliana. Ina measc siúd beidh ar a laghad 50,000 páiste agus déagóir atá ag foghlaim a gcuid ceoil. Beidh na móra fáilte rompu ar fad.

Is é sin muna bhfuil siad faoi 15 agus ag iarraidh a bheith páirteach ins na céadta seisiún ceoil a bheidh ar siúl ins na tithe tábhairne i ndiaidh 9.00 san oíche. Is ann a chuir na glúnta ceoltóirí óga barr feabhais lena gceird thar na blianta ach ní ann dóibh anois - go dleathach.

Brisfear an dlí go mion minic an tseachtain seo chugainn sa Chabháin. Brisfear an dlí mar gur droch-dhlí atá ann.

Má tá dlí amaideach, athraigh é. Féachaimis arís ar phleananna an "Chultúir Chaifé" a bhí faoi bhráid Mhichael McDowell nuair a bhí sé ina Aire Dlí agus Cirt. Thabharfaimis cúnamh do bhailte na tíre a gcultúr a athrú i dtreo gach a bhfuil fiúntach ag ár gcomharsana mór-roinne.

Níl siad foirfe agus tá fadhbanna ollmhóra acu, drugaí mar shampla, fadhbanna atá soiléir agus sofheicthe i gcóngar céad slat uaim anseo ar bhonn oscailte agus trédhearcach. Mar a deirim, tógaimis a bhfuil go maith à la carte agus fágaimis an chuid eile 'nár ndiaidh. Ar a laghad tugaimis deis dár bpobail, óg is sean.

## SÚIL SIAR na Seachtaine

Amárach: Guth na Gaeltachta Iúl, 1957

### Cad Chuige Roinn Gaeltachta Chor ar Bith

Níl Saothrú Seasta ina Chúram Aca Ní Tabhairfeadh an t-Airgead Nua a Bhotáileadh Trí Lá Oibre an Duine sa Ghaeltacht Céard tá an aireacht le dhéanamh

Cuireadh meastachan na Gaeltachta fríd Dáil Éireann gan athrú. Díreach mar a bhí sé foillsithe i leabhar na meastachán. Níl ach £35,000 de caiteachas nua taobh amuigh de na sean rudaí a bhíodh i gcónaí ann.

Rachaidh cuid mhór de sin ar thuarastail - tá méadú de ocht míle ar tuarastail in oifig an aire féin. Tá £77, 000 leagtha síos do dheontaisí do chomhairlí contae más maith leis na comhairlí condae scéimeanna feabhsúcháin a chur ar siúl. Tá £11, 950 níos lú do tithe Gaeltachta.


Is cosúil nach nglacann an Roinn freagarthacht ar bith as obair nó saothrú nó gléas beo a sholáthar do phobal na Gaeltachta - níl pighinn rua daite do. Cad chuige Roinn na Gaeltachta mar sin? Céard a níos oifigí na Roinne? Céard a níos na stiúrthóir? Céard a dheanfas an t-Aire féin?

Ón meastachan seo ba deacair a rá céard a dhéanfadh siad nó céard d'fhéadfadh siad a dhéanamh. Ach tá sé thar am sin a rá anois.

Ní féidir comhoibriú leis an roinn go léirítear cad chuige an Roinn.

# 4 CÚRSAÍ SAOIL

# Seanscoil chéanna – Seanscéal céanna



Le Treasa Bhreathnach



IS gearr go mbeidh deireadh an tsamhraidh linn, ach iad siúd a bhfuil páistí acu, tá gach seans ann go bhfuil sibh ag smaoineamh ar thús na scoilbhliana nua. Níl ach coicís fágtha go dtí go n-osclóidh na bunscoileanna arís agus níos lú ná sin fágtha acu siúd atá ag freastal ar an mheánscoil.

Bíonn costas damanta le híoc ag tuismitheoirí pháistí scoile agus tá ardú suntasach tagtha ar bhillí do dhaltaí úra meánscoile i mbliana.

Is é €815 an costas, ar an meán, do pháistí a bheidh ag freastal ar an meánscoil den chéad uair, is é sin €500 níos mó ná an Liúntas Fillte ar Scoil d'Éadaí agus Bróga.

Sheol an eagraíocht charthanachta Barnardos suirbhé le déanaí ina raibh an figiúr thuasluaite agus deir siad nach bhfuil earraí breise san áireamh anseo, málaí scoile, trealamh spóirt nó an costas a bhaineann le himeachtaí taobh amuigh d'uaireanta scoile. Ardú de 9.1% ar bhunchostas an oideachais is cúis leis an ardú suntasach seo.

Deir 58% den 250 tuismitheoir a ghlac páirt sa suirbhé gur íoc siad níos mó as leabhair scoile i mbliana ná anuraidh agus go bhfuil costas níos airde ar éide scoile ar a bhfuil suaitheantas (crest) ná mar is gnách. Síleann Barnardos gur cheart don Rialtas scéimeanna iasacht leabhar a reáchtáil i scoileanna agus úsáid níos lú a bhaint as leabhair oibre sa chaoi gur féidir na leabhair a athúsáid.

Bíonn Liúntas Filleadh ar Scoil d'Éadaí agus Bróga ar fáil le cuidiú le teaghlaigh na costais ar éadaí agus bróga na leanaí a chlúdach, ach ar ndóigh tá coinníollacha i gceist. Má tá tú ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh nó ó Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, nó má tá tú páirteach i scéim oiliúna fostaíochta údaraithe nó ag freastal ar scéim aitheanta oideachais is féidir go mbeifeá cáilithe don liúntas. Tá sé tábhachtach chomh maith go bhfuil ioncam an teaghlaigh faoi bhunleibhéal sainithe; féach an bosca eolais i gcomhar na dteorainneacha d'Ioncam Seachtainiúil do 2010.

Meastar go ndéanfaidh timpeall 160,000 duine iarratas ar an liúntas i mbliana, a bhfuil €82 milliún ar fáil dó ón Rialtas. Is ardú é sin de €59 milliún ar an scéim seo ó bhí 2006 ann, ach is é an cáineadh is mó atá á dhéanamh ar an Rialtas faoin scéim ná nach raibh ardú ar bith ar an liúntas a fhaigheann tuismitheoirí dá bpáistí ó bhí 2007 ann. Faoin liúntas seo faigheann tuismitheoirí €200 do gach leanbh incháilithe idir 2 agus 11 bhliain d'aois, agus €305 do gach leanbh incháilithe idir 12 agus 22 bliain d'aois. Mar chuid de bhuiséad 2009 íocfar suim bhreise de €215 i leith leanaí amháin atá 18 mbliana d'aois a bhfuil Sochar Cúiteach Leanaí iníoctha ar a son. Is é iomlán na híocaíochta i leith leanaí atá 18 ná €520.

Má chomhlíonann tú na coinníollacha incháilíochta caithfear iarratas a dhéanamh tríd an oifig áitiúil d'Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte idir seo agus deireadh mhí Mheán Fómhair. Dá luaithe a dhéantar an t-iarratas is amhlaidh is fearr é chun a dheimhniú go mbeidh an íocaíocht faighte agat sula dtosóidh an téarma nua scoile.

Mura gcáilíonn tú don Liúntas Filleadh ar Scoil d'Éadaí agus Bróga tá roinnt bealaí eile gur féidir leat do chuid pinginí a shábháil agus iarracht a dhéanamh an bille scoile bliantúil a ísliú. B'fhiú súil a choinneáil ar shiopaí dara láimhe d'éide scoile. Tá siopaí dara láimhe ag tuairisciú go bhfuil éileamh i bhfad níos mó ar éidí scoile i mbliana ná mar a bhí blianta eile, mar sin, tá sé soiléir nach bhfuil tú leat féin agus tú ag iarraidh luach do euro a fháil.

Cé go mbeidh ort roinnt siopadóireachta a dhéanamh i siopaí faoi leith d'éidí scoile ar a bhfuil suaitheantas scoile, tá éadaigh scoile eile ann nach bhfuil chomh sonrach céanna. Is fiú féachaint i leithéidí na siopaí móra do gach rud nach gá a bheith sonrach faoi - is minic na siopaí móra seo i bhfad níos saoire ná siopaí níos lú. Dóibh siúd atá tar éis moll mór airgid a chaitheamh ar éide scoile sílim nach mbeadh dada níos measa ná an páiste féin ag teacht abhaile ón scoil sa tríú seachtain nó níos luaithe fiú le scéal go bhfuil a ngeansaí scoile caillte acu. In áit ainm an pháiste a scríobh ar an ngeansaí nó ar an seaicéad, deir scoilnet.ie go bhfuil seans i bhfad níos fearr agat an t-éadach a fháil ar ais ach uimhir ghutháin an tí a scríobh air. Ar ndóigh, bí cúramach gan uimhir ghutháin phóca an pháiste nó d'uimhir féin a scríobh ar an ngeansaí nó ar an

**Tá costais damanta ar tuismitheoirí páistí scoile agus tá ardú suntasach tagtha ar bhillí dhaltaí úra meánscoile i mbliana. Is é €815 an costas ar an meán do pháistí ag freastal ar an meánscoil don chéad uair, is é sin €500 níos mó ná an Liúntas Filleadh ar Scoil d'Éadaí agus Bróga.**

seaicéad.

Ní hiad na héidí scoile amháin a bhíonn costasach, bíonn leabhair le ceannach freisin. Tá páistí feicthe againn uile ag siúl síos an bóthar agus iad ag streachailt de dheasca meáchan a málaí scoile. Bhuel, d'fhéadfaí breathnú ar an mála scoile mar mhála mór airgid, mar is é sin atá teastáil chun na leabhair uile a cheannach. Tá bealaí éagsúla ann chun costas na leabhar a ísliú chomh maith. Arís, bíonn neart leabhar dara láimhe ar fáil i siopaí dara láimhe má tá tú in am dóibh.

Mura bhfuil tú in am chun na leabhair dara láimhe a cheannach b'fhiú ceist a chur ar do chomharsana nó fiú ar thuismitheoirí a bhfuil a bpáistí tar éis na ranganna cuí a chríochnú agus nach bhfuil páistí eile acu, an mbeadh siad sásta na leabhair a dhíol leat, nó iad a thabhairt duit fiú. Ná déan dearmad an rud ceannann céanna a dhéanamh tú féin: má tá do theaghlach réidh leis na leabhair scoile b'fhiú iad a thabhairt go dtí an siopa dara láimhe is gaire duit go bhfeicfidh tú an mbeifeá in ann margadh a dhéanamh chun praghas níos saoire a fháil ar na leabhair atá ag teastáil uait féin.

Téigh chuig www.schooldays.ie más spéis leat do chuid leabhar dara láimhe a cheannach ar líne. Ná déan dearmad ach an oiread gur féidir roinnt de na leabhair chlasaiceacha a fháil ar iasacht ó do leabharlann áitiúil. Mura bhfuil aon rogha agat ach leabhair nua a cheannach bí cinnte roinnt praghsanna a fháil ó shiopaí éagsúla mar bíonn éagsúlacht mhór praghsanna i gceist.

Tá roinnt scoileanna ann a fheidhmíonn scéimeanna iasacht leabhar, ach mura bhfuil ceann i bhfeidhm i scoil do pháistí féin, b'fhéidir gurbh fhiú labhairt leis an bpríomhoide nó le tuismitheoirí eile agus iarracht a dhéanamh ceann a bhunú. Tá scéim deontas ann chomh maith a chuireann cúnamh ar fáil do theaghlaigh leis an gcostas a bhaineann le leabhair scoile a ghlanadh. Caithfear cáiliú don scéim seo agus bíonn mórán an méid céanna coinníollacha cáilíochta i gceist leis an scéim seo agus a bhíonn leis an liúntas luaite thuas. Má tá tú ag iarraidh scéim deontas leabhar a bhunú i do scoil féin is fiú labhairt le príomhoide na scoile mar is faoi nó fúithi-se a fhágtar an cinneadh cé atá chun an deontas a fháil.

Tá sé de nós ag roinnt tuismitheoirí airgead a thabhairt dá bpáistí i gcomhair lóin in áit lón réamhdhéanta sa bhaile a thabhairt dóibh, go mór mhór tuismitheoirí daltaí meánscoile. Is féidir le lón réamhdhéanta sa bhaile a bheith i bhfad níos saoire agus in amanna níos sláintiúla do do pháistí. B'fhéidir nach dtaitneoidh a leithéid le do pháiste mar nach bhfuil dada níos measa ná a bheith difriúil agus tú i do pháiste, ach tá gach seans ann i mbliana nach aon rud as an ngnách a bheidh sa lón pacáilte in aon chor.

Má tá an Teastas Sóisearach nó an Ardteist i ndán do do pháiste an bhliain seo chugainn beidh ort smaoineamh ar tháillí scrúduithe freisin. Más tuismitheoir nó caomhnóir tú de pháiste a bhfuil na scrúduithe úd os a gcomhair bí ar an eolas nach do chúinsí leighis amháin do chárta leighis. Má tá cárta leighis agat, ní gá duit na táillí seo a íoc ar chor ar bith. Cuireann tú sonraí do chárta leighis ar an bhfoirm íoctha táillí agus seolann tú ar ais chuig an scoil é. Ní chiallaíonn sé seo nach gcaithfear táillí déanacha a íoc.

Cosnaíonn an táille do dhalta amháin sa Teastas Sóisearach €103 agus do dhalta amháin Ardteiste €109. Beidh táille dhéanach de €30 i bhfeidhm munar íocadh an bhuntáille faoi 29ú Iúil.

Má tharlaíonn sé go bhfuil tú i do chónaí i bhfad ó mheánscoil atá feiliúnach do do pháistí tá scéim deontas ar fáil chun cabhrú leo dul chuig scoil chónaithe. Caithfear a bheith i do chónaí níos mó ná 3 mhíle ón scoil agus níos mó ná dhá mhíle ó áit ina dtiocfadh leat na páistí a thógáil. Is é ceann de choinníollacha na scéime seo ná nárbh fhéidir leis an dalta áit a fháil i meánscoil fheiliúnach in achar 25 ciliméadar dá dteach cónaithe. Is é an méid is mó a íoctar tríd an deontas seo ná €4,947 in aghaidh na bliana in aghaidh an dalta. Tá gach seans ann go gcáilíonn daltaí scoile ar oileáin na tíre nach bhfuil meánscoil fheiliúnach ann a dtiocfadh leo freastal uirthi don scéim deontas seo.

Dóibh siúd nach bhfuil cinnte faoina mbuiséad bliantúil agus faoin gcaoi is fearr lena bhainistiú, ná déanaigí dearmad go bhfuil 65 oifig ag MABS (Money Advice and Budgeting Service) ar fud na tíre agus iad i gcónaí cabhrach i dtaobh comhairle - agus cuireann siad an tseirbhís seo ar fáil saor in aisce.

Ní hiad na tuismitheoirí amháin a bheidh amhrasach agus an scoilbhliain ar tí tosú. Tá neart páistí scoile ar fud na tíre atá amhrasach, nó a bhfuil sceitiminí nó faitíos orthu agus iad ar tí tosú ar an meánscoil nó ar an mbunscoil. Tá roinnt áiseanna ann le cabhrú leat tú féin a spreagadh agus an imní a ruaigeadh. Bíodh spriocanna ar intinn agat don scoilbhliain: d'fhéadfadh siad seo a bheith dírithe ar d'oideachas nó ar spriocanna níos pearsanta, mar shampla, do cheadúnas tiomána a fháil. Má tá tú ag tosú ar scoil nua den chéad úr is é ceann de na bealaí is fearr chun aithne a chur ar na daoine sa rang ná páirt a ghlacadh i gclub nó i ngrúpa.

Má imríonn tú spórt, má sheinneann tú ceol, nó aon rud eile, casfaidh tú le daoine eile a bhfuil suim acu sna rudaí céanna leatsa. Mura bhfuil tú ag baint sásaimh as an scoil nua, ná bí buartha - tá gach seans ann go mbeidh gach rud níos éasca agus níos taitneamhaí de réir mar a rachaidh an scoilbhliain isteach. Má tá tú míshásta ar dhóigh ar bith ná bíodh drogall ar bith ort labhairt le do chuid tuismitheoirí, múinteoirí nó cairde chun teacht ar réiteach ar an scéal.

**Bosca eolas d'Ioncam Seachtainiúil do Lanúin :**

| Méid Páistí: | Teorainn |
|---|---|
| 1 leanbh | €563.60 |
| 2 leanbh | €593.40 |
| 3 leanbh | €623.20 |
| 4 leanbh | €653.00* |

**Bosc eolas d'Ioncam Seachtainiúil do Thuismitheoir Aonar**

| Meid Páistí: | Teorann |
|---|---|
| 1 leanbh | €410.10 |
| 2 leanbh | €439.90 |
| 3 leanbh | €469.70 |
| 4 leanbh | €499.50* |

*Ardaítear an teorainn €29.80 do gach leanbh breise

AN ROINN COIMIRCE SÓISIALAÍ



LIÚNTAS ÉADAÍ AGUS COISBHIRT DON SCOILBHLIAIN NUA

**D'fhéadfá bheith incháilithe don liúntas má tá leanbh cleithiúnach agat agus:**

- má fhaigheann tú íocaíocht Leasa Shóisialaigh nó íocaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)
- más rannpháirtí ar scéimeanna áirithe ceadaithe oideachais nó oiliúna tú

**Chun foirm iarratais a fháil:**

- Seol **"FORM BTSCFA"** ar théacs, agus d'ainm agus do sheoladh ina dhiaidh, go **51909** (tá rátaí caighdeánacha téacs i bhfeidhm)
- Íoslódáil ó www.welfare.ie í

**Tá tuilleadh eolais le fáil ach:**

- Logáil isteach ar **www.communitywelfareservice.ie** nó glaoigh ar Líne Faisnéise HSE **1850 24 1850** (8rn go 8in)
- Logáil isteach ar **www.welfare.ie** nó glaoigh ar Líne Faisnéise Íosghlao **1890 66 22 44** (9rn go 5in)

**Is é an dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte ná Déardaoin an 30 Meán Fómhair 2010.**

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection
www.welfare.ie

*Ag cuidiú leat saol níos fear a chothú*

# 5 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

# Cúrsaí geilleagair ag dul in olcas ó thuaidh

le hAnton Mac Cába

Tá cúrsaí ag éirí níos measa ag geilleagar an Tuaiscirt, de réir na tuarascála míosúla is deireanaí ó Bhanc Uladh ar Innéacs na mBainisteoirí Ceannaigh.

Bhí mí Iúil ar an 32ú mí as a chéile mar a raibh laghdú ar an ghnó nua a fuair comhlachtaí san earnáil phríobháideach. Ba é an laghdú ba mheasa é ó bhí mí Aibreáin anuraidh ann.

Leis, bhí laghdú ar an ghníomhaíocht gach mí ó mhí na Nollag anuraidh  Bhí laghdú arís ar an bhfostaíocht san earnáil príobháideach i gcoitinne. Tharla seo i ngach cuid den earnáil phríobháideach, ach ba in earnáil na tógála ba mheasa an laghdú.

Chuir comhlachtaí an locht ar easpa muiníne i dtodhchaí an gheilleagair; na ciorruithe atá ag bagairt ar an earnáil phoiblí; agus chomh lag agus atá margadh na tithíochta.

Léiríonn tuarascáil nua ón Royal Institute of Chartered Surveyors an laige seo. Dúirt 10% de shuirbhéirí ó thuaidh go raibh méadú ar phraghsanna tithe, malairt 29% a dúirt go raibh laghdú, agus 51% go raibh siad ag coinneáil mar an gcéanna.  Dar le Bronagh Boyd as an Iúr, "tá fhios ag daoine go bhfuil margadh na tithíochta ag an phointe is ísle is a bhí riamh, ach tá an iomarca imní ar fad orthu le rud ar bith a cheannach." Dúirt foinse amháin i dtionscal na tógála gur beag obair atá ag ailtirí na laethanta seo. "Ciallaíonn sin nach mbeidh obair ag tionscal na tógála i gcionn bliana," ar seisean.




# Neodracht an Idirlín

Diarmuid Ó Muirgheasa

Tá traidisiún i measc nuachtán áirithe scéalta a chur i gcló i mí Lúnasa nach smaoineoidís ar a gcur i gcló an chuid eile den bhliain. Is dócha gur minic eagarthóirí ar saoire an t-am seo bliana agus, b'fhéidir, go mbíonn sé róthe an iomarca ama a chaitheamh ag obair i rith an lae.

I gcás ailt áirithe sa New York Times an tseachtain seo caite, caithfear glacadh leis gurbh é seo a bhí i gceist. Scéal a bhí ann faoi neodrachas an ghréasáin, nó 'Net Neutrality', agus faoi dhíospóireacht atá ar siúl leis na blianta anuas ach atá díreach anois ag éirí iontach teasaí go han-tapa ar fad.

Ag an leibhéal is ísle, scéal atá ann faoi conas a bhogann giotáin eolais mórthimpeall an ghréasáin ollmhóir ar a dtugaimid 'an t-idirlíon'. Lasmuigh de shlua beag teicneolaithe níor chóir go gcuirfeadh éinne suim ann, dáiríre.

Ach ní hé seo an saghas ceiste ba chóir a fhágáil faoi na teicneolaithe, nó tá i bhfad an iomarca ag brath air.

Le cúig bliana déag anuas, tá an domhan athraithe go hiomlán mar gheall ar an idirlíon. In ainneoin na n-athruithe ar fad, b'fhíor i gcónaí gné amháin den scéal - gurb ionann giotán eolais amháin agus giotán eolais eile, agus nach raibh aon slí ann chun idirdhealú a dhéanamh ar an eolas Sheáin agus eolas Shéamais agus eolas Ghráinne.   Bhí sé fíor freisin nach raibh aon slí ann chun smacht a choimeád ar ghluaiseacht an eolais ar an idirlíon, agus nárbh fhiú, dáiríre, aon iarracht a dhéanamh tabhairt faoi. Ach anois tá daoine ag tabhairt faoi deara nach gá go mbeadh sé sin fíor.

Is féidir cosc a chur ar dhaoine nascadh le suímh áirithe - féach sampla na Síne. Is féidir, freisin, de réir cosúlachta, tús áite a thabhairt d'eolas áirithe, agus is é sin atá faoi chaibidil i láthair na huaire.

Is éard a chiallódh 'neodrachas gréasáin', mar atá sé á phlé, nach mbeadh cead ag comhlachtaí - ar nós Eircom, BT nó na comhlachtaí eile ar fad atá i gceannas ar na gréasáin a bhfuil an t-idirlíon déanta díobh - idirdhealú a dhéanamh ar cad as bhfuil an trácht (eolas) ag teacht nó cá háit a bhfuil sé ag dul. Ní bheadh cead acu idirdhealú a dhéanamh ar thrácht go suíomh Google agus trácht go suíomh Gaelscéal agus trácht go suíomh éinne eile.

Ar ais ag scéal an NYT. Dar leo tá Google agus Verizon i ndiaidh teacht ar chomhaontú a chiallaíonn go dtugann Verizon tús áite do chustaiméirí Google. Bíonn suíomh Google níos tapúla dá chuid custaiméirí féin ná suímh eile mar tugann Verizon tús áite don trácht ar fad atá ag gluaiseacht ó fhreastalaithe Google nó chucu. Tá sé seo tábhachtach mar, cé nach bhfuil an saghas seo ruda mídhleathach - go fóill - tá chuile dhuine i ndiaidh a leithéid a sheachaint go dtí seo.

Ó thaobh na gcomhlachtaí teileachumarsáide de, tá siad ag iarraidh a chruthú nach bhfuil gá le rialacha daingne chun iad a choimeád faoi smacht. Don chuid is mó, tá gach éinne eile, idir Google, Amazon, Ebay agus mórán eile, i bhfabhar neodrachas gréasáin. Dar le Gigi B. Sohn, uachtarán an ghrúpa ollmhór tomhaltóra Public Knowledge, "An fáth atá leis an riail ar neodrachas gréasáin ná le stop a chur le comhlachtaí móra an t-idirlíon a ghearradh suas eatarthu féin ... tá todhchaí an idirlín róthábhachtach lena fhágáil faoi phlé idir dhá chomhlacht, fiú dhá chomhlacht atá chomh mór le Verizon agus Google."

Ach is í fírinne an scéil ná nach bhfuil aon bhunús leis an scéal seo, nó ar a laghad tá Google agus Verizon á shéanadh go láidir. Rinneadh athchló ar an scéal i mórán áiteanna sula ndeachaigh duine ar bith i dteagmháil le Google faoi, ach nuair a chuaigh Guardian Shasana i dteagmháil leo, ní raibh aon athrú poirt acu. Dúradar "Tá an New York Times iomlán mícheart. Ní raibh aon teagmháil riamh againn le Verizon maidir le híoc as trácht Google a iompar.  Táimid chomh tiomanta agus a bhí riamh don idirlíon a bheith saor agus oscailte."

Ach ag an am céanna, admhaíonn Eric Schmidt, Príomhfheidhmeannach Google, go bhfuileadar ag labhairt "le tamall fada, ag déanamh iarrachta sainmhíniú a fháil ar cad go díreach é neodrachas gréasáin."

Ó thaobh sainmhínithe de, táthar ann a deir nár chóir riamh idirdhealú a dhéanamh ar ghiotán amháin agus giotán eile.

Ag an am céanna, áfach, tá argóint ann gur chóir acmhainní gann  an idirlín a úsáid chun tús áite a thabhairt d'fhíseáin thar shaghsanna eile eolais. Má shocraítear ar shainmhíniú a cheadaíonn idirdhealú ar shaghasanna éagsúla tráchta, tá seans ann gur scéal fíormhaith a bheidh ann do thomhaltóirí.

Bheadh sé ina chabhair mhór do chomhlachtaí ar mian leo físeáin ar ardchaighdeán a chur ar fáil, maraon le seirbhís ar féidir brath uirthi, seachas na seirbhísí atá ann faoi láthair nach bhfuil iomlán iontaofa ar chor ar bith.

Tá Google i ndiaidh a rá go bhfuil siad ar son idirdhealaithe den chineál seo, ar shaghasanna éagsúla tráchta, chomh fada agus nach ndéantar idirdhealú ar fhoinsí éagsúla. Idir an dá linn tá an tUasal Obama, a bhí an-ghlórmhar ar fad mar gheall ar an ábhar seo sular toghadh é, an-chiúin ar fad.

## BLÚIRÍNÍ GNÓ

### Ardú ar chaillteanas Bhanc na hÉireann

Rinne Banc na hÉireann caillteanas de €1.24 billiún sa chéad sé mhí de 2010. Tá sé seo i bhfad níos airde ná mar a bhí an tréimhse chéanna anuraidh, nuair a chaill an Banc €668 milliún. Deir Príomhfheidhmeannach an bhainc Richie Boucher go bhfuil an cumas ag an mbanc imeacht ó bheith ag brath ar ráthaíocht an rialtais agus go ndearna siad go leor dul chun cinn sa chéad sé mhí i mbliana leis an ngrúpa a chobhsú. D'éirigh leo €4.6 billiún de mhaoiniú a fháil ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh.

### Táirgeoirí Uachtar Reoite sásta ach gach éinne eile ag fulaingt

Tá eacnamaithe ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh na tintí agus an drochfhómhar samhraidh sa Rúis suas le 1% a ghearradh ó fhás eacnamaíochta na tíre. Tá an tonn teasa is measa i stair na tíre i ndiaidh barraí a scriosadh ar fud na Rúise agus tá suas le haon tríú d'fhómhar na tíre gan mhaitheas anois. I gceantar Mhoscó, tá go leor gnólachtaí i ndiaidh dúnadh agus go leor daoine i ndiaidh éalú ón gcathair mar gheall ar thintí fiáine ann. Deir príomheacnamaí an bhainc HSCB go bhfuil an tonn teasa go maith do tháirgeoirí uachtar reoite ach seachas sin níl mórán daoine in ann buntáiste a bhaint as.

# Sábháil airgid le cártaí nua GoSave!

**Meadhbh Ní Eadhra**




**Emmett Gallagher agus Damien O'Brien, Stiúrthóirí gosave.ie, leis an gcárta GoSave, a seoladh De Céadaoin.** PIC:MARC O'SULLIVAN

Seoladh cárta taisce nua De Céadaoin chun deis a thabhairt do thomhaltóirí na hÉireann na céadta Euro a shábháil gach bliain agus na margaí is fearr a aimsiú ina bpobail áitiúla agus go náisiúnta freisin. Is é Damien O'Brien Stiúrthóir gosave.ie, an comhlacht taobh thiar den chárta nua seo. Is as Port Omna i gContae na Gaillimhe dó ó dhúchas agus bhunaigh sé gosave níos luaithe i mbliana i gcomhar le Emmett Gallagher, as Gaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall.

"Oibríonn na cártaí seo ar bhealach an-simplí," a deir sé. "Ní gá do shealbhóirí na gcártaí seo ach súil a choinneáil amach do lógó gosave i siopaí agus gnólachtaí, ag tabhairt le fios go dtugann siad lascainí gosave, nó is féidir leo an liosta de na gnólachtaí go léir atá páirteach sa scéim seo a fheiceáil ar an suíomh idirlín www.gosave.ie."

Cosnaíonn na cártaí seo €10, agus is féidir iad a úsáid ar feadh tréimhse bhliana. Is féidir iad a úsáid chomh minic agus is mian leat. Tá na céadta gnólacht i ndiaidh síniú suas le gosave cheana féin, agus mar sin is bealach an-mhaith é seo do thomhaltóirí na hÉireann chun airgead a shábháil."

Deir an tUasal O'Brien go raibh go leor daoine in amhras faoin gciall a bhain le post maith a fhágáil i lár an chúlú eacnamaíochta agus gnó nua a bhunú.

"Buíochas le Dia, tá rudaí ag dul go maith faoi láthair," ar sé. "Ar bhealaí, oireann an cúlú eacnamaíochta seo dár gcomhlacht. Táimid ag díriú ar chuidiú le custaiméirí airgead a shábháil, cuidiú le carthanais airgead a fháil agus cuidiú le gnólachtaí custaiméirí nua a fháil mar gheall ar mhargaí níos fearr."

Tá cártaí gosave ar díol anois ó www.gosave.ie nó is féidir dul chuig na carthanais iad féin.

Is í Sorcha Furlong, a bhíonn ag aisteoireacht mar Orla Kirwan in Fair City, atá mar ambasadóir do gosave.ie. Bíonn Orla i gcónaí ag lorg airgid agus ag iarraidh déileáil leis na hathruithe atá tagtha ar an saol de bharr an chúlú eacnamaíochta.

# Laghdú ar phraghsanna earraí grósaeireachta

**Meadhbh Ní Eadhra**

DE réir an tsuirbhé is déanaí ón nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA), tháinig titim de 14% ar phraghsanna grósaeireachta ó mhí Eanáir 2009 go mí Iúil 2010. Seo an suirbhé is mó riamh a rinne an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ar phraghsanna grósaeireachta.

Léiríonn torthaí an tsuirbhé go bhfuil méadú tagtha ar mhargaí speisialta agus ar chur chun cinn earraí. Chomh maith leis sin, tá na hilsiopaí fós ag déanamh iarrachta praghsanna a gcuid iomaitheoirí a mheaitseáil. Cuireann an suirbhé costas ciseáin de 103 earra grósaeireachta brandáilte in Tesco, Dunnes Stores agus Superquinn i gcomparáid lena chéile, agus ciseán de 87 earra nuair a chuirtear SuperValu san áireamh. Seo an tríú suirbhé de chuid an NCA maidir le praghsanna earraí. De réir thorthaí an suirbhé, níl mórán de dhifríocht ann idir praghsanna na n-earraí brandáilte sna hilsiopaí éagsúla.

Níl ach difríocht de €1.14 nó 0.4% idir an ciseán is saoire agus an ciseán is costasaí le 103 earra istigh ann.

Tháinig an ciseán is saoire ó Dunnes agus an ceann is costasaí ó Superquinn. Tá ísliú tagtha air seo ó mhí Iúil 2009 nuair a bhí difríocht de 4% ann idir phraghsanna na gciseán. In ainneoin go bhfuil praghsanna na n-earraí i ndiaidh titim le 18 mí anuas, deir Ann Fitzgerald, Príomhfheidhmeannach ar an NCA, go bhfuil na díoltóirí is mó sa Stát, a bhfuil ceannas acu ar 70% den mhargadh (Tesco, Dunnes agus Super-Valu), fós ag meaitseáil praghsanna.

"Tugann sé seo le fios nach bhfuil praghsáil iomaíoch mar ghné de mhargadh grósaeireachta na hÉireann. Chun aghaidh a thabhairt air seo tá gá le siopa eile nó duine éigin nua chun rogha eile a thabhairt do thomhaltóirí."

Mar sin, is léir go bhfuil roinnt daoine den tuairim go bhfuil an ráta laghdaithe ag moilliú agus go bhfuil díoltóirí ag dul in iomaíocht tríd margaí speisialta agus tríd praghsanna ar earraí aonair a athrú.

Mar sin féin, is maith an rud é go bhfuil praghsanna na mbun-earraí ag ísliú do chustaiméirí.

## Folúntais

OÉ Gaillimh
NUI Galway

*Cuirtear fáilte roimh iarratais ar na poist seo a leanas:*

**Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte**

**Léachtóir (Faoi Bhun an Bhaic) le Fiseolaíocht**

**Spriocdháta:** Déardaoin, 2 Meán Fómhair 2010

**Léachtóir (Téarma Seasta) le Teiripe Urlabhra agus Teanga**

**Spriocdháta:** Déardaoin, 19 Lúnasa 2010

**Tuarastal:** €40,256 - €56,782 sa bhliain

**Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratais:**
**Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh ach cuairt a thabhairt ar www.publicjobs.ie**

*Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10



www.nuigalway.ie

OÉ Gaillimh
NUI Galway

*Cuirfear fáilte roimh iarratais ar na poist seo a leanas:*

**Coláiste na hInnealtóireachta & na hIonformaitice**

**Léachtóir Sinsearach san Fhiontraíocht Dhigiteach**

**Spriocdháta:** 9 Meán Fómhair, 2010.

**Tuarastal:** €67,071 sa bhliain - € 94,003 sa bhliain

**Coláiste an Ghnó, an Bheartais Phoiblí agus an Dlí**

**Léachtóir (Téarma socraithe) sa Dlí (Oideachas Dlíthiúil Cliniciúil)**

**2 phost**

**Spriocdháta:** 19 Lúnasa, 2010.

**Tuarastal:** €40,256 sa bhliain - €56,782 sa bhliain

**Sonraí/Nós imeachta le haghaidh iarratas:**

Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun cur isteach ar an bpost seo, tabhair cuairt, le do thoil, ar www.publicjobs.ie

*Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10



www.nuigalway.ie

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 13 Lúnasa, 2010

# 6 COMHSHAOL

# Íseáia na hIaráice: "Déanadh an díthreabh agus tír an triomaigh lúcháir"

Is as leabhar Íseáia i Sean-Tiomna an Bhíobla a thagann na línte seo:

35: 1: Déanadh an díthreabh agus tír an triomaigh lúcháir, bíodh gairdeas ar an ngaineamhlach agus é faoi bhláth; tagadh bláthanna air chomh tiubh leis an gcróch, déanadh sé gairdeas le gártha agus le ceol ...
35. 9: Ní bheidh leon ar bith ansin feasta ná aon chreachadóir d'ainmhí allta ...



**Pól Mac Cana**

Nárbh iontach an rud é dá dtarlódh a leithéid, gan ruaig a bheith curtha ar an leon ná ar na míolta allta go huile is go hiomlán, ar ndóigh. Bhuel, is amhlaidh atá sé ag titim amach sa lá atá inniu ann san Iaráic, sa cheantar idir an Eofrait agus an Tígris, i Riasca na Measpatáime. Is ionann an ceantar seo, creideann roinnt scoláirí an Bhíobla, agus an ceantar ina raibh Gairdín Éidin féin suite.


Fiche bliain ó shin, ba chosúil le Gairdín Éidin go fóill é. Ba dhúiche iontach d'uisce é seo i lár an ghaineamhlaigh i ndeisceart na hIaráice. Ba mhó é mar éiceachóras uisceach ná Pa-hay-okee (the Everglades), Florida, agus ba fhlúirseach an dúlra sa cheantar - toirc allta, sionnaigh, hiéanaí, dobharchúnna agus fiú leoin go dtí ar na mallaibh. Deirtear go raibh na leoin le fáil go flúirseach sna riasca Iarácacha sna 1870í; agus de réir na taifead, maraíodh an leon deiridh sa tír i gceantar na Tígrise i 1918.

Bhíodh cónaí ag na Ma'dān nó Arab al-Ahwār (.i. Arabaigh an Réisc) san áit seo. Ba thír dhúchais é don ghrúpa eitneach seo ar feadh na mílte bliain. Bhíodh cónaí acu i mbotháin ghiolcacha agus na botháin seo ar snámh ar an uisce, agus bhíodh na daoine ag taisteal i mbáid adhmaid ag buachailleacht bó agus buabhall ar fud na riasc. Thagadh siad i dtír chomh maith leis an iascaireacht, leis an éanadóireacht, agus le baint na ngiolcach.

Ach tháinig deireadh leis sin sa bhliain 1991 nuair a thug Arabaigh an Réisc tacaíocht le héirí amach Siach (sainaicme chreidimh d'Ioslam) i gcoinne dheachtóir na tíre, Saddam Hussein, Moslamach Sunnaíoch. Toisc an tacaíocht seo a léirigh siad ina choinne, d'imir Saddam díoltas orthu. Chuir sé ordú amach leis na mílte acu a dhúnmharú agus lena gcuid beithíoch a mharú. Dhóigh arm Saddam na botháin ghiolcacha acu agus cuireadh nimh in uisce na riasc. Theith roinnt mhaith daoine go dtí an Iaráin agus chuir siad fúthu i gcampaí dídeanaithe ansin. Chuaigh roinnt eile ó thuaidh ag cuardach jabanna lae le teacht i dtír. Creidtear go raibh suas le leathmhilliún duine easáitithe faoi dheireadh na hoibríochta seo de chuid Saddam.

Chomh maith leis seo uile, chuir Saddam an t-arm anonn chun na dúiche seo leis na riasca a thaoscadh - ar mhaithe leis an talmhaíocht de réir bholscaireacht Saddam. Ach in áit talamh saibhir talmhaíochta, níor cruthaíodh ach réileáin shalainn, cuireadh nimh sa talamh, agus scaipeadh mianaigh thalún (landmines) ar fud na dúiche.

Rinneadh tír an triomaigh den pharthas. Ní raibh ach 10% de na riasca fágtha in 2003. I dtuarascáil de chuid na Náisiún Aontaithe a foilsíodh



in 2001, cuireadh síos ar an eachtra seo mar cheann de na tubaistí comhshaoil is mó ar domhan.

Ach tháinig athrú ar an scéal in 2003 i ndiaidh do na Meiriceánaigh ionradh a dhéanamh ar an Iaráic. An bhliain sin, thug Azzam Alwash, innealtóir hiodrálach a bhfuil saoránacht na hIaráice agus saoránacht Mheiriceá aige, thug sé cuairt ar Riasca na Measpatáime. In 2004, bhunaigh sé eagras comhshaoil san Iaráic, Nature Iraq, le comhshaol agus dúlra na hIaráice a chaomhnú. Thosaigh Alwash ar thionscadal darb ainm 'Eden Again' agus ba é a bhí mar chuspóir leis sin na riasca a athréimniú. Thosaigh sé ar an chuspóir a chomhlíonadh trí uisce a sceitheadh, ar bhealach rialaithe, tríd an chóras draenála a chruthaigh arm na hIaráice faoi ordú Saddam.. Nuair a ligeadh don uisce síorsceitheadh thar an talamh arís, thosaigh an t-uisce a shruthlú an tsalainn agus na nimhe amach, agus bhí faill ag éiceachóras na riasc athbhunú arís. Agus anois tá timpeall ar an tríú cuid de na riasca a bhí ann roimh scrios Saddam athchóirithe agus éiceachóras an réisc beo in athuair i dtír an triomaigh.

Ar a bharr seo, tugann obair Alwash dóchas d'Arabaigh an Réisc chomh maith, mar tá roinnt mhaith acu in ann filleadh go tír a ndúchais arís agus éalú ón chruatan i gcampaí dídeanaithe agus i gcathracha móra na tíre. Cé nach bhfuil saol furasta i gceist sna riasca - agus nach raibh riamh - is fearr leis na daoine a d'fhill orthu an saol i measc an uisce agus i measc a gcultúir ársa i lár na ngiolcach. Tá a gcultúr, a bhí ar tí imeacht go deo, beo arís.

Tá Gairdín Éidin beo leis in athuair.



# Tinte ealaíne le feiscint sa spéir anocht

## Beidh an dreigechith, na Peirsidí, le feiscint i spéir na hÉireann

**Conn Ó Muineacháin**

Ainneoin go raibh tú ag faire, nuair a thosnaíonn sé gan choinne, ní bhíonn do shúile riamh ag díriú ar an áit cheart. "Féach - sin ceann eile!" Níos gile ná rud ar bith sa spéir, tá siúl aisteach tapaidh faoi, mar a bheadh sé ag sleamhnú. Agus ansin tá sé thart. Faireann tú arís.

Lúnasa 1984. Oíche ghlan ar Oileán Chléire. Bhí ceathrar sa seomra codlata. Buachaillí ag freastal ar Choláiste Gaeilge. Ach an oíche seo bhí na leapacha folamh. Ceathrar a d'éalaigh amach an fhuinneog go ciúin. Bhí coinne acu leis na cailíní ó theach eile, leathmhíle siar an bóthar.

D'fhanamar uair an chloig an oíche sin, ag fanacht faoi na réaltaí. Ní raibh díomá orainn nár tháinig na cailíní: bhí an dúshlán buaite againn agus is againne a bheadh an lámh in uachtar an lá dár gcionn, i gcluiche sin na fonóide a bhíonn á imirt de shíor idir ghrúpaí buachaillí agus cailíní.

Tá smut den gcluiche céanna i gceist sa tslí a gcaitheann buachaillí lena chéile: saoltacht shotalach, réchúis leisciúil. Ná hadmhaímis go bhféadfadh aon rud dul i bhfeidhm orainn.

Ach an oíche sin, chuir na flaithis seó dochreidte ar fáil do dhéagóirí soiniciúla, agus d'éinne eile a ghlac an t-am chun a súile a ardú. Luíomar amach faoin spéir ag stánadh ar an iontas.



An rud is annamh is iontach, deirtear. Ach mar a inseoidh réalteolaí ar bith duit, níl aon rud annamh faoi réaltaí reatha, nó dreigí, lena n-ainm ceart a thabhairt dóibh.

Dreigeoideach an t-ainm a thugtar ar charraig a bhíonn ag eitilt sa spás. Nuair a dhéanann sé teagmháil leis an atmaisféar, cailleann sé cuid den bhfuinneamh a bhíonn aige i bhfoirm teasa agus lastar é. Anois, is dreige í, nó réalta reatha.

Formhór na ndreigí, níl iontu ach púiríní cloiche, nó gráinní gainnimh. Dóitear iad go hiomlán agus ní shroicheann siad an talamh.

Na cinn a thagann i dtír, tugtar dreigítí orthu, ach is beag an seans, go staitistiúil, go bhfaighidh tú ceann i do ghairdín ar maidin.

Ach más mian leat breathnú ar na spéartha anocht, is féidir a bheith cinnte go bhfeicfidh tú tinte ealaíne.

I mí Lúnasa gach bliain, agus an domhan ar a oilithreacht thart timpeall na gréine, buaileann sé leis an smionagar a bhíonn fágtha ina dhiaidh ag an gcóiméad Swift-Tuttle. Deineann siad seo "dreigechith" a mhaireann ar feadh míosa, agus a mbíonn buaic aige thart ar an 12ú nó an 13ú Lúnasa gach aon bhliain.

Ón dtalamh, dealraíonn sé go bhfuil an cith seo ag teacht as pointe lárnach sa spéir atá sa réaltbhuíon Peirséas, agus is ar an gcúis sin a thugtar na Peirsidí ar an dtaispeántas seo dreigí. Ag an mbuaic, inniu, bíonn ceann le feiscint thart ar gach aon nóiméad.

Anocht beidh Peirséas le feiscint san oirthuaisceart, nuair a rachaidh an ghrian faoi. Éireoidh sé go hard sa spéir i gcaitheamh na hoíche. Tá deis iontach ann i mbliana chun iad a fheiscint, ós rud é go mbeidh an spéir cuibheasach glan, agus níl an ghealach ach ag tosnú ag líonadh.

Is é an dara leath den oíche, ó 01:30 ar aghaidh anseo in Éirinn, an t-am is fearr le dreigí a fheiscint. Moltar casóg nó geansaí maith a chaitheamh: beidh an íosteocht thart ar 9°C. Más mian leat is féidir páirt a ghlacadh in imeachtaí le daoine eile nó cuidiú le heolaithe chun an eachtra a thaifeadadh le cabhair an idirlín. Tá tuilleadh eolais ar shuíomhanna ar nós meteorwatch.org agus astronomy.ie. Is cinnte gurb í an leaba an áit chóir do pháistí maithe i lár na hoíche, ach ritheann sé liom gur mór an iontas a bheadh caillte agam an oíche úd i 1984, murach an danaíocht agus scléip na hóige againn.

B'fhéidir nach miste ligint don ndánaíocht arís anocht, agus ómós a thabhairt d'iontas na cruinne?

---

**BLÚIRÍN**

## Díomá na bhFeirmeoirí

TÁ díomá ar Aontas Feirmeoirí Uladh tar éis d'Fheidhmeannas Chnoc an Anfa iarratas £1.1 milliún ar Dheontas Cruatain a dhiúltú.

Bhí an UFU ag iarraidh maoiniú cruatain chun cuidiú le táirgeoirí prátaí is feirmeoirí caorach a chaill a dtoradh is a n-ainmhithe mar gheall ar aimsir chrua an gheimhridh seo caite.

"Ba bhuille nimhneach é fógra an Aire do na teaghlaigh feirmeoireachta a ndearnadh dochar dóibh. Cé go nglacann muid go bhfuil dúshláin airgeadais nach bhfacthas riamh cheana roimh Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, cuirfidh an fógra seo an-imní ar thairgeoirí faoin tacaíocht ar féidir leo a bheith ag súil leis ón rialtas sa tréimhse amach romhainn a dúirt uachtarán an UFU, John Thompson.

---

## Ó fhéar go gás!

**Meadhbh Ní Eadhra**

DE réir tuairisce a rinneadh thar ceann Bhord Gáis, d'fhéadfaí ar a laghad 7.5% den éileamh ar ghás nádúrtha na hÉireann a shásamh trí fhéar agus dramhaíl a úsáid. Deir an staidéar, a rinne Ollscoil Chorcaí agus Ernst and Young, go bhféadfadh an tionscal bithmheatán cur go suntasach leis an earnáil "teic glas" in Éirinn. Léiríonn an staidéar conas gur féidir féar, dramhaíl agus sciodar talmhaíochta a aistriú go gás. Maítear sa staidéar go bhféadfadh an próiseas "féar go gás" a dhóthain gáis a chruthú chun suas le 300,000 teach a théamh gach bliain. Tá an teicneolaíocht seo in úsáid cheana féin i dtíortha ar nós na Danmhairge agus na Gearmáine áit ar bhunaigh feirmeoirí comharchumainn chun áiseanna gáis a mhaoiniú, a thógáil agus a reáchtáil.

# Fleadh Cheoil agus Ghaeilge

Beidh Fleadh Cheoil na hÉireann 2010 ar siúl i mbaile an Chabháin 15ú-22ú Lúnasa. Is é **Pádraig Ó Cuinneagáin** atá mar Chathaoirleach ar Choiste Gaeilge na Fleidhe agus labhair sé le **Gráinne Ní Ghilín**




**Séamus Fay, Uachtarán Fhleadh Cheoil na hÉireann, 2010 ag éisteacht le (c/d) Karen Tracey, Aimee Farrell-Courtney, curadh domhanda ar an bhodhrán, Aoife Flynn, Aoife Geoghegan agus Breege Geoghegan. Beidh an Fhleadh ar siúl sa Chabhán 15-22 Lúnasa.**

Indiaidh duit seal comhrá a dhéanamh le Pádraig Ó Cuinneagáin ní hiontas ar bith é go bhfuil clár chomh spleodrach sin d'imeachtaí Gaeilge eagraithe faoi choinne Fhleadh Cheoil na hÉireann 2010.

Is fear fuinniúil tiomanta é Pádraig, tréithe atá de dhíth leis an obair mhór eagrúcháin a dhéanamh. Tá sé mar phríomhoide i nGaelscoil Eois agus mar Chathaoirleach ar Ghlór Bhréifne, grúpa de chuid Ghlór na nGael agus Chomhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge. Cuirfear tús leis an Fhleadh i gceann seachtain go leith agus nuair a labhair sé le Gaelscéal thug Pádraig le fios go bhfuil "obair mhór bhliana á tarraingt le chéile ag an Choiste, atá comhdhéanta de Ghlór Bhréifne agus daoine eile sa bhreis a bhí sásta teacht ar bord agus cuidiú linn, thart ar cheathrar déag san iomlán."

Tá buiséad "fial flaithiúil" curtha ar fáil - ní déarfaidh sé cá mhéad go díreach - a chinnteoidh go mbeidh an Ghaeilge go daingean i lár an aonaigh ag mór-imeacht bliantúil Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

Tá neart taithí ag Glór Bhréifne ar imeachtaí a eagrú. "Bhí ceithre cinn de champaí samhraidh againn i mbliana agus d'eagraigh muid Gaelfest cúpla bliain ó shin," ar Pádraig. Tá gach iarracht déanta ag na coisteoirí imeachtaí a eagrú a chuimsíonn daoine, ní hamháin de gach aois, ach a bhfuil líofacht éagsúil sa Ghaeilge acu. Beidh Ionad na Gaeilge lonnaithe in Institiúid an Chabháin i gcaitheamh na Fleidhe agus beidh sé ar oscailt gach lá idir 10.00 ar maidin agus 6.00 tráthnóna. Tá béim ar leith ar labhairt na Gaeilge agus beidh ranganna ann do bhunthosaitheoirí, mar aon le ciorcal comhrá do chainteoirí líofa. Beidh Clubanna Spraoi ann do pháistí bunscoile agus do dhéagóirí agus imeachtaí ealaíne agus spórt mar chuid díobh siúd. Beidh an Leabharlann mar chroílár na n-imeachtaí litríochta Gaeilge. Beidh Niall Tóibín ag léamh gearrscéalta le Seán Mac Mathúna idir 5 i.n. agus 6 i.n. Dé Sathairn 21ú agus costas €15 air. Moltar do dhaoine ticéid a chur in áirithe don ócáid mhór seo. Beidh Anna Heussaff agus Ré Ó Laighléis ag reáchtáil ceardlann Dé Luain 16ú agus Dé Máirt 17ú faoi sceach.

Tá neart spraoi beartaithe do pháistí agus beidh puipéid Púca ar an ardán Déardaoin 19ú sa Leabharlann. Tabharfar léachtaí oíche Dé Céadaoin 18ú agus san iarnóin Dé Domhnaigh 22ú, an tAth Mícheál Mac Gréil, SJ ag caint i mBéarla ar athbheochan na Gaeilge sa lá atá inniu ann agus an Dr Seosamh Mac Muirí ag caint ar áitainmneacha idir béal na Sionainne agus bun na hÉirne.

Nuair a bhíonn imeacht chomh mór groí le Fleadh Cheoil na hÉireann á reáchtáil in aon bhaile, is deis ar leith atá ann dul i bhfeidhm ar mhuintir na háite agus próifíl an cheoil thraidisiúnta agus na Gaeilge a ardú san fhadtréimhse. Tá Coiste na Gaeilge ag díriú go mór mhór ar scoileanna agus ar ghnólachtaí sa cheantar. Tuigeann Pádraig go maith an tábhacht a bhaineann leis an Ghaeilge a bheith feiceálach. Chuige sin, reáchtáladh tionscaimh agus comórtais ealaíne do dhaoine óga le linn na scoilbhliana agus tá a gcuid póstear le feiceáil i siopaí agus in áiteanna gnó ar fud an bhaile. "Bhí trí mheánscoil páirteach sa tionscnamh le comharthaí Gaeilge a dhéanamh do ghnólachtaí. Tá pictiúir A4 crochta anois ar fud an bhaile. Rud eile a tháinig as seo gur chuir muid na gnólachtaí ar an eolas faoin scéim atá ag Foras na Gaeilge le maoiniú a chur ar fáil le comharthaíocht Ghaeilge a dhéanamh. Tugaim faoi deara go bhfuil búistéir agus áit nó dhó eile ar an bhaile i ndiaidh comharthaí Gaeilge buana a chur in airde."

Deacracht amháin a baineann leis an Fhleadh, dar leis an phríomhoide bunscoile, "go mbíonn sí ar siúl i rith an tsamhraidh nuair a bhíonn na scoileanna druidte. An rud a rinne muid, mar sin de, tionscnaimh a reáchtáil sna scoileanna nuair a bhí siad ar oscailt. Tugadh cuireadh do scoileanna a gcuid buanna a chur ar taispeáint ar DVD nó i bhfoirm eile. Beidh DVD á thaispeáint in Ionad na Gaeilge ina mbeidh ceol, drámaíocht, amhránaíocht, damhsa agus filíocht na bpáistí le feiceáil. Ar an dóigh sin, tá siad páirteach sa Fhleadh."

Reáchtáladh comórtas ealaíne chomh fada siar le Seachtain na Gaeilge i mí na Márta; bhí 17 scoil páirteach ann agus fuarthas 700 pictiúr a bheidh le feiceáil in Ionad na Gaeilge le linn an Fleidhe. "D'iarr muid ar na scoileanna pictiúir a tharraingt bunaithe ar na hainmneacha atá ar phíosaí ceoil, damhsaí agus amhráin. Thug muid thart ar 20 ainm dóibh mar 'An Cat a d'Ith an Coinneal', 'An Colúr ar an Gheata', 'Na Báid faoi Lánseol'.

Tá imeacht mór eagraithe mar oscailt oifigiúil ar an Fhleadh, Canaimis, a bheidh ar siúl ar an gig rig. "Oíche Dé hAoine, an 20ú Lúnasa, beidh paráid ann ó lár an bhaile chomh fada leis an gig rig," ar Pádraig. Beidh Seán Ó Sé i láthair don ócáid seo agus beidh seisiún slua-amhránaíochta ann. Tá amhráin ar leith roghnaithe, mar 'Óró 'S é do bheatha abhaile', 'Trasna na dTonnta' agus 'Báidín Fheilimidh' agus beidh na focail le fáil i gclár na Fleidhe. Táimid ag súil go mbeidh scaifte mór ann agus go mbeidh clubanna CLG as fud fad an Chabháin agus Fhear Manach páirteach ann agus a gcuid dathanna féin á gcaitheamh acu."

*Is féidir níos mó eolais a fháil ach nóta a chur chuig gaeilge@fleadh2010.ie agus an clár imeachtaí a iarraidh.*

EcoGalway.com

Tá sí go hiomlán nádúrtha . . .
Lámhdhéanta ar an gcaighdeán is airde

Táirgí Aloe Vera




Eco Galway, 46 The New Glebe, Tuam, Co. Galway. Tel: 093–27033, Mobile: 087 7422807, Email: pat @ ecogalway.com

# NUACHT Litríochta



Le Meadhbh Ní Eadhra

## Ionad traenála do scríbhneoirí bunaithe

Meadhbh Ní Eadhra

Tá ionad traenála do scríbhneoirí na Gaeilge agus an Bhéarla bunaithe ag an scríbhneoir clúiteach Ré Ó Laighléis i gceantar aoibhinn Bhaile Uí Bheacháin i gContae an Chláir. An Scríobhlann an t-ainm atá ar an ionad seo agus is fochuid den teach foilsitheoireachta Móinín é. Is ar phrós amháin a dhírítear an traenáil in An Scríobhlann ag an bpointe seo.

Céard atá i gceist leis an Scríobhlann agus cén fáth ar bunaíodh é? Is áras é a tógadh do scríbhneoirí ionas go mbeidh deis acu ceardlanna a dhéanamh agus oiliúint a fháil i gceird na scríbhneoireachta. Creideann Ré Ó Laighléis, a bhfuil cáil bainte amach aige dá chuid scríbhneoireachta i nGaeilge agus i mBéarla, go bhfuil éileamh ann d'ionaid cosúil leis An Scríobhlann.

Bíonn an Laighléiseach ag taisteal ar fud an domhain ag tabhairt ceardlanna scríbhneoireachta agus ag traenáil scríbhneoirí. Anois, mar gheall go bhfuil An Scríobhlann tógtha, beidh deis aige a bheith ag obair le daoine agus é níos gaire don bhaile.

"Thóg muid áras réasúnta beag, áras saincheaptha, chun scríbhneoirí a oiliúint," ar sé. "Tá príomhsheomra ann



An Scríobhlann, i mBaile Uí Bheacháin.

le haghaidh ceardlann agus mar sin de, agus tá spás le haghaidh deichniúir san ionad. Tá sé i gceist agam An Scríobhlann a úsáid chun mo chuid scríbhneoireachta féin a dhéanamh freisin."

Cé go saothraíonn an Laighléiseach an Béarla chomh maith céanna leis an nGaeilge, is breá leis i gcónaí go nglacfaí an deis i gcás na Gaeilge. "Tá go leor leor ann do Bhéarlóirí," ar sé.

Samhlaíonn sé go mbeidh ceardlanna á reáchtáil i mBéarla freisin. Tá fiosrúcháin faighte aige cheana féin as cuid de na hollscoileanna i Meiriceá.

"Tá sé tábhachtach go bhfuil an caighdeán ar an gcaighdeán is airde, agus go bhfuil na daoine atá i mbun na gceardlann coinsiasach faoi," ar sé. "Sin an príomhrud. Tá go leor fiosruithe faighte againn ó dhreamanna ar fud na hÉireann agus lasmuigh, a bhfuil suim acu san ionad scríbhneoireachta nua. Cheana féin tá Paul Clements, an scríbhneoir taistil, ag iarraidh comhoibriú liom don Samhradh seo chugainn maidir le trí chúrsa a chur ar siúl anseo."

Is é Ré féin a bheidh i mbun na chéad cheardlainne sa Scríobhlann agus beidh sé sin amhlaidh ar feadh tamaill.

"Is mise go príomha a bheidh ag déanamh an teagaisc. Tá daoine eile ar spéis leo a bheith páirteach sna cúrsaí, ach caithfimid a chinntiú gur múinteoirí iad chomh maith le scríbhneoirí. Ar ndóigh, an peileadóir is fearr ar domhan, b'fhéidir nach mbeadh sé in ann an pheil a mhúineadh," a deir sé.

Beidh an chéad cheardlann scríbhneoireachta sa Scríobhlann ag tosú ar an 25ú Meán Fómhair agus reáchtálfar thar thréimhse sé dheireadh seachtaine é.

"Cheana féin tá iarratais ag teacht isteach go pras," a deir Ré. "Níl áit ach do dheichniúr agus tá le cois air sin i ndiaidh cur isteach ar áiteanna cheana féin. Beidh orainn rogha a dhéanamh. Caithfidh tú daoine a roghnú atá andáiríre faoin rud a dhéanamh. Ní cúrsa é seo, is dianchúrsa é. Tá an bhéim ar a bheith coinsiasach agus ar an obair a dhéanamh."

Cé go mbeidh an cheardlann ar siúl gach Satharn agus Domhnach, beidh go leor oibre le déanamh ag Ré agus ag na scríbhneoirí lasmuigh de na ceardlanna féin.

"An áit a bhfuil an obair is mó ná nuair a thagann an t-ábhar ar ais chugam. Bíonn dhá uair go leith agus trí huaire an chloig le caitheamh ar gach scríbhinn gach uair a fhaighim ar ais é."

Sé dheireadh seachtaine leis an deichniúr céanna atá i gceist agus beidh an an cheardlann saor in aisce do na scríbhneoirí go léir.

"An sprioc atá agam ná buneilimintí agus struchtúr an ghearrscéil a thabhairt dóibh, agus cumas a chothú iontu le bheith á scríobh. Ba mhaith liom dearcadh éigin ar scríobh an úrscéil a mhúineadh dóibh freisin. Ag an deireadh, ba cheart go mbeadh a fhios acu gach a bhfuil ar eolas agamsa, agus go mbeadh ar a gcumas nó go mbeadh na bunriachtanais acu chun rud a scríobh gach pioc chomh maith agus a scríobhfadh mise é," a deir Ó Laighléis.

Tá go leor gearrscéalta scríofa agus foilsithe ag Ré i nGaeilge agus i mBéarla, agus go leor acu aistrithe go teangacha eile freisin.

"Is é an gearrscéal an ceann is deacra ar fad le déanamh go héifeachtach. An rud a tharlaíonn ná go meascann daoine ina n-intinn an rud is gearrscéal ann agus an rud is scéal gearr ann, agus sin deacracht."

Deir Ré go mbeidh An Scríobhlann ag tosú amach "bog agus beag", ach de réir dealraimh tá an-suim ag daoine ar fud an domhain san ionad nua seo. Chaith Ré agus Móinín thart ar €40,000 ar An Scríobhlann. Tá tuilleadh eolais faoin Scríobhlann nua ar fáil ar www.moinin.ie.

## Eisteddfod buaite ag Meiriceánach

Anton Mac Cába

DEN chéad uair, thug Meiriceánach leis an chéad duais do shaothar próis ag an Eisteddfod (Oireachtas na Breataine Bige). Is as Cincinnati, Ohio, do Jerry Hunter. Bronnadh an bonn náisiúnta próis air as úrscéal s'aige 'Gwendydd.'

Tá Hunter den bharúil gur tháinig braon beag fola Breatnaí aníos chuige ó áit éigin "ach ní raibh (an Bhreatnais) mar chuid de m'óige."

Músclaíodh suim s'aige sa Bhreatnais nuair a tháinig sé ar an litríocht Breatnaise agus é ag déanamh céime le litríocht an Bhéarla: "Bhí saibhreas litríochta chomh mór sin sa teanga. Agus bhí an teanga seo beo ar fad, ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh len é a mharú."

Tháinig sé chun na Breataine Bige den chéad uair i 1986, gur fhoghlaim Breatnais ar dhian-chúrsa. Bhí sé ag teacht is ag imeacht, gur lonnaigh go buan sa tír i 1996. Tá sé ina léachtóir le Breatnais ó shin. Chaith sé seal ina raccheoltóir Breatnaise chomh maith.

Tá sé pósta ar an aisteoir Judith Humphreys agus tá beirt iníon orthu: "Labhraím i gcónaí Breatnais sa bhaile, agus is í an Bhreatnais an chéad teanga atá ag na páistí."

Baineann 'Gwendydd' leis an Dara Cogadh Mór, é bunaithe ar scéal Shuibhne Gealt. Is deirfiúr agus deartháir iad an bheirt phríomhcharachtar. Is banaltra in ospidéal airm í an deirfiúr, an deartháir ina shaighdiúir a ghortaítear. Fulaingíonn sé neamhord struis iarthrámaigh, go dteitheann isteach sna coillte. Is í an deirfiúr amháin a thugann cuairt air.

Pléann an t-úrscéal, leis, cás na mBreatnaiseoirí a caitheadh isteach san arm, iad ina mionlach i saol mór an Bhéarla.

AN SCRÍOBHLANN
THE WRITING HOUSE
MÓINÍN

**Dianchúrsa i Scríobh an Ghearrscéil agus an Úrscéil**

Tá iarratais á nglacadh ag MÓINÍN don Dianchúrsa thuasluaite.

- Tá áit do dheichniúr (10) ar an gcúrsa seo.
- Is é an scríbhneoir Ré Ó Laighléis a bheas mar stiúrthóir/theagascóir air.
- In *An Scríobhlann*, áras nua traenála MhÓINÍN i mBaile Uí Bheacháin, a thabharfar an cúrsa.
- 6 deireadh seachtaine atá i gceist, ag tosú ar dheireadh seachtaine an 25/26 Meán Fómhair agus ag críochnú ar dheireadh seachtaine an 11/12 Nollaig.
- Sprioc ar iarratais is ea 10ú Meán Fómhair 2010 (roghnófar deichniúr agus cuirfear amach tairiscintí ar áiteanna ansin).
- Tá an cúrsa seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.



An Scríobhlann

**Foirm Iarratais agus gach eolas ar fáil ó Ailsa:**

MÓINÍN
Loch Reasca,
Baile Uí Bheacháin,
Co. an Chláir.

Fón: 065 7077256
e-phost: moinin@eircom.net
www.moinin.ie

Foras na Gaeilge
Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Fhoras na Gaeilge

## Ná deán dearmad

Ná déan dearmad go ndéanfaidh Gaelscéal léirmheas ar gach leabhar i nGaeilge a fhaighimid. Más foilsitheoir nó scríbhneoir Gaeilge thú, is féidir cóip léirmheasa a chur chuig : Gaelscéal, An Chuasnóg, Baile Ard, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.

# TEILIFÍS agus RAIDIÓ

## Féach le :

**TG4: 'Denis Murphy - Cérbh É?'**
Seo sraith sé chlár faoi cheol traidisiúnta na hÉireann. Beidh seisear de cheoltóirí móra traidisiúnta na tíre le feiceáil ar an gclár. I gclár na seachtaine seo téann Caoimhín Ó Raghallaigh chomh fada le Sliabh Luachra sa tóir ar Denis Murphy. Beidh Brendan Begley, Paddy Cronin agus Ellen agus Lil O'Leary páirteach sa chlár chomh maith. Dé Domhnaigh @ 10i.n.

**RTÉ a hAon: 'Higher Ground'**
Déanann Pat Talty as Contae an Chláir agus Matt Costello as Luimneach iarracht meaisíní díolta bainne a dhíol le feirmeoirí déiríochta na hÉireann. Beidh custaiméirí ábalta bainne úr a cheannach díreach ón bhfeirmeoir leis an táirge nua seo.
Dé Céadaoin @ 8i.n.

**ITV1: 'Stephen Tompkinson's Australian Balloon Adventure'**
Sraith nua ina dtaiscéalann an t-aisteoir Stephen Tompkinson ón Astráil i mbalún te. Sa chéad chlár bíonn timpiste acu agus iad ag déanamh iarrachta tuirlingt, foghlaimíonn siad conas fíon a dhéanamh agus eitlíonn siad thar an Abhainn Murray. Dé Domhnaigh @ 7i.n.



**Peter Young agus Paul McCarthy, laitheoirí** na sraithe 'Higher Ground' ar RTÉ a haon.





**Ar dheis - Stephen Tompkinson agus Robin Batchelor fad is a bhí** siad ag taisteáil san Afraic i mbalún té.

# Comórtas Fidil ar RnaG

**Caitríona Ní Chadhain**

TÁ an ceoltóir agus cumadóir Peadar Ó Riada tar éis comórtas fidil a thosú ar a chlár 'Cuireadh chun Ceoil' ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Beidh béim curtha ar an gceolmhaireacht agus ar an gcruthaitheacht sa chomórtas seo seachas ar theicnící agus ar ornáideachas.

Is iad na ceoltóirí aitheanta Martin Hayes, Seán Keane agus Liam O'Connor a bheidh i mbun moltóireachta.

Tabharfar cuireadh don 15 iomaitheoir chuig ceolchoirm mhór in Óstán an Rochestown Park i gCorcaigh i mí na Nollag, áit a roghnófar an buaiteoir. Bronnfar Bonn Óir Sheáin Uí Riada ar an té a bhainfidh an chéad duais amach.

Chun cur isteach ar an gcomórtas is gá d'iarrthóirí cúig phíosa ceoil a sheoladh isteach ar CD nó tríd an suíomh idirlín, www.peadaroriada.ie.

Beidh babhtáil á dhéanamh ar an uirlis gach bliain. I mbliana is í an fhidil atá i gceist, an bhliain seo chugainn beidh an comórtas dírithe ar an fheadóg mhór agus an fheadóg stáin, agus athrófar an uirlis arís an bhliain dár gcionn.

# Super Mhamó ag teacht!

BEIDH Super Mhamó ag tabhairt cuairte ar roinnt teaghlach timpeall na tíre ag cur comhairle orthu ar na bealaí gur féidir leo saol níos fearr a chruthú dóibh féin.

Tá an clár seo á chur le chéile do RTÉ agus béidh sé dírithe ar theaghlaigh nach gcaitheann a ndóthain ama le chéile, agus ar mhaith leo comhairle ar cén chaoi an leas is fearr a bhaint as buiséad íseal.

Taispeánfadh Super Mhamó, Máire Andrews, do theaghlaigh an tairbhe a thagann ó shaol níos simplí don chlann ar fad, ar bhealach cairdiúil, spraoiúil.

Tá siad ag cuartú clann a bhfuil athrú ag teastáil uathu ar fáth amháin nó fáth eile, a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus a bheadh sásta a bheith ar an teilifís agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí teaghlaigh éagsúla.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le grainne@thepicturehouse.tv


## Éist le:

**RTÉ Raidió na Gaeltachta:**
Beidh Rí Thoraí, Patsy Dan Mac Ruairí ag caint le Séamus Mac Géidigh mar gheall ar na hiarrachtaí móra a rinneadh sna seachtóidí chun a chinntiú nach dtréigfí an t-oileán. Sa lá atá inniu ann tá 120 duine ina gcónaí i dToraigh, atá 9 míle amach ó chósta Dhún na nGall.
Dé Máirt @ 12.08i.n.

**BBC Radio nan Gàidheal: 'Aig Cridhe ar Ciùil'**
Clár a bhreathnóidh ar fhonn na n-amhrán Gaelach agus ról an amhráin i saol na nGael.
Dé hAoine @ 8.30i.n.

**RTÉ Radio 1:**
Ar an chlár filíochta an tseachtain seo le Pat Boran, labhróidh John Mc Kenna mar gheall ar Leonard Cohen, atá mar chara aige le roinnt blianta anuas. Beidh giotaí le cluinstin de Mc Kenna i mbun comhrá le Cohen, chomh maith le samplaí de cheol agus d'fhilíocht an ealaíontóra. Dé Sathairn @ 7.03i.n.





**Patsaí** Dan Mac Ruairí, Rí Thoraí

# CEOLTÓIR na Seachtaine

Labhraíonn Muireann Nic Amhlaoibh atá mar bhall den mhórghrúpa traidisiúnta 'Danú' ó bhí 2003 ann le **Joanne Ní Riain**



**Cá bhfuil tú faoi láthair agus céard atá ar siúl agat?**
Táim díreach thar n-ais ó fhéile cheoil san Iorua le Danú. Bhí sé i mbaile darb ainm Telemark thuas sna sléibhte. Bhí sé go haoibhinn ar fad ach do thaistealamar ann ar an tSatharn is thánamar abhaile ar an Domhnach so bhí an taisteal tuirsiúil go maith. Táim á thógaint go bog anois go dtí an tseachtain seo chugainn nuair a bheidh mé ag dul go dtí an Eilvéis ar feadh seachtaine le Julie Fowlis agus na leaids ó Dual.

**D'eisigh Danú a ndlúthdhiosca nua "Seanchas" le déanaí. Inis dúinn faoin inspioráid a bhí taobh thiar den albam.**
Is dócha go bhfuil an t-albam seo difriúil sa tslí is go raibh tréimhse cúig bliana ann ó d'eisíomar CD agus go rabhamar ar fad ag gabháil de rudaí éagsúla sna blianta sin. Bhí deis againn ár gceol aonarach a dhéanamh agus tionscnaimh dhifriúla a thriail. Chomh maith leis sin, do bhí am aige baile againn ag seinnt lenár gcomhcheoltóirí áitiúla, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór orainn. Ar theacht le chéile ansin dúinn chun "Seanchas" a thaifead, bhí dearcadh níos 'fásta suas' againn, is dócha. Do thuigeamar nach raibh gá leis an rith is an rás - rud a thagann le haois - ná le cóirithe casta. Tá an ceol mar chuid dár ndúchas agus dár n-oidhreacht agus is dócha go mbraithimid an ceangal sin leis go láidir. Sin cúis an teidil chomh maith!

**Cén sórt aiseolais a fuair sibh?**
Go dtí seo táimid an-sásta go deo leis na léirmheasanna, ach caithfead a rá, do bhíomar féin chomh sásta leis an taifead seo gur cuma linn cad a cheapfadh na léirmheastóirí. Tá áthas orainn, gan dabht, gur thaitin an ceol leis na léirmheastóirí ach, táim níos sásta fós gur thaitin an CD le muintir na háite aige baile i gCorca Dhuibhne, go bhfuil sé á sheinnt ag Raidió na Gaeltachta, agus go bhfuil leanaí Scoil Dhún Chaoin ag foghlaim na n-amhrán uaidh; sin an moladh is mó!

**Bhuaigh tú an 'Best Singer Award' ag na gradaim livejournal.ireland cúpla bliain ó shin. Cén éifeacht a bhíonn ag gradaim mar sin ort mar cheoltóir?**
Ba mhór an onóir é ag an am, ní rabhas ach ag tosú amach le Danú agus ba dheas an rud é beagáinín aitheantais a fháil. Is dóigh liom gur thug sé beagáinín misnigh dom mar go rabhas an-neirbhíseach i dtosach! N'fheadar cén éifeacht go díreach a bhí leis ó shin, seachas gur rud deas é le cur sa bheathaisnéis!

**Tá an domhan mór siúlta agat le Danú. Cén áit a sheasann amach i do chuimhne?**
Táimse go hainnis, uaireanta ní bhíonn clue agam cá bhfuilim, bím chomh tógtha suas leis an gceol gur cuma liom. Ach, gan dabht, tá cúpla áit a sheasann amach i mo chuimhne. Bhíomar san Ind mar chuid de thuras oifigiúil Thaoiseach na hÉireann agus do bhí san dochreidte - do dheineamar clár beag teilifíse de do TG4. Bhí an Bhulgáir suimiúil domsa chomh maith, mar gur breá liom a gcuid amhránaíochta; ba thuras an-speisialta é sin. Agus is breá liom nuair a théimid go California agus Nua Eabhrac! Is breá linn Féile Tonder sa Danmhairg ach, an-chuid de na gigeanna a fhanann i mo chuimhne ná na cinn aige baile in Éirinn. Is anseo a bhíonn an chraic is fearr!

**Tógadh i nDún Chaoin i gCorca Dhuibhne tú. An bhfuil tionchar mór ag an áit seo ar do cheolsa?**
Tá, gan dabht, agus beidh go deo, is dóigh liom. Téim abhaile chomh minic agus is féidir liom agus spreagann an áit mé i gcónaí. An ceol, an Ghaeilge, an cultúr, an chraic, an nádúr - tá sé ar fad ann. Is dóigh go liom go mbeidh mo chroí i gcónaí i nDún Chaoin agus, le cúnamh Dé, tá súil agam go mbeidh ar mo chumas maireachtaint aige baile arís.

**Bhí albam aonarach agat 'Daybreak: Fáinne an Lae' in 2006 agus ansin rinne tú 'Dual' in 2008 le triúr eile. An fearr leat bheith ag scríobh agus ag seinm i d'aonar nó ag comhoibriú le daoine eile?**
Bhuel, is maith liom an dá rud, ach is é an rud is fearr liom ná éagsúlacht a bheith ann. Bheadh sé leadránach a bheith liom féin i gcónaí nó leis an ngrúpa céanna fiú. Is dócha go ndeineann sé maitheas duit mar cheoltóir rudaí a mheascadh suas agus triail a bhaint as dúshláin nua. Maidir le bheith ar an mbóthar, áfach, is fearr liom a bheith le grúpa. Cabhraíonn sé go mór comhluadar maith a bheith agat nuair a bhíonn tú as baile ar feadh tréimhsí fada. Bíonn sé go hiontach chomh maith nuair a bhíonn caidreamh láidir idir na ceoltóirí ar fad ar stáitse, nuair a bhíonn muinín againn as a chéile. Ní féidir é a mhíniú i gceart i bhfocail, ach nuair a thagann grúpa le chéile go maith, tarlaíonn rud éigin speisialta, rud atá níos mó ná aon cheoltóir amháin, nach mór gur rud spioradálta é!

**An bhfuil aon tionscadail eile ar siúl agat faoi láthair?**
Táim ag obair le cúpla cara ar shuíomh idirlín nua, áit a mbeidh ranganna ceoil agus amhránaíochta ar fáil ar líne chomh maith le haiseolas ar do chuid ceoltóireachta féin. www.oaim.ie an seoladh. Amach anseo, táim ag súil le halbam aonarach eile a chur le chéile, tar éis an tsamhraidh, b'fhéidir.

**Tuigim go bhfuil tú ag múineadh amhránaíochta agus fluiteadóireachta in Ollscoil Luimnigh faoi láthair. An bhfuil spéis ag an nglúin óg i gceol traidisiúnta? An bhfuil mórán athraithe agus forbartha ag teacht air, meas tú?**
Is rud iontach é a bheith ag múineadh, spreagann sé mé chun taighde a dhéanamh agus amhráin nua a fhoghlaim mar go bhfuil na mic léinn chomh hábalta. Tá an ceol traidisiúnta an-sábháilte i lámha na glúine óige, creidim. Tá gach sórt ceoil á sheinnt acu, an fíorcheol sa tseanstíl agus rudaí nua trialacha. Tá an oiread daoine ag seinnt agus ag canadh anois go bhfuil an ceol níos láidre ná mar a bhí riamh.






# 8 OIDEACHAS

# An Ghaeilge á spreagadh lasmuigh d'uaireanta scoile

**Meadhbh Ní Eadhra**

RINNE Foras na Gaeilge athnuachan an tseachtain seo ar "Scéim na nImeachtaí Óige", faoina gcuirfear níos mó ná €216,000 ar fáil chun daoine óga a spreagadh chun a gcuid Gaeilge a úsáid lasmuigh d'uaireanta scoile. Cuirfear an t-airgead seo ar fáil do scoileanna agus do choistí ar fud na tíre chun imeachtaí a chur ar siúl do dhaoine óga trí mheán na Gaeilge.

Ceadaíodh 54 togra faoin scéim seo i mbliana, níos mó ná dhá oiread an méid a eagraíodh sa bhliain 2009. Ghlac na céadta duine páirt i ranganna ealaíon, ceoil, spóirt, damhsa agus drámaíochta faoin scéim anuraidh.

An aidhm atá leis an scéim ná timpeallacht foghlama spraoiúil agus spleodrach a chruthú do pháistí agus do dhéagóirí nach mbeadh seans acu murach seo an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh d'uaireanta scoile.

Tá Clubanna Óige, ranganna ceoil, ceardlanna ealaíne agus seisiúin spóirt trí Ghaeilge ar chuid de na himeachtaí a rithfear le linn na scoilbhliana seo romhainn.

Deir Seosamh Ó Coinne, Bainisteoir Oideachais Fhoras na Gaeilge, gur ábhar áthais don Fhoras í an spéis bhreise atá á léiriú ag daoine ar fud na tíre sa scéim.

"Tugann na himeachtaí seo deis do dhaoine óga spraoi a bheith acu trí Ghaeilge ar bhealaí a mbaineann an chruthaitheacht agus an nuáil leo, mar shampla, ranganna ceoil agus seisiúin spóirt."

Beidh múinteoirí agus oibrithe deonacha i gceannas ar na himeachtaí a reáchtálfar i scoileanna agus i measc an phobail ar fud na tíre, idir Cathair na Mart agus an tIúr, ó Bhéal Feirste go Ceanannas.

"Táthar ag súil go mbeidh leas á bhaint as an tsamhlaíocht agus as an nuáil ag an lucht eagrúcháin a bhaineann leas as an gciste seo go bhfeictear do dhaoine gur teanga bheo lena húsáid i mbun an tsaoil an Ghaeilge agus nach ábhar don seomra ranga amháin atá inti," a deir an tUasal Ó Coinne.

Is seans iontach í an scéim seo do dhaoine óga chun Gaeilge a labhairt lasmuigh den seomra ranga.

DCU

**FIONTAR**

**4 Phost Taighde - Téarmeolaíocht agus logainmneacha**

Tá FIONTAR ag earcú 4 thaighdeoir ar conradh chun oibriú ar thionscadail éagsúla taighde sna daonnachtaí digiteacha Gaeilge.

**Eagarthóir Taighde (2 phost)**

Tuarastal: **€37,750 - €38,860 - €40,003**

**Riachtanais:**

Bunchéim onóracha sa Ghaeilge mar aon le céim Mháistreachta i réimse cuí. PhD agus/nó taithí dhá bhliain lánaimseartha ar a laghad i bpost a bhain le sainréimse na teanga (i ról eagarthóireachta nó taighde mar shampla). Ní mór taithí a bheith ag iarrthóirí ar ghnéithe d'obair thaighde a phleanáil, a chomhordú is a mheas.

**Cúntóirí Eagarthóireachta Taighde (2 phost)**

Scála Tuarastail: **€29,342 - €30,200 - €31,083 - €31,993 - €32,930**

Pointe iontrála de réir cáilíochtaí agus taithí.

**Riachtanais:**

Bunchéim onóracha sa Ghaeilge. Is gá céim Mháistreachta i réimse cuí agus/nó taithí dhá bhliain i ról eagarthóireachta nó taighde i réimse na Gaeilge scríofa. Ní mór d'iarrthóirí a bheith inniúil ar obair thaighde a chur i gcrích ar ardchaighdeán.

Is féidir na ceapacháin uile a dhéanamh ar chonradh 27 mí ag tosú Eanáir 2011. Tá páirtmhaoiniú ag formhór na dtionscadal seo ón Roinn Gnóthaí Pobail Comhionannais agus Gaeltachta. **Tá na postanna seo maoinithe go seachtrach.**

Tá sonrúchán iomlán na bpost seo ar fáil ar:
**www.dcu.ie/vacancies/current.shtml** agus tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun na poist seo a phlé:
An Dr. Caoilfhionn Nic Pháidín, Fiontar, Ollscoil Bhaile Átha Cliath.
Fón: **+353 (0)1 700 5173**; R-phost: **caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie**

**Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, 27 Lúnasa 2010**

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó:
**Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9**. Fón: **+353 (0)1 700 5149**;
Faics: **+353 (0)1 700 5500.** R-phost: **hr.applications@dcu.ie**
**www.dcu.ie/vacancies/current.shtml**

NDP National Development Plan 2007 - 2013
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs

**Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.**

Dublin City University
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath



**Bhronn an tUasal Patrick G. Binns, Ambasadóir Cheanada in Éirinn, scoláireachtaí do seisear mac léinn ó Cheanada atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge sa Cheathrú Rua i nGaillimh. Na mic léinn, ó chlé, ná: Gillian Head, Halifax, Nova Scotia; Greg Darwin, Mississauga, Ontario; Keith Johnston, Hoyt, New Brunswick; Cassidy Fortin, Kemptville, Ontario; Alethea Power, St. John's, Newfoundland; Joseph Donnelly, Montreal, Quebec. In éineacht leis na mic léinn tá: Máirín Uí Choisdealbha, an tAcadamh; Maria O' Reilly, ó Ambasáid Cheanada, Sailí Ní Dhroighneáin, an tAcadamh; Seamus O'Grady, OÉG; John Kelly, Fondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Cheanada, Ambasadóir Cheanada, Patrick Binns; An tOllamh Chris Curtin, OÉG agus Peadar Mac an Iomaire, Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Pic: Seán ÓMainnín.**

## Scrúdú Speisialta Matamaitice in OÉ Gaillimh

**Meadhbh Ní Eadhra**

TÁ Coláiste na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i ndiaidh a fhógairt go mbeidh an Scrúdú Speisialta Iontrála Matamaitice, scrúdú a thugann seans eile do mhic léinn tabhairt faoi ghairm na hInnealtóireachta, ar bun arís i mbliana.

Beidh an scrúdú ar siúl Dé Céadaoin, an 25 Lúnasa, agus tá sé dírithe ar mhic léinn a bhaineann na pointí cuí amach chun cúrsa céime san Innealtóireacht a dhéanamh in OÉ Gaillimh ach nach bhfuil an marc atá riachtanach acu sa mhatamaitic. I mbliana, beidh dianchúrsa ullmhúcháin ar siúl in OÉ Gaillimh dóibh siúd ar mian leo an scrúdú a dhéanamh. Beidh an cúrsa seo, atá saor in aisce, ar siúl ón Déardaoin, an 19 Lúnasa go dtí an Mháirt, an 24 Lúnasa.


Le breis agus scór bliain, tá an scrúdú speisialta iontrála seo á reáchtáil ag OÉ Gaillimh chun cabhrú le hiarratasóirí nach bhfuil grád C3 nó níos airde bainte amach acu sa pháipéar Ardleibhéil Matamaitice. Is féidir le daoine a rinne an páipéar Gnáthleibhéil Matamaitice san Ardteistiméireacht an scrúdú a dhéanamh chomh maith. Má fhaigheann mic léinn pas sa scrúdú seo beidh an riachtanas matamaitice sásaithe acu agus gheobhaidh siad tairiscint eile ón CAO i mBabhta 2 má bhíonn na pointí cuí acu.

Deir an tOllamh Gerry Lyons, Déan na hInnealtóireachta agus na hIonformaitice in OÉ Gaillimh: "Bíonn cláir innealtóireachta dírithe ar scileanna anailíse agus scileanna le fadhbanna a réiteach a fhorbairt agus, dá bhrí sin, bíonn an-bhéim ar an matamaitic agus ar an matamaitic fheidhmeach. Gach bliain feicimid mic léinn bhisiúla nach n-éiríonn go rómhaith leo lá scrúdú na hArdteistiméireachta.

Tugann ár Scrúdú Iontrála Speisialta sa Mhatamaitic seans eile do na mic léinn seo a léiriú go bhfuil an caighdeán cuí bainte amach acu sa Mhatamaitic. Le blianta anuas, tá mic léinn thar a bheith ábalta tar éis céim a bhaint amach san ollscoil seo, agus tá siad tar éis gairm bheatha a bhaint amach dóibh féin san Innealtóireacht de bhrí go bhfuair siad seans eile – agus is chuige sin an scrúdú seo."

Glacfar le hiarratais ar an Scrúdú Speisialta Matamaitice san Oifig Iontrála go dtí 9 a chlog maidin an scrúdaithe. Tá eolas breise maidir leis an dianchúrsa matamaitice le fáil ach glaoch ar 091 492101 nó dul chuig www.nuigalway.ie.

# Crosfhocal 13.08.2010



## NODANNA


**TRASNA**

3 Cosaint don chos agus tú ag siúil (4)
5 Áit a ghnáthaíonn iománaí ar thaobh an bhóthair (4)
7 Uirlis don saor adhmaid (5)
9 Bog go gasta ó thaobh go taobh (6)
10 Ba ghnáth le Popeye ceann acu seo a chaitheamh (5)
11 Eagraíocht mhíleata an stáit (3)
12 Óstlann do thaistealaí atá ar bhuiséad teoranta (3)
14 Mála crua a iompraíonn tú ar do laethanta saoire (3)
15 Aiféaltas, trua (4)
16 Ainmhí a tharraingíonn cart Dhaidí na Nollag (3)
17 Abair ainm nó líne fhilíochta mar thagairt eolach le linn comhrá (3)
18 Ag an fhear, ag an bhuachaill (4)
21 Gliondar, thar a bheith sásta (5)
22 Lofa, le boladh uafásach ann (5)
24 Príosúnach le linn cogaidh (4)
25 Uisce an choirp a fhuaraíonn thú le linn oibre crua (5)
26 Dall, mar ainmhí atá dall, deirtear (5)
28 Scláta don urlár, nó don bhall sa seomra folctha (3)
29 Mí i ndiaidh an phósta, mí na ----- (5)
30 Duine amaideach (8)

**SÍOS**

1 Uirlis tí chun an t-urlár a ghlanadh (5)
2 Airgead nó brabús a dhéantar as aisíocaíochtaí iasachta (2)
3 'Arán' crua, milis a ítear le cupán tae nó caife (7)
4 Cóngarach (3)
5 Páirt, roinnt, sciar (4)
6 Céile do mháthar de ghnáth (6)
8 Imrítear iománaíocht le sliotar agus an chraobh d'fuinseog seo (5)
9 Daingeán, foirgneamh mór maorga (8)
10 Taibhse traidisiúnta Éireannach (4)
13 Saol (6)
15 Dea-mhúinte (7)
16 Iris Chonradh na Gaeilge; nó 'ó seo amach' (6)
19 In ann, in inmhe, cumasach (6)
20 Curtha chun bás ar chros (6)
23 Lobhadh, dul in olcas (5)
26 Focal buailte ar pháipéar, nuachtáin nó leabhair (3)
27 Mála déanta as tuí nó sáile (3)

**Crosfhocal**
06.08.2010



**Buaiteoir na Seachtaine seo:**
Ita Ní Dhonnchadh
44 Ascaill an Chlabhstra
Carraig Dhubh, Bhaile Átha Cliath

## Duais na seachtaine

**Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.**

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 18 Lúnasa, 2010 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm ..........................................................

Seoladh ..........................................................

..........................................................

Fón.................................. Rphost..................................

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

# Maoiniú de €22,500 ceadaithe do thrí scoil

**Meadhbh Ní Eadhra**

CHEADAIGH Pat Carey T.D., an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, maoiniú de €22,500 do thrí scoil faoi Scéim Feabhsúcháin CLÁR d'Áiseanna Spraoi Lasmuigh de Bhunscoileanna an tseachtain seo. Is iad na scoileanna atá i gceist ná Scoil Náisiúnta Chluain Banbh (Cloonbonniffe) i gContae Ros Comáin, Bunscoil Naomh Mhichíl i gContae Thiobraid Árann agus Scoil Náisiúnta Mhainistir na Sruthrach i gCorcaigh.

Tá an scoil i Ros Comáin le os cionn seacht míle go leith Euro a fháil mar thacaíocht dá gcuid áiseanna spraoi lasmuigh. Meastar go gcosnóidh an obair ar fad thart ar €20,000. Deir an tAire Michael Finneran, atá mar Theachta Dála i Ros Comáin agus Deisceart Liatroma, go bhfáiltíonn sé roimh an nuacht seo. Tá an dá scoil eile le €7,500 an ceann a fháil.

Beidh costas iomlán de bheagáinín os cionn €20,000 ar an scoil Chorcaíoch, agus is é €10,144 an costas iomlán a bheidh ar Scoil Naomh Mhichíl. Fágann sé sin go mbeidh níos lú ná €3,000 le n-íoc ag Scoil Naomh Mhichíl i ndiaidh dóibh an maoiniú seo a fháil.

Tá Scéim Feabhsúcháin CLÁR d'Áiseanna Spraoi Lasmuigh de Bhunscoileanna dírithe ar áiseanna spraoi lasmuigh de bhunscoileanna beaga tuaithe a fheabhsú i gceantair CLÁR. I measc na n-oibreacha éagsúla a dhéanfar beidh féar/tarmac á chur ar chlóis spraoi, cuirfear eangach agus cuaillí báire, ciseáin chispheile srl. ar fáil, chomh maith le háiseanna eile caithimh aimsire do na láithreacha spraoi lasmuigh.

Tá 75% den chostas á mhaoiniú faoi CLÁR i ngach cás, go huasmhéid €7,500, agus an fuílleach ag teacht as acmhainní áitiúla. Ciallaíonn sé sin go mbeifear in ann oibreacha ar fiú €50,006 ar fad iad a chur i gcrích leis an maoiniú tacaíochta seo as CLÁR.

Fágann an infheistíocht is déanaí seo, in áiseanna spraoi lasmuigh de bhunscoileanna, go bhfuil maoiniú €5.8m ar fad ceadaithe faoin mbeart CLÁR seo, agus tá 870 scoil tar éis leas a bhaint as.

"Tá ag éirí thar cionn leis an scéim go dtí seo agus tá na mílte páiste i gceantair CLÁR ag baint leasa as an trealamh nua agus na háiseanna feabhsaithe atá curtha ar fáil dóibh. Tá a fhios againn uilig go bhfuil áiseanna maithe spraoi i scoileanna thar a bheith tábhachtach agus, mar sin, tá mé an-sásta go deo go mbainfidh na daltaí sa scoil seo leas as an scéim, mar atá déanta ag go leor eile roimhe seo," a deir an tAire Carey.

# Taighde nua faoin bhfiobróis chisteach agus mná

**Meadhbh Ní Eadhra**

TÁ taighdeoirí i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI) agus in Ospidéal Beaumont i ndiaidh eolas ceannródaíoch a aimsiú maidir leis an deighilt inscne a bhaineann leis an ngalar fiobróis chisteach. Creidtear go mbíonn an fhiobróis chisteach níos measa do mhná ná do na fir agus gurb iad na leibhéil arda den hormón éastraigin is cúis leis seo. Mar thoradh ar na léargais nua ar na meicníochtaí ag obair san fhiobróis chisteach, d'fhéadfadh sé go gcuirfear cóireáil nua ar fáil chun déileáil leis an tinneas seo. Is tinneas í an fhiobróis chisteach atá bagrach don bheatha agus bíonn tionchar aige ar na scamhóga agus an córas díleáite. Mar gheall ar bharraíocht múcais, bíonn sé deacair baictéir a ghlanadh agus mar gheall air sin bíonn timthrialacha d'ionfhabhtú scamhóg agus athlasadh ann, rud a dhéanann damáiste do na scamhóga.

Foilsíodh an taighde seo san American Journal of Respiratory and Critical Care Medicine. Dá réir, cuireann ardleibhéil éastraigine teorainn le cumas na scamhóg freagairt a thabhairt ar ionfhabhtú. Léirítear sa staidéar go gcuireann éastraigin cosc ar scaoileadh comhartha cheimicigh a spreagann cealla bána isteach sna scamhóga chun ionfhabhtú a throid nuair a dhéanann baictéir ionsaí ar na cealla. Tá an ráta is airde den fhiobróis chisteach ar domhan againn in Éirinn agus tá sé tugtha faoi deara go maireann fir leis an ngalar níos faide ná na mná agus go bhfuil seans níos mó go bhfaighidh mná ionfhabhtú scamhóga.

Deir an tUasal Sanjay Chotirmall, duine d'údair an pháipéir, go gcuidíonn an t-eolas a bailíodh sa taighde linn tuiscint níos fearr a fháil ar cén fáth a mbíonn an fhiobróis chisteach níos measa do na mná ná do na fir, go háirithe agus iad ag dul trí chaithreachas. Deir sé gurb í an aidhm atá acu ná caighdeán maireachtála agus ráta marthanais na mban a fheabhsú.

Tuairiscíodh an tseachtain seo freisin go mbeidh aonad nua do dhaoine le fiobróis chisteach ag oscailt in Éirinn i gceann coicíse. Aonad é seo ina mbeidh seomraí cóireála agus comhairliúcháin, agus áis sa bhreis a bheidh ann ar an ionad atá ann cheana féin in Ospidéal Beaumont, ina bhfuil sé leaba. Beidh saotharlann feidhme scamhógaí, ina ndéanfar cóireáil ar an gcliabhrach agus ar na scamhóga, chomh maith le háiseanna eile, ar fáil san aonad nua.

EUROPUS

**Ardchúrsa Oiliúna in Aistriúchán Cáipéisí Dlí agus Cáipéisí Stáit eile**

**Europus/GMIT**
*i gcomhar leis an*
**Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta**

De bharr an méid éilimh a bhí ar an gcéad chúrsa de seo i mbliana reáchtálfaidh Europus/GMIT, faoi urraíocht na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, dianchúrsa oiliúna lánaimseartha eile a sheasfaidh 6 seachtaine ar aistriúchán cáipéisí dlí agus cáipéisí stáit eile i dTír an Fhia i gConamara ag tosú i mí Meán Fómhair 2010. Glacfar le hiarratais ó chéimithe a mbeidh caighdeán ard acu i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh buntáiste ag daoine a mbeidh na cáilíochtaí sin agus cáilíochtaí sa dlí acu. Beidh scrúdú scríofa mar chuid den phróiseas roghnúcháin. Ní bheidh aon táille ar an gcúrsa. Ní ghlacfar ach le líon teoranta daoine ar an gcúrsa agus déanfar roghnú randamach ar na daoine a cháileoidh má bhíonn an iomarca iarrthóirí ann.

*Seol iarratas mar aon le CV chuig :-*
**EUROPUS**
**An Comhlacht Teanga**
**An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe**
*roimh Dé hAoine an 20 Lúnasa 2010*

**Teil: 091/572 082 Faics: 091/572 335**
**Ríomhphost eolas@europus.ie**

# 9 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa i Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**




Mná óga a chuir isteach ar chomórtas Pheigín Leitir Móir ar an deireadh seachtaine in éineacht leis na moltóirí, Bernie Ní Fhlatharta agus Máirtin Davy Ó Coistealbha. Is iad, ó chlé, Róisin Ní Cheallaigh as Indreabhán a bhuaigh an comórtas i mbliana, Máire Treasa Ní Chuanaigh as Leitir Caladh, Eibhlín Níc Dhonnacha as an gCeathrú Rua, Sorcha Ní Thuathail as Sconsa, Siobhán Ní Mháirtín as Camus, Clíona Ní Fhlatharta as Doirín Glas, Siobhán Ní Bhairéad as Leitir Mealláin, Máiréad Ní Fhiannaigh as an gCnoc agus Máirín Ní Ghaora as Carna.



Tomás Ó Máille, ag ceol ag Féile Cheoil na Locha i dTuar Mhic Éadaigh. GRIANGHRAF: MÁIRTÍN DAVY




Máire Teresa ó Marabeo, AnnMarie McCarthy (údar) agus Ré Ó Laighléis (foilsitheoir agus scríbhneoir), ag seoladh leabhar nua de chuid Móinín, Fungie, thíos sa Daingean.



Ryan Cahill, Cluain Dolcáin, Mary Nohilly, Na Clocha Liatha agus Aoife McDonnell, Caisleán an Bharraigh, a d'fhreastail ar Cheol na Locha na bliana seo i dTuar Mhic Éadaigh. GRIANGHRAF: MÁIRTÍN DAVY



Leaideanna Scoil na Mainistreach: Daithí Richmond, Seán Mc Caffrey, Adam Mac an Ghoill agus Conchúr Ó Néill ó Scoil na Mainistreach, Iúr Cinn Trá ag baint sult as Coláiste Mhachaire Rabhartaigh



Aoife, Tomás agus Caitlín Nic Sheáin le Cora Smyth ag an Seó 'The Legend of Gráinne Mhaol' i gCathair na Mart

# Cluichí Leathcheannais Chomórtas Camógaíochta Gala 2010

Ciarán Mac Fhearghusa

IMREOFAR na cluichí leathcheannais i gCraobhchomórtas Camógaíochta Gala i bPáirc Uí Nualláin an Satharn beag seo. Is iad cailíní na Gaillimhe a thabharfaidh aghaidh ar churaidh uile Éireann, Corcaigh, a bheidh ag iarraidh Corn Uí Dhufaigh a bhaint den tríú bliain as a chéile.

Ach ní hiad mná cois Laoi atá mar rogha na coitiantachta i mbliana, ach mná na boilge buí as Loch Garman a bheidh ag tabhairt faoi dhúshlán na gCat. In agallamh eisiach le Gaelscéal, nocht captaen Bhaile Átha Cliath, Caitríona de Paor, a cuid tuairimí maidir le comhraic an deireadh seachtaine seo.

"Tá an saol camógaíochta ag tnúth leis na cluichí seo. Beidh mórthaispeántas camógaíochta le fáil, idir scil, aclaíocht agus dúshaothar, ach go pearsanta, is í an choimhlint idir Cill Chainnigh agus Loch Garman a mbeidh mé féin dírithe air.

"Tá stíl imeartha an dá fhoireann seo tar éis dul i gcion go mór orm i mbliana. An rud is suntasaí faoin gcur chuige atá acu ná an obair agus an tacaíocht a thugann na himreoirí seo dá chéile ar an bpáirc.

Tá sé an-deacair cosaint a dhéanamh i gcoinne modh oibre den sórt seo. Chruthaigh siad deacrachtaí móra dúinne sna réamhbhabhtaí."

Braitheann Caitríona gur cheart go mbeadh an lámh in uachtar ag cailíní na Gaillimhe ar Chorcaigh, agus go mbeidh siad ag dul in iomaíocht le haghaidh Chorn Uí Dhufaigh i mí Mheán Fómhair.

Síleann sí, áfach, nach bhfuil sé chomh héasca céanna buaiteoirí a thuar sa chath idir Loch Garman agus Cill Chainnigh. "Beidh sé fíordheacair an dá fhoireann seo a scaradh óna chéile agus ní chuirfeadh sé iontas ar bith orm dá gcríochnódh an cluiche ar comhscór." Dá mbeadh ar Chaitríona foireann amháin a roghnú, áfach, deir sí: "Cé go mbraithim go bhfuil foireann níos fearr ag Loch Garman ar páipéar, nuair a thiocfaidh an cluiche go cnámh na huillinne táim den tuairim go mbeidh an bua ag Cill Chainnigh, de bharr an eitic oibre atá lárnach ina gcuid imeartha le bliain anuas go háirithe."

Ar ndóigh, briseadh croí na gCat sa chluiche ceannais anuraidh nuair a theip orthu dul i ngleic go héifeachtach le forlámhas Chorcaí, rud a thabharfaidh ugach breise dóibh an Satharn seo gan dabht.

Mar sin féin is iad Cill Chainnigh agus Gaillimh atá mar rogha chaptaen Bhaile Átha Cliath le cluiche ceannais Chomórtas Camógaíochta Gala 2010 a bhaint amach. Beidh le feiceáil.

# Comórtas Snámha na hEorpa



Gráinne McElwain

AN Luan seo caite, cuireadh tús le Comórtas Snámha na hEorpa i mBúdaipeist. Seo an ceathrú huair go bhfuil an comórtas seo á reachtáil sa chathair stairiúil seo agus chuaigh seisear snámhóirí as Éirinn ansin chun páirt a ghlacadh ann, Andrew Bree, Ryan Harrisson, Barry Murphy, Melanie Nocher, Clare Dawson agus Gráinne Murphy. Go dtí seo, is í Gráinne Murphy, an snámhóir óg as Loch Garman, atá sa spotsolas. D'éirigh léi cáiliú do rása ceannais saorstíle 800m na mban a bhí ar siúl san oíche aréir.

Ina babhtha cáilithe d'éirigh léi críochnú sa chéad áit chun cinn ar an Seaimpín Oilimpeach agus an bhean a bhfuil curiarracht an domhain aici.

Bhí sé ar cheann de na taispeántais is fearr ag aon duine ón tír seo sa chomórtas le blianta fada. Ní raibh toradh an rása ceannais ar eolas againn agus muid ag dul i gcló. Chuaigh Gráinne chomh fada le rása ceannais meascra aonair 400m na mban níos luaithe sa tseachtain agus cé nár sháraigh sí a ham pearsanta is fearr sa rás sin, tháinig sí sa seachtú háit.

Ach, seo an chéad uair go bhfuil snámhóir Éireannach tar éis cáiliú do Rásaí Ceannais sa chomórtas Eorpach le deich mbliana anuas.

Inniu, beidh Melanie Nocher agus Clare Dawson ag snámh i saorstíl 200m na mban agus beidh Melanie ag glacadh páirte i snámh droma 50m na mban. Bhí díomá ar Melanie nár éirigh léi dul chomh fada leis an rása ceannais i snámh droma 200m na mban. Sin an rás is fearr atá aici agus tháinig sí isteach sa tríú háit déag sa bhabhta cáilithe.

Feicfear Barry Murphy agus Gráinne Murphy ag snámh inniu agus amárach chomh maith.

# Foireann Rugbaí na mBan ag tnúth le Sasana



Gráinne McElwain

Mar is gnách i gcursaí spóirt do na mná, ní fhaigheann siad an t-aitheantas céanna agus a fhaigheann na fir. Mar shampla, an bhfuil a fhios agat go mbeidh Corn Rugbaí an Domhain do na mná i Sasana an tseachtain seo chugainn agus go bhfuil foireann Éireannach ag glacadh páirte ann?

Tabharfaidh seisear ban is fiche as Cúige Mumhan, Uladh, Laighean agus Connacht aghaidh ar an Luan seo chugainn, an 16ú Lúnasa, ar Surrey i Sasana chun páirt a ghlacadh sa chomórtas, an séú huair go mbeidh an comórtas domhanda seo á reáchtáil. Beidh dhá fhoireann déag ann agus tá Éire sa ghrúpa le Sasana, Na Stáit Aontaithe agus an Chasacstáin. Is i 1991 i gCardiff a bunaíodh an comórtas agus ba iad na Stáit Aontaithe a bhuaigh an corn an chéad uair sin. I mbliana, tá an Nua-Shéalainn ag iarraidh an Corn a choinneáil ar an taobh eile den domhan den cheathrú huair as a chéile.

Is in aghaidh Shasana a bheas an chéad chluiche ag foireann na hÉireann ar an 20ú Lúnasa agus beirt atá ag súil go mór leis ná Claire Molloy agus Carol Staunton atá ag imirt sa líne chúil.

" Níor éirigh linn buachan ar Shasana riamh agus sa chomórtas seo, is ócáid mhór mhillteach a bheidh ann dúinn" a deir Carol. " Is iad Sasana agus an Nua-Shéalainn rogha na n-údar chun Corn an Domhain a bhuachan agus beidh an-ócáid ann agus go leor poiblíochta faoi, go háirithe agus Sasana ag reáchtáil an chomórtais".

Is as Cathair na Mart i gCo. Mhaigh Eo do Carol agus faoi láthair tá sí ag staidéar in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. "Thosaigh mé ag imirt rugbaí ceithre bliana ó shin. Bhí mé tar éis mo mháistreacht a dhéanamh i gCearta Daonna agus Cearta Cóiriúlachta agus bhog mé le cara go Baile Átha Cliath. Bhí mo chara ag freastal ar Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus thosaigh sí ag imirt rugbaí. Fuair mé cuireadh dul chuig ceann de na seisiúin traenála agus bhain mé an-sult as.

Ní raibh cead agam imirt le foireann na hOllscoile mar nach raibh mé ag freastal ar an choláiste ach thosaigh mé ag imirt le Coláiste Naomh Mhuire i dTeach Mealóg agus tá mé ag imirt rugbaí ó shin" a deir Carol.

Bhí cúlra CLG ag Claire agus bhí sí ar phainéal na Gaillimhe i bPeil na mBan cúpla bliain ó shin. "Táim sa tríú bliain ag déanamh leighis in Ollscoil Cardiff sa Bhreatain Bheag faoi láthair agus bhí mé ag iarraidh peil a imirt thall ansin. Ní raibh aon chumann CLG ann agus mar gheall air sin thosaigh mé ag imirt rugbaí. Sin trí bliana ó shin agus thaitin sé go mór liom. Thosaigh mé ag imirt leis an choláiste agus le club Bristol agus ansin bhí deis agam imirt le foireann na hÉireann. Roghnaíodh mé den chéad uair in aghaidh na Fraince in 2009 i gComórtas na Se Náisiún. B'shin an chéad uair gur bhuaigh muid ina n-aghaidh agus mar sin bhí an lá sin an-speisialta" a deir Claire.

Ní raibh ach seachtain amháin saor ag na cailíní idir deireadh na Sé Náisiún agus tús na traenála do Chraobh an Domhain. " Bhí muid ag obair ar ár gcorás traenála féin go dtí lár mhí an Mheithimh. Cuireadh amach cláracha traenála agus bhí ar gach cailín é sin a dhéanamh" a deir Carol. " Fuair sé chailín is tríocha cuireadh go dtí an chéad seisiún traenála i mí an Mheithimh ach ansin gearradh siar an painéal go dtí fiche is a sé. Bhuail muid le chéile coicís ó shin agus bhí cluiche dúshláin againn in aghaidh na Breataine Bige ach chaill muid an cluiche sin".

Tá go leor oibre curtha isteach ag na cailíní agus iad ag traenáil ocht n-uaire in aghaidh na seachtaine. "Thug foireann Chonnacht agus go háirithe Eric Elwood an-tacaíocht dúinn. Nuair a chuala sé go raibh muid ag traenáil do Chorn an Domhain, thug sé cuireadh dúinn teacht chuig seisiún traenála a bhí dírithe ar luas agus bhí muid ag traenáil leis na fir. Bhí na leaids go léir go breá leis agus ní bhfuair muid aon phribhléidí speisialta ach an oiread- bhí muid an-sásta faoi sin agus bhí áthas orm nár náirigh muid muid féin!' a deir Carol.

"An rud is fearr faoi rugbaí ná na cairde a dhéanann tú" a deir Claire. " Bhí ár gcuid tuismitheoirí buartha fúinn ag imirt ach tá siad breá sásta leis anois. Anois is arís, gortaítear daoine ach ní dóigh liom go bhfuil sé chomh dian agus garbh agus a cheaptar".

" Is é an aidhm atá againn ná Corn an Domhain a bhaint ach beidh sé iontach áit a bhaint amach i gCluiche Leathcheannais an Chomórtais. Ba bhreá linn buachan ar Shasana mar ní bhfuair muid an lámh in uachtar orthu go fóill. Is foireann láidir, ard, fisiciúil agus sciliúil iad Sasana agus beidh sé an-deacair an ceann is fearr a fháil orthu" a deir Carol. "Beidh na ceamaraí teilifíse amuigh fosta an oíche sin agus cuirfidh sé sin go mór leis an ócáid. Tá gach duine ar bís le tosnú" a deir Claire.

**Sasana v Éire**
**Sky Sports 3**
**Dé hAoine, 20ú Lúnasa @ 6.30i.n.**

# Cill Chainnigh dochreidte arís



**John Allen**

THUG Cill Chainnigh comhartha láidir don saol iomána go mbeidh Corn Mhic Cárthaigh ag fanacht cois Feoire arís i mbliana. Bhíodar dochreidte arís an Domhnach seo caite agus beidh sé thar a bheith deacair iad a stopadh ar an chéad Domhnach de mhí Dheireadh Fómhair. Tuilleadh faoi sin sna seachtainí atá amach romhainn.

Cad é mar bhrú a bhí ar an mbeirt bhainisteoir agus na nóiméid dheireanacha ag bagairt sa cheathrúchraobh iomána idir Tiobraid Árann agus Gaillimh trí seachtaine ó shin. Bhí rud amháin ionann is cinnte agus is é sin dá gcaillfeadh na Tiobradaigh bheadh ré Liam Sheedy mar bhainisteoir críochnaithe. Ach le críoch thar a bheith drámatúil bhí an lá ag a fhoireann agus is é John McIntyre a bhí in umar na haimléise agus na Gaillimhigh buaite ag an mbás. Ach cad é mar choimhlint a bhí againn ó thus deireadh. I mo thuairim b'shin an chéad chluiche ceart craoibhe a bhí againn i mbliana. Bhi spiorad agus luas, a lán imirt oscailte, scoráil iontach ar an dá thaobh agus gach imreoir ag déanamh a sheacht ndícheall ar gach uile liathróid.

Mar sin, i ndiaidh tosach iontach níos luaithe sa séasúr, caithfidh Gaillimh tosnú arís an bhliain seo chugainn le plean úrnua.

An Domhnach beag seo tagann na Déise agus Tiobraid Árann le chéile agus muid go léir ag súil le dianchoimhlint. Léigh mé ar pháipéar éigin le déanaí go raibh an draíochtóir cáiliúil Keith Barry ag tairiscint go ndéanfadh sé draíocht éigin le himreoirí Phort Láirge roimh an gcluiche mór.

Bheadh se thar a bheith suimiúil bheith mar chuileog ar fhalla an tseomra feistis i bPáirc an Chrócaigh agus an dornálaí iontach Bernard Dunne i gcúinne amháin agus Barry sa chúinne eile. Ach pé duine atá ann is ar pháirc na himeartha a bheidh an cath agus is iad na himreoirí a chaillfidh nó a buafaidh an cluiche.

Cad é mar ullmhúchán a bhí ag na Déise le dhá chluiche go leith i gcoinne Chorcaí agus bua stairiúil iontach ag an deireadh acu. Caithfidh go gceapann Davy FitzGerald anois go bhfuil a fhios aige cad é an cúigear déag is fearr atá aige i láthair na huaire ach nílim róchinnte faoi.

Níl aon dabht ach go raibh na cúlaithe ar fheabhas sna cluichí i gcoinne Chorcaí. Nach raibh sé go hiontach go bhfuair an seanlaoch Tony Browne gradam imreoir na míosa d'Iúil le déanaí . Is cinnte go bhfuil Brick Walsh ar an ngearrliosta do ghradam 'imreoir na bliana' an séasúr seo. Sna cúinní tá Eoin Murphy agus Noel Connors chomh maith le haon chúlaí atá ag imirt ag uimhir a dó nó a ceathair i láthair na huaire. Rinne Liam Lawlor ar fheabhas ar Aisake Ó hAilpín agus is iontach go bhfuil Declan Prendergast ar a sheanléim arís sa leathlíne.

**An Domhnach beag seo tagann na Déise agus Tiobraid Árann le chéile agus muid go léir ag súil le dianchoimhlint. Léigh mé ar pháipéar éigin le déanaí go raibh an draíochtóir cáiliúil Keith Barry ag tairiscint go ndéanfadh sé draíocht éigin le himreoirí Phort Láirge roimh an gcluiche mór.**

Ach fós is féidir leis na tosaithe a bheith níos fearr agus cé go raibh na cluichí sin i gcraobh na Mumhan acu ní dóigh liom go bhfuil an bhainistíocht lánchinnte faoi dhéantús na dtosaithe. Bhí Séamus Prendergast go mór as an imirt ar an Satharn sin i nDúrlas Éile agus ní rabhas ro-thógtha le taispéantas Eoin Kelly ach an oiread. Ag druidim le deireadh an chluiche sin bhí seisean ag cailliúnt a chuid féinsmachta nuair a bhí an cluiche fós le buachan. N'fheadar an bhfuil Eoin McGrath maith go leor don leibhéal seo a thuilleadh. Rinne Dan Shanahan maith go leor nuair a tháinig se isteach ach níl fhios agam an bhfuil seachtó nóiméad ann a thuilleadh.

Mar sin féin, ní bheidh aon eagla orthu roimh Thiobraid Árann.

Níl aon dabht ach go bhfuil foireann Liam Sheedy ag feabhsú ag an am ceart agus is cinnte go dtugann an bua iontach a bhí ag an bhfoireann faoi 21 le déanaí a thuilleadh spreagtha dóibh agus cúigear de na leaids sinsir ag imirt an oíche sin.

Bhi an t-ádh dearg orthu i gcoinne na Gaillimhe ach is cinnte gur fhoghlaim an bhainistíocht cúpla ceacht an lá sin. I mo thuairim is fear lár páirce iontach Shane McGrath agus caithfidh siad é a imirt ansin in éineacht le Brendan Maher. N'fheadar an bhfuil Séamus Callinan chomh maith agus a bhí sé anuraidh. Cé go bhfuair sé cúl iontach ní dóigh liom gur leag se lámh ar an sliotar sa dara leath. Caithfidh sé oibriú i bhfad níos déine má fhaigheann se áit tosnaithe ar an nDomhnach.

Ach tá líne lántosach acu atá thar a bheith dainséarach. Bhí ionadh orm nuair a tógadh Noel McGrath den bpáirc sa chluiche deireanach mar i mo thuairim is imreoir speisialta é agus cheapas go raibh sé ag déanamh maith go leor . Tá fhios againn go léir cad is féidir le Lar Corbett agus Eoin Kelly a dhéanamh má thugann cúlaithe na nDéise spás dóibh.

Tá mé ag súil le cluiche iontach. Níl mórán idir na foirne ach is dóigh liom go mbeidh laethanta eile ag teastáil ón bPaorach an bhliain seo chugainn agus go mbeidh seans eile ag Tiobraid Árann díoltas a imirt ar fhoireann iontach na gCat ag tosach Mheán Fómhair.

Beir Bua.


# Ar mhaith leat bheith i do bhainisteoir?



**Gráinne McElwain**

Tá go leor cainte faoi láthair thall i bpríomhroinn sacair Shasana faoi imreoirí ag aistriú ó chlub amháin go club eile agus an spriocdháta don aistriú seo ag druidim linn go luath. Cinnte, tá an chúlchaint chéanna ag tarlú anseo in Éirinn faoi bhainisteoirí agus postanna á bhfógairt i gcontaetha áirithe faoi láthair. I láthair na huaire tá sé chontae ag cuartú bainisteoir nua: Laois, Maigh Eo, an Cabhán, Fear Manach, Doire agus Gaillimh.

D'éirigh Joe Kernan as mar bhainisteoir na Gaillimhe le déanaí mar gheall gur mhothaigh sé nach raibh sé ag fáil na tacaíochta cirte ó bhord an chontae maidir lena fhoireann bhainistíochta. Dúirt Bord an Chontae nach raibh an t-airgead acu chun íoc as beirt eile a bhí ag teastáil ó Joe ó thuaidh ach tá sé dochreidte ar bhealach nár smaoinigh aon duine faoina thionchar sin agus Gaillimh ag cuartú a gceathrú bainisteoir taobh istigh de chúig bliana anois.



Joe Kernan

Má fhéachann tú ar na foirne atá tar éis cruthú go maith le seacht mbliana anuas, is é sin Ciarraí agus Tír Eoghain, feictear seasmhacht ó thaobh na mbainisteoirí de. Seo an dara huair ag Jack O'Connor le foireann Chiarraí agus bhí Mickey Harte ag obair le himreoirí Thír Eoghain faoi aois agus tá sé i gceannas ar an bhfoireann sinsir ó 2002 i leith. B'fhéidir gur fiú a lua fosta gur as na contaetha iad féin na bainisteoirí seo agus mar sin tuigeann siad bród agus paisean an chontae. Ní dóigh liom gur tugadh seans ceart do Joe Kernan i nGaillimh ach níl mise i gceannas chiste an airgid.

Ach ní hionann sin is a rá go mbeidh torthaí níos fearr agat mar gur as an chontae tú. Níor oibrigh bainisteoir dúchasach do Mhaigh Eo ach an oiread. Bhuaigh John O'Mahony dhá Chraobh na hÉireann le Gaillimh ach bhí tréimhse an-díomách ag Maigh Eo faoina stiúir. Is é an fhadhb atá ag Maigh Eo ná go gceapann roinnt lucht tacaíochta agus imreoirí go bhfuil siad níos fearr ná mar atá siad. Níl Craobh na hÉireann buaite acu ó 1951 agus dúirt imreoir an chontae Alan Dillon go háirithe go mba chóir fiosrúcháin agus anailís a dhéanamh ar struchtúr peile an chontae agus cad a tharla dóibh i mbliana. Níl tada cloiste againn ó shin ach chuideodh sé sin go mór le todhchaí agus meon na peile sa chontae amach anseo.

Ní raibh bliain ró-mhaith ag an Chabhán ach an oiread. Chaill siad in aghaidh Fhear Manach i gCraobh Uladh agus tá siad fós i roinn a trí den tSraith don bhliain seo chugainn. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil fadhb smachta ann agus bhí sé sin le feiceáil go géar in aghaidh Chill Mhantáin agus Chorcaí sna babhtaí cáilithe nuair a cuireadh imreoirí den pháirc. Tá "Pillar" Caffrey, iar-bhainisteoir Bhaile Átha Cliath, luaite leis an phost ach tá an Cabhán ag iarraidh go bhfaighidh siad an duine ceart agus níl deifir ar bith orthu duine a fháil go fóill.

Níor chuidigh sé le Damian Cassidy i nDoire gur fhág Paddy Bradley an painéal leathbhealach fríd an Chraobh agus mar gheall ar dhrochthorthaí sa Chraobh agus sa tSraith, d'éirigh Seán Dempsey ó Laois agus Malachy O'Rourke ó Fhear Manach as a bpostanna.

Mar sin, má tá spéis agat sa phosttá ganntanas ann do dhuine a bheidh ábalta plé le Bord an Chontae, na himreoirí is fearr a mhealladh don chontae agus iad a choinneáil sásta, dul chun cinn tapaidh a dhéanamh agus ar ndóigh torthaí maithe a fháil.

Mar fhocal scoir, tá "Banty" McEnaney sásta bliain amháin eile a dhéanamh le Muineachán. Tá sárobair déanta aige leis na himreoirí seo le sé bliana anuas agus chuir sé isteach go mór air agus ar a fhoireann bhainistíochta nár imir siad go maith in aghaidh Thír Eoghain i gCluiche Ceannais Uladh i mbliana. Seans eile mar sin do Mhuineachán an bhliain seo chugainn? Tá an chaint tosaithe cheana féin agus níl an Chraobh seo thart fós!

# Coimhlint idir dhá threibh



Gráinne McElwain

Thaispeáin na Cait an deireadh seachtaine seo caite nach mbeidh sé éasca iad a stopadh agus iad ag sodar i dtreo an cúigiú craobh as a chéile. Bhí siad an-snasta, láidir agus cumasach in aghaidh Chorcaí ach is buille mór cinnte dóibh é nach mbeidh an rí é féin Henry Shefflin ábalta imirt i gCluiche Ceannais na hÉireann.

Tá cuma an-dona ar an scéal dó le drochghortú glúine (ballnasc croiseach) ag cur as dó agus cé gur mhaith linn é a fheiceáil ag imirt agus go dtógfadh sé a áit i stair na iomána, ní chuireann mothúcháin isteach ar Bhrian Cody agus é i gceannas ar an fhoireann is fearr riamh. Muna mbíonn sé ábalta imirt, ní bheidh sé ar an fhoireann.

Ní bheidh ag seasamh sa tslí ar Chill Chainnigh tar éis an deireadh seachtaine seo ach Tiobraid Árann nó Port Láirge agus beidh Brian Cody ag coinneáil súil ghéar ar chluiche leathcheannais an Domhnaigh. Ag tús na bliana bhí go leor daoine ag rá go mbeadh Tiobraid Árann in ann an lámh in uachtar a fháil ar Chill Chainnigh i mbliana, go háirithe tar éis an-taispeántas a bhí acu ina n-aghaidh i gCluiche Ceannais na hÉireann anuraidh. Ach bíonn spórt aisteach agus ní mar a shíltear a bhítear agus sin a tharla nuair a bhuail siad le Corcaigh sa bhabhta Ceathrú Ceannais i gCraobh na Mumhan. Níor thug mórán daoine seans dá laghad do Chorcaigh ach tháinig siad amach agus rinne scrios ar Thiobraid Árann 3-15 in aghaidh 0-14.





An mbeidh Port Láirge ábalta do Thiobraid Árainn?

Go tobann bhí daoine ag tabhairt amach faoin bhfoireann agus faoin mbainisteoir Liam Sheedy. Luaigh an t-iarbhainisteoir Babs Keating cúpla rud míthrócaireach chomh maith ach d'fhan Liam Sheedy ina thost agus thosaigh sé ag tiomáint na foirne ar bhóthar nua fríd na babhtaí cáilithe. Bhuaigh Tiobraid Árann a gcluichí in aghaidh Loch Garman agus Uíbh Fhailí ach is i gCluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann in aghaidh na Gaillimhe a dhúisigh siad mar fhoireann i gceart.

Rinne Sheedy na hathruithe cearta ag an am ceart. D'úsáid sé a bhinse go maith. Tháinig Séamus Callanan isteach agus fuair sé cúl, rinne John O'Brien obair na gcapall agus d'aimsigh sé pointe agus thug Pa Bourke an pas cinniúnach do Lar Corbett chun an cúilín buacach a fháil. Ba léir ó na grianghrafanna ar fad ina dhiaidh cé chomh tábhachtach is a bhí an bua sin do Liam Sheedy.

Tá daoine ag caint faoi mheath Phort Láirge le cúpla bliain anois. Déantar tagairt i gcónaí d'aois Tony Browne atá 37 bliain d'aois ach bhí sé ina laoch do na Déisigh in aghaidh Chorcaí i gCluiche Ceannais na Mumhan. Fuair sé cúl sna bomaití deireanacha sa chéad chluiche chun lá eile a thabhairt do na Déisigh. Ba é an seanadóir eile, Dan "The Man" Shanahan, a fuair cúl i dtreo dheireadh na hathimeartha chun Craobh na Mumhan a bhuachan do Phort Láirge. Mothaítear gurb é seo an deis dheireanach ar bhealach don fhoireann iontach seo ach tá an fhoireann tar éis feabhsú faoi Davy Fitzgearld ó chaill siad go dona in aghaidh Chill Chainnigh i gCluiche Ceannais na hÉireann in 2008.

D'oibrigh siad go fíorchrua in aghaidh Chorcaí agus thaispeáin siad carachtar chun teacht ar ais sa dá chluiche. Tá siad ag cosaint i bhfad níos fearr ná mar a bhí agus tá sin le feiceáil aon uair a fhaigheann imreoir an fhreasúra an liathróid.

Tagann na himreoirí go léir ar ais ag cosaint. Seo tréith thábhachtach a bhaineann le Port Láirge i mbliana ach an bhfuil siad ag brath an bharraíocht ar John Mullane chun na scóranna a fháil i gcónaí? Ar an láimh eile, tá tosaithe den scoth ag Tiobraid Árann ach an bhfaighidh siad an spás ceart chun scóráil?

Bí cinnte go mbeidh go leor pleananna ar bun ag an mbeirt bhainisteoir. Is iad Tiobraid Árann a bheidh mar rogha na n-údar ach ní dóigh liom go mbeidh mórán idir na foirne. Tá dabht faoi Eoin Kelly le gortú droma do Thiobraid Árann ach ba chóir go mbeadh sé i gceart. Níl Pat Kerwick ná Séamus Henessy ar fáil mar gheall ar ghortuithe.

**Dé Domhnaigh 15ú Lúnasa**
**Port Láirge v Tiobraid Árann**
**Cluiche Leathcheannais Iomána na hÉireann**
**Páirc an Chrócaigh @ 3.30i.n.**

# Na Cluichí Crua ag tosnú anois

**Gráinne McElwain**

ANOIS, tosóidh an comórtas mar is ceart leis na foirne is láidre fágtha sa chomórtas. Bhí bua furasta ag Tír Eoghain agus Laois an Satharn seo caite i mbabhta a dó de na babhtaí cáilithe agus tháinig Ciarraí agus an Clár fríd go compordach chomh maith ar an Domhnach.

Rinneadh an tarraingt san oíche Dé Domhnaigh do na babhtaí Ceathrú Ceannais agus fuair Tír Eoghain an tarraingt ba dheacra, mar caithfidh siad imirt in aghaidh Sheaimpíní na hÉireann Corcaigh agus beidh Laois i gcoinne Sheaimpíní Uladh, Muineachán. An deireadh seachtaine seo beidh na cluichí ceathrú ceannais eile idir Ciarraí agus Gaillimh agus idir an Clár agus Baile Átha Cliath beo ar TG4. Bhí bua mór ag Ciarraí ó thaobh na síceolaíochta de in aghaidh Mhaigh Eo cúpla seachtain ó shin ach seo deis mhaith anois acu an lámh in uachtar a fháil ar Ghaillimh. Bhí buanna éasca ag Gaillimh i gCraobh Chonnacht in aghaidh Liatroma agus rinne siad slad ar Shligeach i gCluiche Ceannais Chonnacht. Tá imreoirí maithe ag Ciarraí ar nós Louise Ní Mhuircheartaigh ach tá an-taithí ag Gaillimh le leithéidí Lorna Joyce, Patricia Gleeson, Aoibheann Daly agus Úna Carroll ag imirt leo agus sílim go mbeidh an-bharraíocht cumhachta ag Gaillimh an Satharn seo. Cé gur dícahilleadh Baile Átha Cliath go Roinn a dó sa tsraith, tá pointe le cruthú acu i mbliana. Bhí an-deis acu anuraidh Corcaigh a stopadh nuair a bhí siad sa tóir ar Chraobh na hÉireann den chúigiú bliain as a chéile ach níor thapaigh siad an deis sin. Níor imir siad sa chomórtas Craoibhe le beagnach mí anois ach feicfidh muid an bhfuil an t-ocras céanna orthu. Ba chóir go mbeadh siad níos láidre ná an Clár.

**Dé Sathairn 14ú Lúnasa**
**Ciarraí v Gaillimh @ 4.15i.n.**
**An Clár v Baile Átha Cliath @ 6.00i.n.**
**Cluichí Ceathrú Ceannais na hÉireann, Beannchar, Uíbh Fhailí**





Lorna Joyce i mbun aicsin le Gaillimh

SPÓRT
Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**
Gaelscéal
● 13.08.2010




# "Beidh dóchas ag roinnt foirne": Michael Owen

**Cillian Ó Conchúir**

Deirtear gur olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin. Dhá bhliain déag tar éis dó an cúl órga sin a scóráil i gcoinne na hAirgintíne sa Chorn Domhanda, is léir go bhfuil athbheochan tagtha ar Michael Owen agus é ag tosú ar an dara séasúr aige le Manchain Aontaithe. Is fada uaidh an imirt a ghnóthaigh 118 cúl le Liverpool.

Tá súil ag Owen go bhfuil gortuithe agus an drocham a bhí aige le Newcastle agus Real Madrid taobh thiar de. Anois, an féidir le Owen na drochlaethanta a chur ar gcúl agus dul i gcion orainn agus an geansaí céanna air agus a chaith George Best, Eric Cantona, David Beckham agus Christiano Ronaldo?

"Gan amhras, bhí sé go maith imirt (an Chéadaoin seo caite) den chéad uair ceart tar éis an ghortaithe," a dúirt sé le Gaelscéal. "Is cuma liom cé tú féin, má tá tú gortaithe le tamall, tá sé go deas do chéad chluiche a chur díot. Is féidir leat bheith ag traenáil de shíor ach is comhartha é an imirt féin ar conas atá ag éirí leat. Bhí mé thar a bheith sásta cúl a fháil (in aghaidh Airtricity XI). Mothaím géarintinneach, aclaí agus láidir. Caithfidh mé cur leis seo." D'imir Owen 45 nóiméad in aghaidh Airtricity XI agus sa chluiche Community Shield in aghaidh Chelsea ar an Domhnach. Sa dá chluiche léirigh sé spleodar in amanna agus anois tá sé san iomaíocht chun áit a bhaint amach sa chéad 11 in aghaidh a sheanchlub, Newcastle. "Braitheann sé ar na toscaí," a deir sé.

"Ní clú dá laghad agat cad atá chun tarlú. Bhí Wayne gan locht an séasúr uilig; ní bhfuair sé gortú ar bith go dtí an cúpla cluiche deireanach anuraidh. Bhí mise gortaithe chomh maith. Sin a tharla i Maidrid chomh maith. "Bhí gach imreoir aclaí an séasúr uilig ach nuair a d'imigh mé an séasúr dar gcionn bhí gach éinne gortaithe agus bhí fir lár páirce ag imirt chun tosaigh. Sin mar a tharlaíonn, ach tá súil agam go mbeidh gach duine aclaí i mbliana.

Má chiallaíonn sé sin go bhfuilim ar an mbinse, agus go dtagaim ar an bpáirc mar fhear ionaid, caithfidh mé an deis a thapú." Níl Manchain Aontaithe tar éis mórán aistrithe a dhéanamh an Samhradh seo ach creideann Owen go léiríonn sé sin láidreacht na foirne.

"D'fhéadfá féachaint ar an ngantanas imreoirí a cheannaigh muid agus a rá go bhfuil foireann mhaith againn, foireann óg atá ag dul ó neart go neart. "Táim tar éis traenáil le Javier Hernández (Chicharito) agus tá sé tar éis roinnt cúl a scóráil sa Chorn Domhanda agus roimh thús an tséasúir. Cabhróidh sé sin leis bheith níos compordaí san fhoireann agus tá súil agam go mbeidh sé thart ar feadh na mblianta. I dtaobh Wayne Rooney, bhuel, níl aon amhras faoina chumas agus faoin méid a bheidh le tabhairt aige do United leis na blianta atá amach romhainn."

Agus cad faoi Manchester City agus na foirne eile atá ag smaoineamh ar áit a bhaint amach sa chéad cheathrar nó an Phríomhroinn a bhuachan? Beidh dóchas ag roinnt foirne, Manchester City toisc gur chaith siad na milliúin. Tá sé deacair a rá cén tslí a rachaidh siad. Bhí séasúr iontach ag Tottenham anuraidh. Gan amhras níl mórán airgid caite againn féin ná ag Chelsea ach beidh na foirne céanna ann."